DEISEANNA DO CHÁCH

An leabharlann phoiblí mar chatalaíoch le haghaidh forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha

STRAITÉIS DO LEABHARLANNA POIBLÍ 2013-2017

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach
County and City Managers' Association

LGMA

© An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil 2013

ISBN: 978-0-9927947-0-5
Deiseanna do Chách: An leabharlann phoiblí mar chatalaíoch le haghaidh forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha
Straitéis do Leabharlanna Poiblí 2013-2017

Arna fhoilsiú ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath 2013

Atáirgeadh na grianghraif clúdach le caoinchead
(Ó chlé go deas)
Leabharlann an Mhuilinn gCearr: Comhairle Contae na hIarmhí
Lár-Leabharlann Johnston: Comhairle Contae an Chabháin
Leabharlann Lios Tuathail: Comhairle Contae Chiarraí
Leabharlann Gráinseach an Déin: Dónal Murphy Photography
Leabharlann na Tulaí Móire: Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Leabharlann shoghluaiste: Comhairle Contae Ros Comáin
Leabharlann Ard Caoin: Comhairle Cathrach Phort Láirge

CLÁR ÁBHAR

1.	**Réamhrá**	**2**
2.	**Achoimre Fheidhmeach**	**4**
3.	**Cúlra agus comhthéacs: Fiúntas straitéise náisiúnta**	**10**
4.	**An gá atá ag pobail le leabharlann agus conas a chabhraíonn leabharlanna**	**19**
5.	**Leabharlanna Poiblí. Straitéis chúig bliana 2013-2017**	**33**
	i. Spás Fisiciúil agus Soláthar Seirbhíse	35
	ii. Scileanna Foghlama agus Fiontar	37
	iii. An Cultúr agus an Pobal	39
	iv. An Leabharlann Fhíorúil	40
	v. Forbairt Lucht Saothair	42
	vi. Comhoibriú, Comhpháirtíocht agus Cur chun Cinn	43
	vii. Taighde agus Nuálaíocht	45

Aguisíní

1.	Comhairliúcháin	47
2.	An todhchaí agus an domhan mórthimpeall	68
3.	An áit atá bainte amach ag leabharlanna inniu: anailís SWOT	78
4.	Clár Caipitiúil na Leabharlann: Rannpháirtíocht níos fairsinge leis an gCreatlach Uirbeach agus le Forbairt Gheilleagrach	84
5.	Taithí Idirnáisiúnta: pleanáil straitéiseach leabharlann poiblí i dtíortha eile	86
6.	Taithí Idirnáisiúnta: Scileanna an lucht saothair nua-aimseartha Leabharlainne agus Faisnéise	97
7.	Liosta Bhaill na gCoistí	104
8.	Tagairtí	105
9.	Buíochas	109

1. RÉAMHRÁ

Tá ról ríthábhachtach ag leabharlanna poiblí i saol daoine aonair agus sna pobail ina gcónaíonn siad. Ar feadh na nglúnta, bhí an leabharlann áitiúil mar uirlis chun eolas, smaointe agus faisnéis a rochtain agus mar sheirbhís dhaonlathach a bhí oscailte agus ar fáil do chách. Is gné aitheanta den cheantar áitiúil í an leabharlann phoiblí a bhfuil muinín ag daoine aisti, ach is sócmhainn agus líonra náisiúnta den scoth í freisin, agus 336 brainse i ngach cuid den tír.

Léiríodh i straitéisí mo Roinne maidir le leabharlanna poiblí Branching Out le deich mbliana anuas an luach agus an gá atá le dearcadh straitéiseach maidir leis an tseirbhís leabharlainne poiblí a fhorbairt. Leis na forbairtí a baineadh amach le linn na straitéise Branching Out le foirgnimh leabharlainne nua feabhsaithe, uaireanta oscailte, stoc, TFC, foirne agus oiliúint foirne, cuireadh bonnchloch dhaingean ar fáil le haghaidh plean nua idir 2013 agus 2017. Táim ríméadach gur comhthionscnamh í an straitéis nua seo de chuid mo Roinne, Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach agus na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil. Tá sé tábhachtach go n-oibreoimis le chéile anois lena chinntiú go gcuirfear an straitéis seo i bhfeidhm go hiomlán agus chun an raon acmhainní a bheidh ar fáil do chách laistigh de líonra na leabharlainne poiblí a shaothrú ar an mbealach is fearr.

Forbraíodh an straitéis i dtréimhse sách dúshlánach, ar bhonn eacnamaíoch agus sóisialta. Tá leabharlanna poiblí na hÉireann, líonra acmhainní náisiúnta, go fisiciúil agus ar líne, in ann fás geilleagrach, cobhsaíocht agus comhtháthú pobail a chur chun cinn. Tabharfaidh an straitéis seasamh lárnach do leabharlanna i bpobail áitiúla, ag cur raon leathan seirbhísí ar fáil ar bhealach níos éifeachtaí chun freastal ar speictream éagsúil de riachtanais daoine i gcúrsaí faisnéise, foghlama, litearthachta, scileanna fostaíochta, gnó agus caitheamh aimsire.

I gcomhthéacs an chláir don rialtas áitiúil, Tús Áite do Dhaoine (Putting People First), tá údaráis áitiúla á gcur féin in oiriúint chun freastal ar na héilimh nua. Tugann an ról atá ag an tseirbhís leabharlainne laistigh den údarás áitiúil deis shuntasach le haghaidh feidhmeanna nua neartaithe i ról athraithe an rialtais áitiúil. Leagtar amach clár uaillmhianach chuige sin sa straitéis seo ionas go mbeidh leabharlanna poiblí mar aghaidh phoiblí an rialtais áitiúil sa phobal. Táim muiníneach go gcuirfidh bainistíocht agus foireann na leabharlann poiblí fáilte roimh an deis chun róil nua a ghlacadh agus cinn reatha a láidriú.

Cuirfidh an straitéis le cultúr reatha an chomhoibrithe i leabharlanna poiblí, ina ndéanfar iniúchadh ar gach deis chun cleachtais agus struchtúir seirbhíse comhroinnte a fhorbairt agus a leathnú, ag teacht le beartas an Rialtais. Chuige sin, beidh an tseirbhís leabharlainne poiblí mar cheannródaí don rialtas áitiúil.

Cuirim fáilte roimh an gclár forásach seo do na cúig bliana seo amach romhainn, ina bhfeicfear gníomh comhbheartaithe thar ceann na leabharlann poiblí d'fhonn an seasamh atá acu sa phobal áitiúil a neartú agus a leathnú, sa rialtas áitiúil agus go náisiúnta.

Mo bhuíochas do gach duine a chuidigh le forbairt an doiciméid beartais seo.

Phil Hogan, T.D.
An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

2. ACHOIMRE FHEIDHMEACH

An Comhthéacs Náisiúnta

Leagtar amach sa straitéis chúig bliana seo cur chuige uaillmhianach do thodhchaí na seirbhíse leabharlainne poiblí in Éirinn. Ar aon dul le beartas náisiúnta agus áitiúil rialtais, tá bearta nuálaíocha beartaithe ag an straitéis chun bainistiú a dhéanamh ar acmhainní reatha níos éifeachtúla, d'fhonn leanúint le seirbhís leabharlainne a fhorbairt agus a sheachadadh a fhreastalaíonn ar riachtanais faisnéise, foghlama agus chultúrtha daoine aonair agus pobal, agus amhlaidh á dhéanamh, cuireann sé le téarnamh geilleagrach agus sóisialta agus le feabhsú cultúrtha.

Is ionann an leanas próifíl reatha na seirbhíse leabharlainne poiblí, de réir na staitisticí[1] is déanaí:

- Cuireann leabharlanna poiblí réimse fairsing seirbhísí ar fáil, idir sheirbhísí fisiciúla agus fíorúla, lena n-áirítear ábhar cló agus digiteach iasachta, comhairle ar fhorbairt léitheora, rochtain tacaíocht ar an idirlíon agus tacaíocht idirlín, acmhainní agus comhairle faisnéise agus thagartha, gníomhaíochtaí foghlama agus ríomhfhoglama, tacaíocht litearthachta, cur chun cinn cultúrtha agus forbairt pobail.
- Tugtar 17 milliún cuairt ar leabharlanna poiblí gach bliain.
- Tugtar 19.3 milliún leabhar, closleabhair, CD agus DVD ar iasacht ó leabharlanna poiblí gach bliain.
- Leabhair neamhfhicsin iad 41% de líon na leabhar a thógann daoine fásta ar iasacht.
- Cuirtear 1.9 milliún seisiún idirlín ar fáil ar 2,100 ríomhaire ag a bhfuil rochtain ar an idirlíon agus trí Wifi saor in aisce.
- Tá 336 leabharlann bhrainse agus 31.5 leabharlann shoghluaiste ann[2].
- Chaith Údaráis Áitiúla €131.6 milliún ar sheirbhísí leabharlainne in 2011.
- Chaith Údaráis Áitiúla €9 milliún ar stoc in 2011, arb ionann seo agus €1.97 ar an meán in aghaidh an duine.
- Tá leabharlanna poiblí in Éirinn á reáchtáil ag 32 údarás leabharlainne ar leith.

Tá athrú suntasach ag teacht ar shochaí na hÉireann. Cuireadh i gcuntas an líon ab airde breitheanna riamh in Éirinn in 2009 i mbliain amháin, agus ag an tráth céanna, tháinig borradh 14.4% ar an aoisghrúpa 65 bliain agus níos sine sna cúig bliana a fhad le 2011. Meastar go leanfaidh na treochtaí seo agus go dtiocfaidh méadú orthu fiú[3].

Cé gur tháinig feabhas ar leibhéil litearthachta i measc daoine fásta in Éirinn le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an ngá geilleagrach agus sóisialta atá le scileanna litearthachta agus le litearthacht faisnéise, ach go háirithe, sa ré dhigiteach. Sa suirbhé PIAAC[4] is déanaí a rinne an OECD, cuireadh i gcuntas nach bhfuil na bunscileanna litearthachta[5] ag 17.9% de dhaoine fásta in Éirinn agus fágann

[1] Forbairt Leabharlann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, 2013
[2] Seirbhís leabharlainne soghluaiste trasteorann a chomhroinnte idir Dún na nGall agus réigiúin larthar Thír Eoghain/Dhoire.
[3] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011 www.cso.ie/census
[4] Clár um Measúnú Inniúlachtaí Idirnáisiúnta Daoine Fásta ('Programme for the International Assessment of Adult Competencies')
[5] Cuirtear seo i gcomparáid le 22% i dtorthaí an tSuirbhé deiridh Idirnáisiúnta ar Litearthacht Daoine Fásta (IALS) i 1997 - NALA: www.nala.ie

seo Éire sa 17ú háit as na 24 tír rannpháirteach[6]. Tugann an suirbhé céanna le fios nach bhfuil na bunscileanna uimhearthachta ag 25.6% de dhaoine fásta in Éirinn agus fágann seo Éire sa 19ú háit as na 24 tír rannpháirteach. Dheimhnigh Suirbhé 2009 le haghaidh Measúnú Idirnáisiúnta ar Mhic Léinn (PISA) de chuid an OECD go meastar go bhfuil mac léinn as gach seisear ar bheagán scileanna léitheoireachta.

Ina theannta sin, bhí tionchar suntasach ag an ngéarthitim ar leibhéil fostaíochta ar shochaí na hÉireann. In 2012, bhí an ráta dífhostaíochta sa tír i measc ceann de na cinn ab airde i measc bhallstáit an AE[7].

An Cúlra Straitéiseach le Leabharlanna Poiblí

Is é Acht na Leabharlann Poiblí, Éire, 1855 an bhunchloch dhlíthiúil don líonra leabharlann poiblí in Éirinn agus ba é tús na seirbhíse mar fheidhm údarás áitiúil. Ón tráth sin i leith, ba leanúnach do phróiseas monatóireachta agus athbhreithnithe na seirbhíse, agus tháinig ról monatóireachta agus forfheidhmithe náisiúnta reachtaíocht na leabharlann faoi shainchúram na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn).

I 1998, d'fhoilsigh an Roinn *Branching Out: A New Public Library Service*, chéad phlean straitéiseach na seirbhíse leabharlainne poiblí ar leibhéal náisiúnta. Bhí *Branching Out: A New Public Library Service* ar siúl ó 1998 go dtí 2007 agus lean *Branching Out – Future Directions* é ó 2008-2012. Rinne na straitéisí *Branching Out* agus na cláir chistithe chaipitiúil foirgnimh fheabhsaithe, uaireanta níos faide oscailte, TFC, stoc, soláthar foirne agus oiliúint foirne a sholáthar. Sholáthair siad an mheicníocht do chomhoibriú páirtithe leasmhara chun fís ar a ndéantar comhaontú aonfhoirmiúil a fhíorú le haghaidh leabharlanna poiblí agus d'fhorbairt agus d'fheabhsú pleanáilte agus comhordaithe na seirbhíse.

Teastaíonn forbairt straitéis nua leabharlann poiblí a thiocfaidh in ionad *Branching Out* agus a rachaidh i ngleic le príomhnithe tiomána beartas rialtais, lena n-áirítear seirbhísí comhroinnte, borradh agus cobhsaíocht gheilleagrach agus príomhacht dhigiteach chun creatlach a bhaint amach don todhchaí.

Straitéis Chúig Bliana na Leabharlann Poiblí 2013-2017

Forbraíodh an straitéis seo faoi threoir Choiste Forbartha na Straitéise Leabharlann Poiblí 2013-2017, ar grúpa stiúrtha iad a bhunaigh an Coiste Forbartha Leabharlann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil (an LGMA) (féach Aguisín 7).

Áiríodh leis an bpróiseas comhairliúcháin, comhairliúchán foirmiúil poiblí, lucht náisiúnta agus áitiúil déanta beartas, plé le grúpaí fairsinge fócais, bainistíocht leabharlann poiblí, ranna rialtais, comhlachtaí poiblí agus údaráis leabharlainne idirnáisiúnta.

[6] PIACC 2012 http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/education/2012/piaac2012.pdf
[7] Teichgraber, Martin. Eurostat Statistics in Focus: population and social conditions. 2012 http://epp.eurostat.ec.europa.eu/cache/ITY_OFFPUB/KS-SF-12-040/EN/KS-SF-12-040-EN.PDF

Beartas agus Cuspóir Straitéiseach

Seo a leanas trí théama uileghabhálacha beartais ó chreatlach na straitéise:

1. **Geilleagrach**: Oibreoidh líonra leabharlann poiblí na hÉireann as lámh chlár an rialtais chun athbheochan gheilleagrach agus cobhsaíocht na hÉireann amach anseo a chur chun cinn trí fhaisnéis, foghlaim, scileanna agus cruthaitheacht a sholáthar trí fhoireann náisiúnta gairmithe faisnéise, a dhéanann rochtain ar fhaisnéis, smaointe agus eolas ardchaighdeáin a threorú.
   Sóisialta: Cruthóidh leabharlanna poiblí na hÉireann féinfhiúntas aonair, folláine an phobail, comhtháthú pobail, féiniúlacht agus muinín trí rochtain fhisiciúil agus fhíorúil araon a threorú ar fhaisnéis phoiblí, phobail agus rialtais agus trí fheidhmiú mar áit áitiúil agus fhíorúil tionóil an phobail agus do chách.
   Cultúrtha: Beidh leabharlanna poiblí in Éirinn ina ngníomhairí ríthábhachtacha d'fhorbairt chultúrtha agus díreofar orthu le haghaidh féiniúlacht chultúrtha sa phobal, chun an cultúr náisiúnta agus áitiúil a chaomhnú agus a chur chun cinn, chun deiseanna a sholáthar d'fhorbairt chruthaitheach agus eispéireas coiteann cultúrtha.

Fís

Cuireann leabharlanna poiblí na hÉireann comhtháthú agus folláine phoiblí, borradh geilleagrach agus féiniúlacht chultúrtha chun cinn. Cuirfidh siad feabhas ar fhéinfhiúntas agus ar fhéinmhuinín. Éascóidh leabharlanna poiblí na hÉireann foghlaim, agus soláthróidh siad faisnéis agus scileanna, mar aon le cultúr beo, sa phobal agus ar líne araon, agus beidh lucht oilte saothair ag oibriú le saoránaigh agus le comhpháirtithe, go háitiúil agus go náisiúnta.

An Straitéis a Sheachadadh

Chuaigh na príomh-chomhpháirtithe, an Roinn, Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CCMA) agus Forbairt Leabharlann, an LGMA, i gcomhairle lena chéile agus chomhaontaigh siad ar roinnt clár a dhéanann seirbhís bheoga agus ábhartha leabharlainne a sholáthar. Cuirfidh na húdaráis áitiúla an straitéis seo i bhfeidhm, le tacaíocht ón Roinn agus ó Fhorbairt Leabharlann, an LGMA.

Déanfar an straitéis seo a bhaint amach i gcomhthéacs na timpeallachta reatha geilleagraí agus nithe um chur chun cinn borrtha agus cobhsaíochta geilleagraí an Rialtais. Leagtar amach sa straitéis seo clár uaillmhianach don tseirbhís leabharlainne poiblí de chuid an údaráis áitiúil chun athrú suntasach a dhéanamh a thacóidh le beartas an Rialtais. Braitheann cur i bhfeidhm iomlán na straitéise seo ar fheidhmíocht gheilleagrach na hÉireann le linn na tréimhse.

Cláir Straitéiseacha

Is éard atá sa straitéis seo **seacht gclár gníomhaíochta:**

1. **Spás Fisiciúil agus Soláthar Seirbhíse**
2. **Scileanna, Foghlaim agus Fiontar**
3. **An Cultúr agus an Pobal**
4. **An Leabharlann Fhíorúil**
5. **Forbairt Lucht Saothair**
6. **Comhoibriú, Comhpháirtíocht agus Cur chun Cinn**
7. **Taighde agus Nuálaíocht**

Tá i ngach clár líon cuspóirí straitéiseacha mar aon le sraith gníomhartha molta. Plean uaillmhianach atá iontu d'fhorbairt agus d'fheabhsú na seirbhíse leabharlainne poiblí le linn na tréimhse 2013-2017.

Príomh-mholtaí

Faoi na seacht gclár gníomhaíochta, tá 43 cuspóir straitéiseach ann agus 68 gníomh molta ar an iomlán. Seo a leanas na príomh-mholtaí:

An Leabharlann sa Phobal

- Leanfaidh an Roinn le treoir straitéiseach agus tabharfaidh siad faoi thacaíocht airgeadais a thabhairt don Chlár Caipitiúil Foirgnimh Leabharlainne agus d'fhorbairt seirbhíse, de réir mar is féidir ag brath ar chúinsí geilleagracha.
- Déanfaidh leabharlanna poiblí fiosrú ar an gcumas chun breis cistiú a fháil trí dhaonchairdeas, fiontraíocht, comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha agus foinsí eile.

- Oibreoidh údaráis áitiúla as lámh Forbairt Leabharlann, an LGMA chun tabhairt faoi Iniúchadh Náisiúnta cuimsitheach ar Fhoirgnimh agus ar Sheirbhísí Leabharlann Poiblí d'fhonn soláthar reatha seirbhíse agus dea-chleachtas a shainaithint as a ndéanfaidh siad infheistíocht agus feabhsú náisiúnta agus áitiúil i bhfoirgnimh agus i seirbhísí leabharlainne a phleanáil.
- Leabharlanna a bheidh mar sheirbhís túslíne na n-údarás áitiúil agus is iad a bheidh chun tosaigh i rannpháirtíocht a dhéanamh leis an bpobal, ar aon dul le ról athraitheach na n-údarás áitiúil agus bheartas an Rialtais.

Seirbhísí Leabharlainne

- Déanfaidh leabharlanna poiblí breis forbartha ar róil na faisnéise, na litearthachta, na foghlama agus tacaíocht cuardaigh phoist sa phobal, anuas ar na feidhmeanna traidisiúnta: cur chun cinn, litríocht, léamh agus cultúr.

Ballraíocht Uilíoch

- Oibreoidh an Roinn le húdaráis áitiúla agus le Forbairt Leabharlann, an LGMA chun samhlacha soláthair sheirbhíse a fhiosrú i dtaobh luach ar airgead agus éifeachtachta, d'fhonn rochtain shaor a chumasú ar na croísheirbhísí faisnéise, foghlama agus cultúrtha faoi 2017.

- Déanfaidh an Roinn, i bpáirtíocht le Forbairt Leabharlann, an LGMA, fiosrú ar indéantacht mheicníocht chláraithe do bhallraíocht uilíoch leabharlainne poiblí do gach páiste a bheirtear in Éirinn.

TFC Comhroinnte

- Tiocfaidh údaráis áitiúla, le tacaíocht na Roinne agus Forbairt Leabharlann, an LGMA, le chéile ar leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta chun córas singil náisiúnta bainistíochta leabharlann a fhorbairt chun inrochtaineacht, costéifeachtúlacht, freastal agus tionchar a uasmhéadú.

- Ina theannta sin, éascóidh córas singil bainistíochta leabharlainne an méid a leanas:
    - Ballraíocht shingil amháin le haghaidh rochtain uilíoch ar gach leabharlann phoiblí agus gach seirbhís leabharlainne ar líne
    - Cumas chun seirbhísí eile náisiúnta a fhorbairt

- Forbróidh Forbairt Leabharlann, an LGMA, ag oibriú le húdaráis áitiúla agus leis an Roinn, creatlach do chaighdeáin agus treoirlínte le haghaidh TFC i leabharlanna poiblí agus déanfaidh siad coiste caighdeán náisiúnta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm bunaithe ar iniúchadh bliantúil.

Eagrú agus Seachadadh na Seirbhíse Leabharlainne

- Tabharfar faoi athbhreithniú ar struchtúir reatha eagraithe agus sholáthair sheirbhíse le bonn a leagan faoi leabharlanna poiblí níos treise, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla i gcomhthéacs leasú an rialtais áitiúil, seirbhísí comhroinnte agus deiseanna nua a chuirfidh torthaí na straitéise ar fáil.

Comhsholáthar

- Forbrófar beartas d'fháil chomhroinnte le haghaidh leabharlann, lena n-áirítear cuibhreannas náisiúnta fála d'acmhainní cló agus leictreonacha leabharlainne a dhéanann costéifeachtúlacht an chaiteachais ar acmhainní a uasmhéadú, a mhéadaíonn cumas ceannaigh agus a bhaineann amach an rogha is fearr ábhair don úsáideoir ar aon dul le beartais an rialtais.

Leabharlann Lios Tuathail, Comhairle Contae Chiarraí

3. CÚLRA AGUS COMHTHÉACS

Fiúntas leabharlainne poiblí

Is é éiteas leabharlainne poiblí chun freastal ar dhaoine agus ar an bpobal, trína láithreacht shibhialta agus trí fhaisnéis, foghlaim agus cultúr a sholáthar. Cuireann an leabharlann spás sábháilte agus daonlathach ar fáil, atá comhtháite isteach sa phobal agus atá inrochtana do chách.

Cé go n-aithnítear go fóill gurb é ábhair léitheoireachta a thabhairt ar iasacht bunseirbhís na seirbhíse, cuimsíonn scóip na leabharlainne poiblí réimse gníomhaíochtaí, lena n-áirítear an méid a leanas: gníomhú mar ionad cumarsáide, faisnéise agus tionóil; tairseach a chur ar fáil don eolas agus don fhaisnéis; rochtain a sholáthar ar dhomhan na cruthaitheachta agus na samhlaíochta mar aon le cultúr agus oidhreacht agus cuimhne chultúrtha phobal agus na sochaí i gcoiteann a thaispeáint. Tacaíonn agus cothaíonn an leabharlann phoiblí gné an chultúir Éireannaigh a léiríonn agus chuireann rochtain ar fáil don phobal ar gach gné den litríocht, an Ghaeilge, ceol, na healaíona, damhsa agus téatar.

Sonraítear foinse na seirbhíse leabharlainne poiblí in Acht na Leabharlann Poiblí, 1855, a chuir ar chumas na n-údarás áitiúil den chéad uair chun ráta a ghearradh ar sheirbhísí leabharlainne poiblí a sholáthar. Cruthaíonn an reachtaíocht reatha a rialaíonn leabharlanna poiblí cuid den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Léirítear fiúntas na seirbhíse leabharlainne poiblí do mhuintir na hÉireann i dtorthaí an tsuirbhé ar sheirbhísí leabharlainne poiblí a choimisiúnaigh Iontaobhas Carnegie na RA in 2012. Tugadh faoin suirbhé i gcúig dhlínse : Sasana, an Bhreatain Bheag, Albain, Tuaisceart Éireann agus Poblacht na hÉireann. Maidir le tábhacht na leabharlann poiblí, léiríonn na sonraí, ar an iomlán, gur bhain 'an-tábhacht' nó 'rí-thábhacht' le leabharlanna le haghaidh pobal i measc trí cheathrú (79%) díobh siúd a chaith vóta in Éirinn. Ba é seo an figiúr ab airde ó na cúig dhlínse[8]. Ar an gcuma chéanna, tugadh chun solais tábhacht na leabharlann poiblí sa suirbhé ar *Ireland's Vital Signs 2013*, nuair a bhain 'leabharlanna agus léamh' an cúigiú háit amach as 119 rogha a bhraith an pobal gur bhain tábhacht leo[9].

Is ionann an leanas próifíl reatha na seirbhíse leabharlainne poiblí, de réir na staitisticí[10] is déanaí:

- Cuireann leabharlanna poiblí réimse fairsing seirbhísí ar fáil, idir sheirbhísí fisiciúla agus fíorúla, lena n-áirítear ábhar cló agus digiteach iasachta, comhairle ar fhorbairt léitheora, rochtain tacaíocht ar an idirlíon agus tacaíocht idirlín, acmhainní agus comhairle faisnéise agus thagartha, gníomhaíochtaí foghlama agus ríomhfhoglama, tacaíocht litearthachta, cur chun cinn cultúrtha agus forbairt pobail.
- Tugtar 17 milliún cuairt ar leabharlanna poiblí gach bliain.
- Tugtar 19.3 milliún leabhar, closleabhair, CD agus DVD ar iasacht ó leabharlanna poiblí gach bliain.
- Leabhair neamhfhicsin iad 41% de líon na leabhar a thógann daoine fásta ar iasacht.
- Cuirtear 1.9 milliún seisiún idirlín ar fáil ar 2,100 ríomhaire ag a bhfuil rochtain ar an idirlíon agus trí Wifi saor in aisce.
- Tá 336 leabharlann bhrainse agus 31.5 leabharlann shoghluaiste ann.[11]

---

[8] Iontaobhas Carnegie na RA. *A New Chapter: Public library services in the 21st century.* Bealtaine 2012. http://www.carnegieuktrust.org.uk/getattachment/b04629b2-aa09-4bd0-bc3a-9b9b04b7aba1/A-New-Chapter.aspx

[9] Cullen, R. 2013. *Ireland's Vital Signs 2013: Extended Edition*. An Fhondúireacht Phobail d'Éirinn http://www.foundation.ie/images/uploads/file/reports/VitalSigns-Extended-Report.pdf

[10] Forbairt Leabharlann, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil, 2013

[11] Seirbhís leabharlainne soghluaiste trasteorann a chomhroinnte idir Dún na nGall agus réigiúin Iarthar Thír Eoghain/Dhoire.

- Chaith Údaráis Áitiúla €131.6 milliún ar sheirbhísí leabharlainne in 2011.
- Chaith Údaráis Áitiúla €9 milliún ar stoc in 2011, arb ionann seo agus €1.97 ar an meán in aghaidh an duine.
- Tá leabharlanna poiblí in Éirinn á reáchtáil ag 32 údarás leabharlainne ar leith.

An Chomhairle Leabharlanna

Bunaíodh an Chomhairle Leabharlanna, faoin Acht Leabharlanna Poiblí, 1947. Ghlac an comhlacht nua seo ceannas ar fheidhmeanna Iontaobhas Carnegie na RA agus Lár-Leabharlann Mhic Léinn na hÉireann. Ba iad na príomhfheidhmeanna a bhí acu chun cabhrú le húdaráis áitiúla chun seirbhísí leabharlainne a fhorbairt, agus chun comhairle a chur ar an Aire maidir leis an tseirbhís leabharlainne poiblí.

Bhí an cruinniú tionscnaimh ar siúl an 12 Bealtaine 1948.

I measc fheidhmeanna na Comhairle, faoi mar a leagtar amach iad san Acht Rialtais Áitiúil, 2001, bhí:

- Comhairle, cúnamh agus seirbhísí a sholáthair d'údaráis leabharlainne maidir leis an tseirbhís leabharlainne poiblí

- Na moltaí siúd a dhéanamh don Aire [an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil] agus na seirbhísí siúd a sholáthar don Aire i dtaca le seirbhís leabharlainne poiblí a iarrfaidh an tAire nó a mheasann an Chomhairle is cuí

- Gníomhaíocht chun comhoibriú leabharlainne a chur chun cinn agus a éascú

- Cothabháil agus oibriú lár-leabharlainne arna bunú faoi alt 2 d'Acht 1947

Díscaoileadh an Chomhairle Leabharlann an 31 Deireadh Fómhair, 2012 agus aistríodh a gcuid feidhmeanna go dtí Forbairt Leabharlann, roinn nua den LGMA.

Leabharlann Thobair an Choire, Comhairle Contae Shligigh

Cláir náisiúnta cheannaireachta agus leabharlainne poiblí

Rinne an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (an Roinn) athbhreithniú leanúnach ar sheirbhís leabharlainne na hÉireann ar leibhéal náisiúnta mar chuid dá bhfeidhm le maoirsiú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta leanúnaí leabharlainne poiblí.

D'eascair an Scéim Deontais Leabharlann Poiblí as athbhreithnithe na 1950idí, ar chuir an tAire Rialtais Áitiúil tús léi i 1961. Sholáthair seo fóirdheontas 50% ar iasachtaí a thiomsaigh údaráis áitiúla chun leabharlanna nua poiblí a chistiú. Cuireadh cúnamh deontais ar fáil ar bhonn cás ar chás, seachas cuid de chlár straitéiseach beartaithe a chruthú. Is éard a d'eascair as seo glacadh neamhchothrom cúnamh deontais agus forbairt neamh-chomhsheasmhach seirbhís leabharlainne ar fud na tíre. Mar thoradh air sin, nuair a chuir an tAire tús leis an gcéad athbhreithniú eile i 1985-6, tugadh faoi deara go ndearnadh feabhsú suntasach sa tseirbhís ó tugadh isteach cistiú i 1961. B'ann d'íseal-leibhéal mí-úsáide a d'eascair ó easpa tiomantas náisiúnta don tseirbhís agus easpa tuiscint shoiléir ar céard is seirbhís nua-aimseartha leabharlainne ann, agus go háirithe, an fheidhm atá aici i réimse na faisnéise[12].

I 1988, d'fhógair an Roinn an Clár Deontais Chaipitiúil Leabharlann Poiblí, a sholáthair a mhéid le cúnamh deontais 75% i dtreo costas forbartha leabharlann nua chun caighdeáin lenar comhaontaíodh a bhaint amach.

Ba léir gur theastaigh beartas náisiúnta a raibh soláthar méadaithe foirne agus clár cistithe chaipitiúil mar bhonn agus taca leis, chun caighdeán maith comhsheasmhach de sheirbhís leabharlainne poiblí a sholáthar i ngach ceann de na tríocha a dó údarás leabharlainne. I 1998, d'fhoilsigh an Roinn an chéad straitéis do leabharlanna poiblí, plean costáilte agus lenar chomhaontaigh na páirtithe leasmhara le haghaidh seirbhís nua-aimseartha.



Leabharlann Gráinseach an Déin, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Dónal Murphy Photography

[12] An Grúpa Athbhreithnithe um Sheirbhís Leabharlainne Poiblí. *Tuarascáil, Eanáir 1987*. Stationary Office: Dublin, 1987.

Leabharlann an Taoibh Thiar, Comhairle Contae na Gaillimhe, arna hoscailt in Eanáir 2004

Branching Out: Rinne *A New Public Library Service* (1998) sraith moltaí a bhí dírithe ar sheirbhís nua leabharlainne poiblí a fhorbairt don 21ú haois, lena n-áirítear an méid a leanas: rochtain dhaonlathach ar fhaisnéis a sholáthar, tacaíocht a thabhairt d'fhoghlaim feadh an tsaoil agus ar thacaíocht phobalbhunaithe le haghaidh oiliúint litearthachta agus léitheoireachta. Bunaíodh an straitéis ar chumas leabharlann poiblí a uasmhéadú chun cur go mór le cuspóirí Rialtais, go háirithe i limistéir na sochaí faisnéise agus eolais agus cuimsithe shóisialta agus gheilleagraigh.

Bhí *Branching Out: A New Public Library Service* ar siúl ó 1998 go dtí 2007 agus lean *Branching Out – Future Directions* ó 2008 go dtí 2012. Sa dá chéim den tionscnamh a fhad le 2012, bhí an rath ar *Branching Out* leis an tseirbhís a fhorbairt ó bhonn íseal go dtí leibhéal cothromaíochta le tíortha comhchosúla ar fud an AE. Bhain na straitéisí an méid a leanas amach i dtaobh forbairt seirbhís leabharlainne:

- osclaíodh 95 brainse nua nó athchóirithe leabharlainne
- soláthraíodh 2,100 ríomhaire, wifi, áis scanta optúil agus innill phriontála ar a bhfuil rochtain phoiblí ar fud na seirbhíse
- féineisiúint agus RFID
- caitheamh méadaithe ar stoc
- catalóga ar líne ar a bhfuil rochtain phoiblí
- acmhainní ar líne agus ábhar digitithe staidéir áitiúil

Rinne na straitéisí agus na cláir chistithe chaipitiúil *Branching Out* foirgnimh fheabhsaithe leabharlainne, uaireanta níos faide oscailte, TFC, stoc, soláthar foirne agus oiliúint foirne a sholáthar. Le linn na tréimhse ó 1999 go dtí 2012, d'infheistigh an Roinn €131 milliún i gcistiú caipitiúil agus fuarthas an méid céanna infheistíochta ó na húdaráis áitiúla a rinne nócha a cúig leabharlann ar fud na tíre a sholáthar. Rinne an Roinn tríocha a dó leabharlann shoghluaiste ina raibh seirbhísí nua agus feithiclí ionaid a chistiú. Lean údaráis áitiúla le hinfheistíocht a dhéanamh i leabharlanna nua, níos fairsinge agus athchóirithe pobail ar fud na tíre. Ina theannta sin, tugadh isteach spriocanna maidir le caitheamh in aghaidh an duine ar stoc. Is éard a d'eascair as seo gur soláthraíodh réimse níos fairsinge de sheirbhísí agus go raibh ballraíocht agus úsáid mhéadaithe le sonrú. Idir 1999 agus 2011, b'ann do mhéadú 55% ar an líon iomlán eisiúintí stoic. Ina theannta sin, tháinig méadú suntasach ar an líon cuairteanna a tugadh ar leabharlanna; idir 2008 (an chéad bhliain inar bailíodh staitisticí) agus 2011 agus tháinig méadú 15% ar chuairteanna ar leabharlanna.

K-Chomhpháirithe ('K-Partners') Is tionscnamh de chuid Chomhairle Contae Chill Dara K-Chomhpháirtithe a éascaíonn comhoibriú i dtionscadail Bhord Forbartha Contae atá faoi urraíocht ag Comhairle Contae Chill Dara agus i measc na rannóg éagsúil, a chuimsíonn Leabharlanna, Tithíocht, an Pobal agus an Cultúr. Is é cuspóir foriomlán an ghrúpa chun eolas coiteann, teagmhálaithe agus saineolas a uasmhéadú chun seachadadh comhtháite seirbhíse ar fud na tíre a chur chun cinn. Anuas air sin, rinne siad éifeachtúlachtaí a chruthú trí thionscadail agus seirbhísí luach ar airgead a chruthú, trí acmhainní foirne a chomhroinnt agus trí chistiú a fháil ó ghníomhaireachtaí eile. Chruthaigh rannpháirtíocht na Leabharlann i dtionscnamh K-Chomhpháirtithe Chomhairle Contae Chill Dara díbhinní suntasacha as ar eascair cur i bhfeidhm roinnt cláir leabharlainne, ar nós tionscnaimh litearthachta i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste, TF, cláir oideachais agus mheabhairshláinte.

Leabharlanna sa Timpeallacht Seirbhíse Poiblí

Baineann rí-thábhacht le seirbhís leabharlainne a fhorbairt trí cheannaireacht agus nuálaíocht, trí straitéis chomhordaithe agus tacaíocht chistithe chun na tairbhí geilleagracha agus sóisialta a shonraítear sa straitéis seo a sheachadadh. Déanfaidh straitéis chomhtháite, le húdaráis áitiúla ag oibriú as lámh na Roinne agus Forbairt Leabharlann, an LGMA, seirbhís éifeachtúil agus éifeachtach atá dírithe ar chustaiméirí a sheachadadh.

I dtimpeallacht chistiú agus soláthar laghdaithe foirne, teastóidh nuálaíocht agus solúbthacht ón straitéis seo. Cruthaíonn brúnna geilleagracha, athrú sóisialta agus an t-ollbhorradh teicneolaíochta faoi láthair na réitigh agus na fadhbanna i gcomhthráth. D'fhonn tacú le téarnamh agus le cobhsaíocht gheilleagrach, caithfidh leabharlanna poiblí, íomhá phoiblí na n-údarás áitiúil, gach seirbhís de chuid na n-údarás áitiúil a éascú, d'fhonn dul i dteagmháil leis an bpobal níos dírí. Cruthaíonn seo deiseanna chun comhpháirtíochtaí nua a chruthú, mar aon le seirbhísí a chomhroinnt agus chun comhleas a bhaint as na tairbhí.

Teastaíonn pleanáil straitéiseach ó athrú sóisialta. Ní mór treochtaí i mborradh ar an daonra agus próifíl an daonra, patrúin nua ar shlite beatha, samhlacha nua de sholáthar seirbhíse sibhialta, toimhdí agus riachtanais athraitheacha daoine a chur san áireamh isteach i bplean do na cúig bliana amach romhainn má tá leabharlanna chun a áit ábhartha a bheith acu sa saol laethúil. Is fearr a dhéanfar freastal ar riachtanais shóisialta phobail trí chultúr comhroinnte agus rudaí a chruthú le chéile. Athraíonn an tsamhail le haghaidh seirbhísí leabharlainne go mór sa timpeallacht. Tá roinnt seirbhísí leabharlainne á gcomhordú go náisiúnta ag líon tíortha, atá thart ar an scála céanna le hÉirinn. Ní bhainfidh seo dá nádúr fíor-áitiúil, ach éascóidh sé nuachóiriú ar scála, soláthar seirbhíse agus nuálaíochta costéifeachtúla.

Tá sé de chuspóir ag an straitéis seo deiseanna reatha a thapú agus seirbhísí a chruthú a oireann don thréimhse dhigiteach iar-ghéarmchéime geilleagraí. Teastaíonn athcheapadh choincheap na leabharlainne, malartú faisnéise, smaointe agus eolais i gcomhspás – spás fisiciúil agus fíorúil araon, ón athrú geilleagrach, sóisialta agus teicneolaíochta.

An Tionscnamh '1 Chárta 6 Leabharlann'

In 2012, thug Leabharlanna Chontae Lú tionscnamh comhbhallraíochta iasachta cómhalartaí isteach le Leabharlann Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan. Is é cuspóir an tionscadail chomhoibrithigh chun tacú le riachtanais foghlama, eolais agus chultúrtha mhuintir Chontae Lú, mar aon le foghlaim ó chleachtais a chéile. Is é príomhdhíriú an tionscadail chomhoibrithigh ar éascaíocht na rochtana ar bhailiúcháin. I measc lucht úsáidte Leabharlanna Chontae Lú, is an-mealltach dóibh an rochtain atá acu ar na ríomhacmhainní fiúntacha atá á gcoimeád ag Leabharlann DkIT. Seoladh an tionscnamh go hoifigiúil in 2012 agus tá an-rath air go dtí seo. Tá mórspéis á léiriú i measc iasachtaithe leabharlainne poiblí ar mian leo rochtain a fháil ar áiseanna Leabharlann DkIT. Ina theannta sin, cuireann sé faisnéis chun cinn faoi sheirbhísí acadúla, e.g. filleadh ar an oideachas, cúrsaí tráthnóna etc. i measc lucht úsáidte Leabharlanna Chontae Lú. Cuirtear foireann agus mic léinn DkIT ar an eolas faoi acmhainní uile áiseanna leabharlann poiblí Lú agus ar an líonra brainsí atá acu agus is fusa dóibh rochtain a fháil orthu.

Cén fáth a gcruthófaí Straitéis nua?

Díríonn *Clár an Rialtais*[13] agus an plean gníomhaíochta le haghaidh rialtas éifeachtach áitiúil, *Tús Áite do Dhaoine* ('Putting People First')[14] ar leasú an rialtais áitiúil agus ar an ngá le seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil seirbhíse. Sa chomhthéacs seo, beidh ar údaráis áitiúla oiriúnú chun freastal ar éilimh nua. Cruthaíonn feidhm na seirbhíse leabharlainne laistigh den údarás áitiúil deis shuntasach le haghaidh feidhmeanna nua agus treisithe i bhfeidhm athraitheach an rialtais áitiúil. Trína láithreacht thréan, tá an cumas ag leabharlanna chun glacadh le ról ceannaireachta i rannpháirtíocht phobail an údaráis áitiúil. Téann straitéis nua i ngleic le suíomh na seirbhíse leabharlainne don údarás áitiúil, mar phointe fócais sa phobal.

Tá an-chumas ag an líonra leabharlann poiblí chun tabhairt faoi sheachadadh comhsheirbhíse agus faoi shamhlacha comhoibritheacha trína líonra leabharlann fisiciúil agus fíorúil. Is bunchlocha iad comhoibriú agus comhroinnt de chuid soláthar éifeachtach leabharlainne. Trí chaidreamh agus sineirgí a chruthú laistigh de struchtúr an údaráis áitiúil agus i measc na n-údarás áitiúil, féadfaidh an tseirbhís leabharlainne seirbhísí níos comhtháite agus costéifeachtúla a chur ar fáil don phobal. Sainaithníonn treoir straitéiseach comhchur chuige nua i gcomhthéacs leasú agus chomhsheirbhísí an rialtais áitiúil.

[13] Roinn an Taoisigh. *Clár an Rialtais 2011*. http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2011/Programme_for_Government_2011.pdf

[14] An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. *Tús Áite do Dhaoine: Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Éifeachtach Áitiúil.* Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath, 2012.

Leabharlann Thuar an Daill, Comhairle Contae Luimnigh

Bhunaigh na straitéisí *Branching Out* fóram inar féidir le gach páirtí leasmhar teacht le chéile agus chun fís dhearfach agus chuimsitheach a chruthú le haghaidh leabharlanna poiblí agus d'eascair beartas daingean agus dea-chruthaithe as seo a rinne seirbhísí, foirgnimh agus acmhainní a bhunathrú. Mar gheall go ndearnadh dul chun cinn suntasach sa dá straitéis roimhe seo, is tábhachtach cur leis an méid torthaí a baineadh amach cheana féin. Agus sinn thíos le timpeallacht dhifriúil gheilleagrach agus le rialtas áitiúil atá i mbun athrú, teastaíonn straitéis nua chun freastal ar dhúshláin agus ar dheiseanna nua.

Baineann ríthábhacht le ceannaireacht ar leibhéil náisiúnta agus áitiúla maidir leis na torthaí agus an tionchar tairbhiúil le haghaidh daoine aonair agus pobal a thabhairt faoi deara. I mblianta roimhe seo, cuireadh foirgnimh, stoc agus foireann ar fáil; léirigh folláine an chaidrimh a bhí idir an fhoireann agus an pobal áitiúil gur bhain an infheistíocht seo an líon ba mhó tairbhí amach. Cé go dtiteann forbairt chruthaitheach pobail amach go háitiúil agus go mbíonn torthaí spreagúla uirthi go minic, gan chomhsheasmhacht agus cur chun cinn náisiúnta, níl aon teachtaireacht singil ann faoina mbaineann leabharlanna amach, agus ar an ábhar sin, ní thapaíonn go leor úsáideoirí féideartha an deis a chruthaíonn leabharlanna.

Tugtar le fios go minic i gcomhairliúcháin phobail agus foirne, nach bhfuil go leor daoine feasach go fóill ar an réimse iomlán seirbhísí leabharlainne a chuirtear ar fáil agus nach mbaintear lán-úsáid as an leabharlann[15]. Baineann ríthábhacht le ham, ábharthacht, seachadadh réamhghníomhach agus le cur chun cinn gníomhach, go háirithe agus méadú ag teacht ar an iomaíocht chun daoine a mhealladh.

[15] *"Delighted to hear that computer courses are available for people who never use the library. Libraries need to promote themselves more – newspapers, TV, radio etc"* Comhairliúchán fiontraithe. Baile Átha Cliath, an 26 agus an 27 Feabhra 2013

Seirbhísí Leabharlainne Chontae Mhuineacháin

Bhí Seirbhísí Leabharlainne Chontae Mhuineacháin bainteach i líon tionscadail chomhpháirtíochta le blianta beaga anuas. In 2011, i gcomhar le Músaem Chontae Mhuineacháin, chríochnaigh Seirbhísí Leabharlainne Chontae Mhuineacháin tionscadal dhá bhliain a fuair cistiú ó Peace III, dar teideal 'Oidhreacht Cheilte Chontae Mhuineacháin' ('Hidden Heritage of County Monaghan', a fuair deontas €134,000 a rinne an AE a pháirtchistiú. Lean Tionscadal Caifé Lady an tionscadal seo faoi Chlár Gruntvig an AE, a dheonaigh €18,000.

Díríonn an tionscadal is déanaí faoi Chlár Leonardo an AE ar oiliúint gairmoideachais foireann leabharlainne. I bpáirtíocht leis an mBulgáir, an tSlóivéin, an Rómáin, an Ostair, an Fhionlainn agus an tSeirbia, deonaíodh do Sheirbhísí Leabharlainne Chontae Mhuineacháin €18,000 chun samhail d'oideachas foireann leabharlainne a fhorbairt chun oibriú le cuardaitheoirí poist agus le daoine atá dífhostaithe le fada. Oibreoidh foirne an tionscadail ar fhorbairt clár ceardlann agus léachtaí don fhoireann agus beidh comhdháil ar siúl ina dhiaidh sin mar bhuaicphointe chun a dtorthaí a chur i láthair. Cruthóidh an tionscadal seo curaclam agus lámhleabhar don chúrsa oiliúna, ar féidir é a dháileadh ar institiúidí eile seirbhís leabharlainne agus oideachais.

Leabharlann shoghluaiste, Comhairle Contae Ros Comáin

Léitheoireacht Thiobraid Árann (Tipperary Reads)

Clár bliantúil is ea Léitheoireacht Thiobraid Árann atá á reáchtáil ag Leabharlanna Thiobraid Árann ó 2008 i leith. Tá an clár á chistiú ag an gComhairle Ealaíon, agus bíonn an fhéile seo ar siúl idir Iúil agus Samhain gach bliain.

Roghnaítear úrscéal amháin ó údar a bhain gradam amach mar an ábhar dírithe don fhéile. Déanann daoine sna pobail áitiúla an t-úrscéal a léamh agus fiosraíonn siad téamaí agus stíleanna scríofa trí léachtaí agus ceardlanna. Cuireadh deireadh dearfach leis an bhféile le turas contae ag an údar a roghnaíodh. Baineann an lucht léite taitneamh as malartú feasach agus idirghníomhach leis an údar. Tá an-tóir ar an bhféile seo agus meallann sí léitheoirí nua.

Lár-Leabharlann Johnston, Comhairle Contae an Chabháin

4. AN GÁ ATÁ AG POBAIL LE LEABHARLANN AGUS CONAS A CHABHRAÍONN LEABHARLANNA

Leagtar an bhéim ar a ndéanann leabharlanna, seachas ar a bhfuil iontu; conas a théann siad chun sochair na ndaoine agus an phobail. D'aistrigh pleanáil straitéiseach le haghaidh leabharlanna poiblí ó dhíriú ar bhailiúcháin a bhainistiú agus leabhair a thabhairt ar iasacht do sheirbhís atá bunaithe ar ghá a fhreagraíonn do chéimeanna nó do chúinsí áirithe saoil, go dtí riachtanais phobal ar leith, ghrúpaí sannta agus cheantar inaitheanta.

Faisnéis

Baineann ríthábhacht le faisnéis i sochaí dhomhanda na linne seo chun seirbhísí poiblí a úsáid, chun gnó a dhéanamh, chun earraí a cheannach, agus chun déileáil le riachtanais phearsanta agus teaghlaigh. Tá suíomh tábhachtach ag an leabharlann i ndomhan na faisnéise, agus faisnéis á bailiú, á heagrú agus á húsáid inti, agus feidhmíonn an leabharlann mar threoir i dtaobh faisnéise don duine aonair agus don phobal agus mar fhoinse iontaofa rochtana ar fhaisnéis de gach saghas.

Tá ar fhoireann leabharlainne bheith in ann an fhaisnéis cheart a chur ar fáil, nó chun rochtain a fháil ar an acmhainn ábhartha faisnéise, dá bpobail úsáideoirí. Baintear seo amach trí fhoireann oilte faisnéise a bheith sa leabharlann, rochtain a bheith ar leabhair, irisleabhair agus ar fhaisnéis eile a foilsíodh ar líne agus atá i gcló agus trí acmhainní údarásacha faisnéise a shainaithint agus a fhoinsiú. Ba leabhair faisnéise 41% de líon na leabhar a tógadh ar iasacht i measc daoine fásta as na 16 milliún leabhar a tógadh ar iasacht in 2011. Cuirtear seo i gcomparáid le 29% i dTuaisceart Éireann, 33% i Sasana, 28% sa Bhreatain Bheag agus 26% in Albain[16].

Tá freagracht ar an leabharlann chun faisnéis phobail áitiúil agus chultúrtha a bhailiú agus a chur ar fáil lena chinntiú go mbíonn rochtain ar fáil ar ábhar a bailíodh áit eile sa leabharlann phoiblí.

Leabharlann Bhéal an Átha Móir, Comhairle Contae Liatroma

[16] Staitisticí Leabharlann Poiblí an CIPFA 2012-13 Estimates and 2011-12 Actuals

'It seems history is to blame': Tionscadal staidéir áitiúil Leabharlanna Chathair Chorcaí ar 1913-1923

Mar fhreagairt ar chuimhneachán céad bliain Éirí Amach na Cásca agus an tréimhse a fhad leis (1913-1916), an Chéad Chogadh Domhanda I (1914-1918), agus Cogadh na Saoirse/an Cogadh Cathartha (1919-1923), sheol Leabharlanna Chathair Chorcaí clár a mhairfidh deich mbliana i bhFeabhra 2013 faoin meirge 'It seems history is to blame'. Tá an clár seo in ainm is cabhrú le saoránaigh a thuiscint céard a tharla agus cén fáth ar tharla sé, agus chun ceachtanna a fhoghlaim dár ré féin. Cé gur féidir caitheamh leis seo mar thionscnamh staidéir áitiúil, ní hamháin go bhfuil spéis ann bheith ag faire siar san am a chuaigh thart, ach leis na deich mbliana amach romhainn a úsáid chun a léiriú don tsochaí céard atá ag tarlú mórthimpeall orthu. Tá dhá phríomhshraith ag an tionscnamh: cainteanna, taispeántais, seónna bóthair agus imeachtaí eile leabharlannbhunaithe ar fud na cathrach; agus ar líne – liostaí léitheoireachta a fhoilsiú, faisnéis chúlra, cainteanna, taifid ar cheardlanna, blaganna, dánlanna físeán agus grianghraf, podchraoltaí, taispeántais ar líne, etc ag www.historytoblame.ie. Clár rollach a bheidh ann, agus braithfidh an rud ar a ndíreofar ar na céad bliain atá faoi chaibidil, ach beidh sé ina shíorchuspóir foghlaim faoin am a chuaigh thart, agus muintir na linne seo a chur ar an eolas faoi.

Oideachas agus Foghlaim

Scil ríthábhachtach saoil is ea an fhoghlaim do riachtanais forbartha pearsanta, féinfhiúntais agus gheilleagracha agus shóisialta gach duine. Tacaíonn leabharlanna poiblí le foghlaim ar feadh an tsaoil trí thacaíocht foghlama agus trí ghníomhaíochtaí a chur ar fáil, mar aon le rochtain ar ábhair, faisnéis ar dheiseanna foghlama agus seirbhísí atreoraithe d'acmhainní foghlama sa leabharlann agus ar líne.

Bhíodh baint lárnach ag leabharlanna poiblí i gcónaí le deiseanna foghlama agus le tacaíocht oideachais a sholáthar do leanaí agus do thuismitheoirí, don oideachas foirmiúil agus ar mhaithe le léamh fóillíochta agus le forbairt léitheoireachta.

An chéad uair dom i leabharlanna poiblí in Éirinn – baineadh iontas asam mar gheall ar an réimse seirbhísí agus acmhainní; go háirithe an clár 'Do ghnó féin a chur ar bun' agus bailiúcháin stoic. Thaitneodh go leor tacaíochta liom sa limistéar seo – léachtaí, cúnamh ó fhoireann shaineolaíoch agus spás ciúin staidéir.

Grúpa fócais fiontraithe, Baile Átha Cliath, an 26-27 Feabhra 2013

Crios Foghlama

Cuireann mír an Chreasa Foghlama ar an láithreán gréasáin AskaboutIreland.ie ábhar agus gníomhaíochtaí idirghníomhacha ar fáil do dhaltaí bunscoile agus meánscoile araon. Forbraíodh mír na ndaltaí bunscoile i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta [an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus Teicneolaíocht san Oideachas an PDST]. Cuirtear an t-ábhar i láthair de réir ghrúpa aicme an ábhair, a ghabhann aníos ó naíonáin a fhad leis an séú rang, agus gabhann nótaí múinteora le gach aonad. I measc na n-ábhar tá stair, tíreolaíocht, eolaíocht, an comhshaol, an Ghaeilge, an Béarla, ceol agus ealaín. Cuireann an mhír do dhaltaí meánscoile réimse fairsing ábhair ar fáil chun tacú leis an mbunchuraclam agus cuireann sí ábhair údaracha ar fáil do dhaltaí i réimse ábhar chun tacú le cur chuige foghlama atá bunaithe ar thaighde a dhéanamh.

Áirítear leis na míreanna bunscoile agus meánscoile araon réimse fairsing gníomhaíochtaí idirghníomhacha, grianghraf, cluichí oideachasúla, léarscáileanna, beochaintí, taifeadtaí fuaime agus gearrthóga físeáin. Is féidir breis agus 75,000 mír ar an láithreán a aimsiú trí leas a bhaint as áis chuardaigh an Chreasa Foghlama. Spreagann an ghné thréan idirghníomhach atá sa Chrios Foghlama daltaí chun foghlaim trí fhiosrú agus trí fhiosrúcháin a dhéanamh agus cruthaíodh an ghné seo chun tacú le forbairt scileanna smaointeoireachta criticiúla.

Rinneadh ábhar an Chreasa Foghlama a chorprú i gcúrsaí oiliúna múinteoirí mar aon le cúrsaí inseirbhíse agus samhraidh in ionaid réigiúnacha oideachais. Ina theannta sin, tá an t-ábhar cuimsithe mar chuardach craoltaí ar an láithreán gréasáin náisiúnta oideachais, scoilnet.ie. Tá an Crios Foghlama ar an láithreán AskaboutIreland.ie anois ar cheann de na hacmhainní oideachais is mó dá bhfuil ann in Éirinn agus tá leas níos mó á bhaint ag scoileanna as; meallann an mhír thart ar 20,000 cuairt ar an meán sa tseachtain.

An tÚdar, Maria Burke i gcuideachta an ghrúpa léitheoireachta cailíní
i Leabharlann Thrá Mhór, Comhairle Contae Phort Láirge

Cathracha Litríochta UNESCO: Cathair Bhaile Átha Cliath

Bhí an tairiscint rathúil ag Leabharlanna Chathair Bhaile Átha agus, mar gheall air sin, sannadh Baile Átha Cliath mar Chathair Litríochta UNESCO in 2010 – ball de Líonra domhanda Chathracha Cruthaitheacha UNESCO. Cinntíonn oifig thiomanta laistigh de na leabharlanna cathrach go n-úsáidtear an sannadh buan chun an lucht léitheoireachta a fhairsingiú, scríbhneoirí atá ag teacht chun cinn a chothú, Baile Átha Cliath a chur chun cinn mar cheann scríbe turasóireachta, chun aistriúchán a spreagadh agus chun tacú leis an tionscal foilsithe.

Is í Dámhachtain Litríochta Bhaile Átha Cliath an IMPAC, a dhéanann Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath a bhronnadh, an duais is mó a bhronntar ar shaothar aonair ficsin agus bíonn baint ar leith ag leabharlanna ó 120 cathair in 44 tír sa phróiseas ainmniúcháin.

Tionscnamh atá in *Dublin One City One Book* de chuid Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath a thugann léitheoirí ar fud na cathrach le chéile gach bliain chun saothar litríochta a fhiosrú a bhfuil naisc láidre aige le Baile Átha Cliath tríd an údar nó tríd an téama nó tríd an dá rud, ar uairibh. I measc na dteideal a ceiliúradh bhí *Dracula*, *Gulliver's Travels*, *Dubliners* agus *The Picture of Dorian Gray*.

Léamh, scríobh, labhairt

Is tábhachtaí na bunscileanna seo ná gach ceann eile d'fhonn go mbainfidh daoine leas as a gcumas pearsanta sóisialta agus geilleagrach. Baineann ríthábhacht le léamh aois an pháiste i dtaobh forbairt scileanna agus súgartha de. Tá baint thréan idir litríocht fheidhmeach agus an bhochtaineacht, coireacht, drochshláinte agus achrann pobail[17].

I ngeilleagair an iarthair atá imithe chun cinn, tá comhréir shuntasach den daonra ann atá neamhliteartha go feidhmiúil. De réir an tsuirbhé PIAAC[18] is déanaí de chuid an OECD, níl na bunscileanna litearthachta ag 17.9% de dhaoine fásta in Éirinn[19]. Cuirtear seo i gcomparáid le 13.3% sa tSualainn agus 13.4% san Ísiltír. Tugann an suirbhé céanna le fios nach bhfuil na bunscileanna uimhearthachta ag 25.6% de dhaoine fásta in Éirinn agus cuirtear seo i gcomparáid le 14.7% sa tSualainn agus 15.5% san Ísiltír.

Is féidir le mórchuid na ndaoine fásta ag a bhfuil deacrachtaí litearthachta rud éigin a léamh ach bíonn deacrachtaí acu foirmeacha oifigiúla a thuiscint nó chun déileáil le teicneolaíocht nua-aimseartha. Tharlódh gur fhág cuid díobh an scoil agus iad muiníneach faoina n-uimhearthacht agus a scileanna léitheoireachta ach mar gheall go gcuireann a n-ionad oibre agus a saol laethúil dúshláin rompu, ní leordhóthanach a gcuid scileanna. Ar an gcuma chéanna, tharlódh nach mbeadh tuismitheoirí ag a bhfuil deacrachtaí litearthachta in ann tacú lena leanaí féin lena gcuid léitheoireachta agus scríofa. Faoi láthair, in Éirinn, fágann a mhéid le 30% de leanaí ó cheantair faoi mhíbhuntáiste an bhunscoil agus deacrachtaí litearthachta acu.
(an *Suirbhé Idirnáisiúnta OECD ar Litearthacht Daoine Fásta* is déanaí a foilsíodh i 1997).[20]

[17] An Dr Cree, A. et al. *The Economic and Social Cost of Illiteracy: A Snapshot of Illiteracy in a Global Context.* An Fhondúireacht um Litearthacht Dhomhanda, Aibreán 2012
[18] Clár um Measúnú Inniúlachtaí Idirnáisiúnta Daoine Fásta ('Programme for the International Assessment of Adult Competencies')
[19] Cuirtear seo i gcomparáid le 22% i dtorthaí an tSuirbhé deiridh Idirnáisiúnta ar Litearthacht Daoine Fásta (IALS) i 1997 - NALA: www.nala.ie
[20] OECD, International Adult Literacy Survey, 1997 http://www.oecd.org/edu/skills-beyond-school/41529765.pdf

Oibríonn leabharlanna poiblí le daoine aonair agus le pobail chun scileanna léitheoireachta agus spéis sa léamh ar mhaithe leis an gcruthaitheacht, faisnéis agus leis an tsamhlaíocht a fhorbairt. Ról speisialta é seo, a bhuíochas leis an gcultúr fairsing atá in Éirinn d'fhocail a scríobhtar, a chantar agus a labhraítear – agus cothaítear an léamh trí ghníomhaíocht shóisialta agus phobail, don duine aonair nó don ghrúpa aonair. Déanann imeachtaí cláraithe, idir agallaimh le húdair agus mórfhéilte litríochta an litríocht agus an focal a scríobhtar agus a labhraítear a cheiliúradh. Cuireann leabharlanna acmhainní, ranganna agus faisnéis ar fáil chun tacú le litearthacht linbh agus aosaigh, i gcomhar le soláthróirí oideachais agus le heagraíochtaí litearthachta.

Clubanna Leabhar do Leanaí: Straitéis Litearthachta Luathblianta Leabharlanna Chontae Fhine Gall

Tugadh an Club Leabhar do Leanaí isteach i measc Leabharlanna Contae Fhine Gall a roghnaíodh mar chuid de Straitéis Litearthachta Luathblianta Leabharlanna Contae Fhine Gall. Tá 10 bpríomhphointe gníomhaíochta ann sa *Straitéis Litearthachta Luathblianta,* a d'eascair ó chomhairliúchán le páirtithe leasmhara.

Tá *Clubanna Leabhar do Leanaí* in ainm is tuismitheoirí agus a leanaí a nochtadh (idir aois 0-24 mí) do leabhair, agus litearthacht luathaois an pháiste a spreagadh agus a fhorbairt, dá bharr. Forbraíodh bailiúchán speisialta leabhar don tionscnamh seo. Tá an bailiúchán brandáilte, agus leas á bhaint as greamáin a saindearadh, amhail bheith mar chuid de Bhailiúchán Luathbhlianta Leabharlanna Chontae Fhine Gall. D'fhonn timpeallacht chompordach dhaite a chruthú do na leanaí, tá an t-urlár clúdaithe le mataí agus le cúisíní súgartha de théama ainmhithe. Le linn an chéid seisiúin de Chlub Leabhar do Leanaí, léann scéalaí scéalta do na leanaí agus dá dtuismitheoirí, agus leas á bhaint as leabhair mhóra phictiúr agus as leabhair chairtchláir níos lú. I measc na ngníomhaíochtaí eile tá úsáid a bhaint as rainn agus as amhráin. Tá na leanaí an-fhreagrúil i leith na scéalaíochta agus baineann siad sult as na leabhair chairtchláir éagsúla a thugtar dóibh a fhiosrú. Is féidir ceol a sheinm ag deireadh an tseisiúin.

I measc na bpointí gníomhaíochta eile tá Croíbhailiúchán Luathbhlianta ar a dtugtar Léitheoirí Luatha (Early Readers); clár foghlama don teaghlach i gcomhar leis an gCoiste Gairmoideachais (VEC); rannpháirtíocht le húdair agus le maisitheoirí; modúl 'Mála Scéalta' a fhorbairt a dhear Institiúid Teicneolaíochta Bhaile an Bhláinséir; iniúchadh ar gach ábhar litearthachta i leabharlanna Fhine Gall; oiliúint litearthachta a chur ar fhoireann leabharlainne; tionscnamh scéalaíochta pobail; leabhrán agus bileog leideanna a bhaineann le luathléitheoireacht.

Club Leabhar do Dhéagóirí Leabharlann Phoiblí na Scairbhe, Leabharlanna Contae an Chláir

"Is aoibhinn liom an club leabhar mar gheall go ndéanaim leabhair a léamh nach smaoineoinn a léamh dá bhfágfaí fúmsa é, agus mar gheall gurb áit álainn é le do scíth a ligeann tar éis na scoile. Tugann sé cúis dom bheith ag léamh gan bheith ag brath ciontach mar gheall nach bhfuilim ag staidéar." Duine de na baill bhunaidh.

Cuntas ó chomhalta foirne leabharlainne a bhunaigh an club leabhar:
Cuireadh an club leabhar do dhéagóirí ar an bhfód breis agus dhá bhliain ó shin. Chonacthas dom go raibh gá go mbeadh a gclub leabhar féin ag na déagóirí áitiúla agus ní mór dom a rá go mbainim sult as i gcónaí – gach rud idir pleanáil, an leabhar a léamh agus na cruinnithe iad féin. Braithim go bhfuil an oiread sin ádh orm go bhfuil post agam inar féidir liom am a chaitheamh lena leithéid d'ógánaigh shuimiúla agus spreagúla. Foinse iontach smaointe iad d'fhorbairt leabharlainne agus táim ag tnúth le cuid dá smaointe nuálaíocha a chur i bhfeidhm do dhéagóirí sa leabharlann amach anseo. Is é greamáin Rogha na nDéagóirí ('Teen Picks') an tionscadal is déanaí atá ar bun againn. Roghnaíonn siad na leabhair a thaitníonn leo agus molann siad iad do dhéagóirí eile. Cuirfear greamáin Rogha na nDéagóirí ar gach cóip de na teidil seo i Leabharlanna Contae an Chláir.

Dúshlán na Sé Leabhar, Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae an Chabháin
Tionscnamh léitheoireachta is ea *Dúshlán na Sé Leabhar* d'fhoghlaimeoirí fásta. Cuireadh tús leis ag Seirbhís Leabharlainne Contae an Chabháin in 2010. Cuireann an tionscnamh seo fáilte roimh léitheoirí nach bhfuil chomh muiníneach sin as a gcuid léitheoireachta chun sé leabhar a léamh thar thréimhse sé mhí. I bpáirtíocht le hIonad Foghlama Aosach an Chabhain (VEC), tacaíonn agus spreagann sé 'nós na léitheoireachta' agus cuireann sé ar chumas teagascóirí chun léamh, ar mhaithe le sásamh a bhaint as, a chur san áireamh ina n-obair le daltaí.

Bhain an chéad ghrúpa de 19 rannpháirtithe rathúla teastas amach ag tráthnóna gradam i Meán Fómhair 2010. Tá gné rialta déanta anois den tionscnamh seo de chuid chláreagrú leabharlainne an Chabháin, agus déantar é a athsheoladh gach fómhair.

Feictear do VEC an Chabháin agus do Sheirbhís Leabharlainne an Chabháin gur féidir le gach duine atá páirteach sa tionscnamh seo tairbhe a bhaint as, idir rannpháirtithe agus seirbhísí.

Bhí freagairt an-dearfach ag rannpháirtithe ar an tionscnamh seo, amhail is léir thíos.

Níor thug mé cuairt riamh ar an leabharlann le fad mo shaoil. Ní raibh aon chur amach agam cheana ar dhúshlán na sé leabhar ná ar an leabharlann. Cuireadh tús leis seo go léir nuair a bhí mé rannpháirteach sa Chlár um Fhilleadh ar an Oideachas agus tugadh cuireadh dúinn cuairt a thabhairt ar Lár-Leabharlann Johnston – chun sé leabhar a léamh laistigh de shé mhí. Bhíomar go léir bainte siar leis na péinteálacha áille agus leis an umar éisc. Bhí an oiread sin leabhar lena roghnú, bhí mé ar mhuin na muice! Léigh mé go leor leabhar, ar nós mo rogha leabhair 'Not just for Christmas' le Roddy Doyle. Ba dhúshlán dom é leanúint ar aghaidh ag léamh, ach tháinig mé ar an am agus nuair a bhain mé mo theastas amach ón údar, Mary Stanley ag an leabharlann, ba thráthnóna sona dom é agus do mo chuid cairde." Dalta Litearthachta an Chabháin ag trácht ar Dhúshlán na Sé Leabhar, Meán Fómhair 2010.

Scileanna Digiteacha

Tá Foghlaim, obair, fóillíocht, cultúr, an pobal agus siamsaíocht fite fuaite le chéile inniu ag na teicneolaíochtaí ina mbíonn eispéireas againn orthu.

Tá an gá le léamh a dhéanamh treisithe ag an ngá le scil dhigiteach agus le litearthacht fheabhsaithe faisnéise. Nuair a sháraíonn an líon fearais shoghluaiste an daonra, is léir gur tháinig athrú dochúlaithe ar an mbealach a fhoghlaimímid, a oibrímid agus a dhéanaimid gnó[21]. Tá sé níos casta é seo a dhéanamh anois ná mar a bhí riamh mar gheall ar na billiúin láithreán gréasáin, acmhainn leictreonach, ríomhfhoilsiú agus meáin shóisialta eile agus scála domhanda na cumarsáide.

Tá deighilt nua gheilleagrach agus shóisialta tagtha chun solais eatarthu siúd ar féidir leo leas a bhaint as na teicneolaíochtaí agus iad siúd nach féidir amhlaidh a dhéanamh. De réir mar a thagann na glúine i ndiaidh a chéile, sáróidh daoine atá muiníneach as cúrsaí digiteacha daoine a bhfuil drogall orthu cúrsaí digiteacha a fhiosrú. Ní ceist aoise í seo, áfach, agus ní bheidh na scileanna casta rochtana digití ag daoine atá neamhliteartha go feidhmiúil. Tá leabharlanna in ann cabhrú agus tacú le muintir seo ár bpobal.

[21] ADIKAT Mobile Marketing: http://adikat.ie/en_IE/services/mobile-marketing/

Tá riachtanas atá ag dul i méid teacht chun cinn – chun cabhrú le daoine an tairbhe is mó a bhaint dá bhfearais nua teicneolaíochta. Teastaíonn tacaíocht ó dhaoine chun teicneolaíochtaí nua a oiriúnú agus leanfaidh an cás seo amhlaidh de réir mar a thagann teicneolaíocht dhigiteach chun cinn. Iarrann daoine ar an gcabhair sin cheana féin. Féadfaidh an leabharlann áitiúil an t-eolas agus an scil sin a sheachadadh.

Comhpháirtithe Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh VEC Chill Chainnigh

Comhpháirtithe Sheirbhís Leabharlainne Chill Chainnigh, VEC Chill Chainnigh agus ranganna ríomhaireachta á soláthar ag Leabharlann Phort an Chalaidh i gCill Chainnigh Theas. Tá an tionscnamh seo ar cuireadh tús leis i bhFeabhra 2013, á chistiú ag Seirbhís Oideachas Pobail VEC Chill Chainnigh a dhéanann an teagascóir a sholáthar chomh maith. Soláthraíonn an leabharlann an t-ionad, na ríomhairí agus an cur chun cinn. Cuimsíonn na ranganna bunscileanna TF agus bíonn siad ar siúl ar feadh dhá uair an chloig sa tseachtain ar feadh sé seachtaine.

Leabharlann Ard Caoin, Comhairle Cathrach Phort Láirge

Seó Bóthair Ríomhsheirbhísí – Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chill Dara

In 2013, mar chuid de straitéis mhargaíochta Leabharlann Chill Dara, tugadh faoi fheachtas um chur chun cinn seirbhísí ar líne.

Chuir an Seó Bóthair Ríomhsheirbhísí deis ar fáil do dhaoine ar baill iad agus nach baill iad chun freastal ar cheardlann duine ar dhuine le ball foirne chun eolas a fháil ar an tsraith ríomhsheirbhísí atá ar fáil. Cuireadh bróisiúr lándaite i dtoll a chéile, inar sonraíodh gach ríomhsheirbhís a bhí ar fáil agus a rinneadh a dháileadh ar fud leabharlanna Chontae Chill Dara agus gníomhaireachtaí eile. Chuir sraith fógraí i nuachtáin áitiúla, leabharlanna agus ar an raidió áitiúil fáilte roimh dhaoine teacht chuig na leabharlanna ar na laethanta a roghnaíodh le haghaidh taispeána agus faisnéise ón bhfoireann ríomhsheirbhísí. Anuas air sin, tugadh cuireadh do dhaoine chun a r-léitheoirí, gutháin chliste, táibléidí agus fearais eile a thabhairt leo.

I measc na sraithe ríomhsheirbhísí atá ar fáil, tá ríomhleabhair, ríomhstair agus bailiúchán mór de chúrsaí ar líne. Agus rochtain ar bhreis agus 500 cúrsa i dTeangacha – Fiontraíocht, Ríomhairí agus Teicneolaíocht, na hEalaíona agus an Ceol, an Teach agus an Gairdín, Cócaireacht, Aclaíocht agus Corpacmhainneacht agus go leor leor eile, chuir baill na leabharlainne eispéireas uathúil oideachais ar líne ar tairiscint.

Fuair Seirbhís Leabharlainne Chill Dara freagairt an-dearfach ón bpobal ag gach brainse agus tugann siad faoi deara, gan iontas ar bith, go bhfuil méadú ollmhór tagtha ar an úsáid a bhaintear as na seirbhísí ar líne. Ní hamháin gur spreag an cur chun cinn do bhaill reatha chun leas a bhaint as an tseirbhís ar líne, ach mheall an cur chun cinn daoine nua chuig an tseirbhís leabharlainne. De réir mar a dhéanann an tseirbhís leabharlainne fairsingiú ar an réimse ríomhsheirbhísí, déanfar breis Seónna Bóthair Ríomhsheirbhísí agus taispeána a sceidealú.

Fiontraíocht

Cuireann seirbhísí leabharlainne poiblí faisnéis ar fáil do ghnólachtaí. Ba bheag rogha a bhí ann le linn ré an chló. Sa ré dhigiteach, is flúirseach don fhaisnéis agus tá fiú níos mó gnéithe den saol gnó ann ar féidir leis an leabharlann tacú leo. Déantar borradh a fhágáil faoi na fiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta agus SMEanna. Oireann an leabharlann go mór do go leor daoine óna dteastaíonn spás, rochtain shlán wifi, acmhainní faisnéise agus bainisteoir oilte faisnéise le haghaidh oibre, cruinnithe, agus smaointe.

I gcás daoine atá féinfhostaithe, fiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta agus SMEanna, oibríonn an leabharlann mar a n-ionad oibre. Féadfaidh gach seirbhís leabharlainne spás gorlainne ina leabharlanna, a chuireann spás oibre agus cruinnithe ar fáil, rochtain saor in aisce wifi, acmhainní faisnéise, bainisteoir oilte faisnéise, foilsiú ar líne, tacaíocht d'fhoghlaimeoirí agus rochtain 24/7 ar shaineolas aisghabhála faisnéise.

Cabhraíonn leabharlanna áitiúla chun obair a chruthú agus chun daoine a nascadh le poist trí na hacmhainní agus an tacaíocht a sholáthar chun infhostaitheacht agus scileanna cuardaigh phoist a fhorbairt.

Seirbhísí Leabharlainne le haghaidh Gnó agus Fiontar áitiúil

Imeacht bliantúil Fócais ar Ghnó a sholáthraíonn Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas, a áiríonn seimineáir, cainteanna agus ceardlanna a reáchtáiltear i measc an uile bhrainse leabharlainne. I measc na n-ábhar bhí Giniúint Smaointe Gnó, Deiseanna Inmharthana Gnó agus Cóitseáil Saoil. Tá an-tóir ar an tionscnamh seo, a soláthraíodh i gcomhar leis an gComhlachas áitiúil Tráchtála agus IE Network, agus cuireann sé an t-ardán oiriúnach ar fáil chun bailiúcháin ghnó agus acmhainní maidir le tacaíocht fiontair a chur chun cinn. Tugann imeacht amháin, 'Check Out a Champion', an deis do dhaoine chun am a chaitheamh le saineolaithe i réimsí éagsúla, lena n-áirítear pleanáil gnó, margaíocht, rialú airgeadais agus na meáin shóisialta. Mar chuid den tionscnamh seo, tugadh faoi shuirbhé ar rochtain ar fhaisnéis ghnó le ghnóthais agus le gnólachtaí áitiúla. Thug gnólachtaí roinnt buarthaí le fios maidir le teacht ar fhaisnéis – go háirithe ceist shaghas na faisnéise a dtagann siad uirthi. Tugann go leor daoine le fios gur tháinig siad ar fhaisnéis nach raibh cothrom le dáta nó a bhí mícheart agus gur féidir le cuardach a dhéanamh ar líne bheith ina údar frustrachais. Tá scil ar leith ag leabharlanna, agus iad ag feidhmiú mar choimircithe faisnéise, i limistéar sholáthar na faisnéise, agus mar thoradh air sin, rinneadh an cinneadh chun bailiúcháin shonracha leabhair ghnó a fhorbairt i ngach leabharlann bhrainse agus chun breis forbartha a dhéanamh ar acmhainní ar líne le haghaidh fiontraithe, gnólachtaí agus daoine a bhfuil fostaíocht á lorg acu.

Sláinte agus Folláine

Ta an cháilíocht beatha deimhnithe ag roinnt tosca. "Well-being refers to positive and sustainable characteristics which enable individuals and organisations to thrive and flourish"[22]. Ní thugann ioncam agus rachmas ach sainmhíniú páirteach ar na tréithe siúd; is trí scileanna saoil, sláinte, obair, foghlaim agus bheith ag braistint go bhfuil smacht agat ar do shaol a dheimhnítear níos mó iad.

I gcás ábhair shláinte, is mian le daoine níos mó a bheith ar eolas acu. Is mian leo braistint go bhfuil smacht acu ar a bhfolláine, tuiscint a fháil ar riochtaí agus bheith curtha ar an eolas faoi chóireáil agus cógais. Oibríonn an leabharlann mar acmhainn agus foinse tacaíochta. Tá fiúntas níos mó ag baint le forbairt leabhar lena mbaineann cúrsaí oidis agus fiúntas spriocábhair léitheoireachta mar ghné de sholáthar na leabharlainne.

Leabharlann an Mhuilinn gCearr, Comhairle Contae na hIarmhí

[22] An Institiúid Folláine ag Ollscoil Cambridge http://www.cambridgewellbeing.org/index.html

Clár Bibliteiripe i Leabharlann Chontae Chorcaí

Le blianta beaga anuas, bunaíodh dhá scéim bibliteiripe i gcomhar le FSS.

I nDeireadh Fómhair 2011, sheol Leabharlann Mhala Your Good Self i dtuaisceart Chorcaí, agus iad ag oibriú as lámh le Síceolaíocht Chliniciúil Chúraim Phríomhúil Mhala agus Seirbhísí Síceolaíochta Leanaí, Déagóirí agus Teaghlach Thuaisceart Chorcaí. I Márta 2013, seoladh *Do it Yourself – Self-help on the Shelf* i Leabharlann i nDroichead na Bandan i gCorcaigh Theas, áit ar oibrigh an tseirbhís leabharlainne i gcomhar le Líonra Síceolaíochta Cliniciúla Cúraim Phríomhúil FSS na Laoi Theas agus le Seirbhís Síceolaíochta Leanaí, Déagóirí agus Teaghlach.

Roghnaíodh na hacmhainní i gcomhar leis na síceolaithe cliniciúla a bhí bainteach, a rinne athbhreithniú ansin ar gach ceann de na hearraí. Cruthaíodh liostaí acmhainní, lenar áiríodh leabhair, dlúthdhioscaí agus DVDanna agus dearadh iad lena ndáileadh agus cuireadh ar fáil iad, chomh maith, ar láithreán gréasáin Leabharlann Chontae Chorcaí. I measc na n-ábhar a cuimsíodh bhí dúlagar, méala, láimhseáil feirge agus tuismíocht. Chistigh Leabharlann Chontae Chorcaí na leabhair agus ábhair eile agus chistigh FSS na bróisiúir, póstaeir agus na meirgí poiblíochta. Tá na hacmhainní ar taispeáint, faoi láthair i limistéir thiomnaithe i leabharlanna Mhala agus Dhroichead na Bandan, ach tá fáil orthu ar fud Chontae Chorcaí tríd an gcóras iarratais.

Baineadh an-úsáid as na leabhair ó seoladh na seirbhísí agus cuireadh chun cinn iad ag Leabharlann Chontae Chorcaí agus ag FSS go háitiúil.

Ag leanúint ó na bailiúcháin, cuireadh tús le sraith cainteanna 'Talks on the Town' i leabharlann Mhala, a chuimsigh ábhair ar nós toirchis agus naíonán.

Tá Leabharlann Chontae Chorcaí ag dréim leis an gclár a fhairsingiú agus naisc leis an gclár a chruthú in Iarthar Chorcaí. Caitheadh leis seo mar dhea-shampla de chomhpháirtíocht agus de chomhoibriú le FSS.

An Teaghlach

I ngach ceann dá ilfhoirmeacha agus struchtúir, is é an teaghlach croílár an phobail agus díriú aird chuspóir agus fhreagracht na ndaoine. Tacaíonn an leabharlann le saol an teaghlaigh go díreach. Cuireann sé teaghlach fóntas sibhialta agus cultúrtha ar fáil, a chuireann rochtain ar fáil ar fhaisnéis, eolas, foghlaim agus cultúr. Mar gheall ar an meascán d'fhaisnéis, spás, gníomhaíochtaí agus cabhair ó shaineolaithe, is í an leabharlann an áit is fearr sa phobal, do dhaoine fásta agus do leanaí chun freastal ar riachtanais fadsaoil i dtimpeallacht a oireann don teaghlach.

Áit bheoga, ghnóthach, dhaite agus mhealltach is ea an leabharlann nua-aimseartha, áit ar féidir le teaghlaigh taitneamh a bhaint as réimse gníomhaíochtaí agus imeachtaí. Cuireann an leabharlann idirghníomhaíocht idirghlúine chun cinn in áis shábháilte, dhaonlathach phobail a thacaíonn le comhtháthú agus le cuimsiú sóisialta.

Clár Dúshlán Léitheoireachta Samhraidh ag Leabharlann Ghuaire, Comhairle Contae Loch

An Pobal

Is éard a d'fhéadfadh bheith i gceist le pobal, an áit nó an ceantar ina gcónaímid, nó d'fhéadfadh pobal spéise bheith i gceist leis, nó pobal fíorúil. In aon phobal, teastaíonn smaointe, eolas nó áit uainn – bíodh sé fisiciúil nó fíorúil – chun casadh le daoine; teastaíonn uainn plé a dhéanamh ar cheisteanna agus ar réitigh fadhbanna. Is é éiteas na leabharlainne poiblí freastal ar an bpobal.

Ionad nó mol pobail iad leabharlanna, agus is áit iad le haghaidh faisnéise agus smaointe, áit chun casadh le daoine, áit atá oscailte do chách, áit atá saor in aisce agus a chuireann fáilte romhat. Tá siad lonnaithe ag lár shaol an phobail, ar aon dul le, agus i bpáirtíocht le, go leor seirbhísí comhairle agus seirbhísí eile áitiúla.

Ionad oscailte agus saor in aisce cumarsáide iad leabharlanna ina bhfuil nuacht, stair áitiúil, wifi agus/nó teirminéil chun rochtain a fháil ar an idirlíon. Is éard atá sa leabharlann áit don teaghlach, mol pobail, ionad gnó, áit ar féidir leis an bpobal iomlán nasc a dhéanamh leis.

Naisc Phobail a mhéadú ag Leabharlann Bhaile Bhaltraim

Le dhá bhliain anuas, bhí cliaint de chuid Chúram Athshlánúcháin Bré (RehabCare), ag tabhairt cuairte ar Leabharlann Bhaile Bhaltraim ar bhonn míosúil chun páirt a ghlacadh ina gclub féin leabhar a d'éascaigh foireann na leabharlainne. Mar gheall go raibh an t-ionad RehabCare lonnaithe i gceantar ina raibh mórán gnólachtaí, bhí deacrachtaí ag an bhfoireann blaiseadh den phobal níos fairsinge a thabhairt dá gcliaint. Trí naisc níos treise a bheith acu lena leabharlann áitiúil, thug comhordaitheoirí éagsúla le fios go raibh a n-úsáideoirí seirbhíse i bhfad ní ba dhíocasaí fúthu féin a chur os comhair a lucht piaraí agus chun a dtuairimí a chur in iúl nó chun eispéiris a roinnt leo. Ina theannta sin, tá an fhoireann níos airdeallaí anois ar na dúshláin éagsúla atá roimh úsáideoirí na seirbhísí seo, agus ar a uain sin, chabhraigh seo leo dul i ngleic lena gcuid oibre nuair a bhíonn grúpaí riachtanas speisialta i gceist.

Leabharlann na Tulaí Móire, Comhairle Contae Uíbh Fhailí

Na Meáin Shóisialta – an Cúigiú Brainse ag Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach

Tugtar beatha don stair áitiúil agus baintear an deannach de chartlanna ar Facebook; déantar tvuíteáil ar eachtraí reatha; déantar cruthaitheacht agus spreagadh a Phionnáil; agus bíonn Tumblr éagsúil i gceist gach lá; is féidir grianghraif a "Flickeáil" agus tá ceannairc de shaghas éigin ar bun ar Rebelmouse. Tá leas á bhaint ag Seirbhís Leabharlainne Cheatharlach as roinnt ardáin mheán sóisialta chun a mbailiúcháin, seirbhísí agus gníomhaíochtaí a chur chun cinn; chun comhoibriú le leabharlanna agus le heagraíochtaí eile agus níos tábhachtaí ná sin, chun bealaí nua rochtana ar ábhair chlóite agus foinsí nua do chách a chur ar fáil. Agus leas á bhaint as stair áitiúil agus as ábhar cartlainne ar nós The Workhouse News, bailiúcháin ghrianghraf, póstaeir théamaí agus as ábhar gearrshaolach áitiúil a rinneadh a dhigitiú go léir le haghaidh ardáin na meán sóisialta, cruthaíodh spás bailithe pobail ar líne agus rinne seo lucht leanúna nua a chruthú do Sheirbhís Leabharlainne Cheatharlach. Bunchuspóirí den bhrainse a mheastar atá mar Chúigiú Brainse Leabharlanna Cheatharlach is ea bheith rannpháirteach i measc úsáideoirí reatha leabharlainne ar bhealach nua agus dul i dteagmháil leo siúd nár aimsigh a mbealach trí dhoirse leabharlann poiblí go fóill. Agus teagmháil á déanamh le pobail sa RA, SAM, Ceanada, an Astráil, an Phortaingéil, an Spáinn, an Iodáil agus i mBairéin, leanfaidh ár gCúigiú Brainse le Seirbhís Leabharlainne a thabhairt a fhad le tithe, gutháin, táibléidí, ríomhairí agus scáileáin an domhain atá ag éirí níos cumasaí le cúrsaí teicneolaíochta. I gcomhar le Leabharlann Dhigiteach atá i mbun fairsingiú, sáraíonn an brainse breise seo na toimhdí agus na srianta roimhe seo i dtreo iliomad féidearthachtaí agus cumarsáide ar fud an domhain.

Saoránacht

"Tá saoránaigh de chuid na hÉireann mar bhaill fhoirmiúla de phobal na hÉireann, is é sin, pobal na hÉireann a bhfuil cónaí orthu in Éirinn agus pobal na hÉireann thar lear."[23]

Bronnann seo roinnt ceart agus teidlíochtaí. Cuireann saoránacht ghníomhach leis seo le réimse tréithe roghnacha ina mbíonn daoine i gceist a ghlacann páirt i saol an phobail san áit a gcónaíonn siad, nó a n-oibríonn siad nó sa tsochaí níos fairsinge; sa pholaitíocht, obair dheonach, cabhrú le daoine eile.

Éascaíonn leabharlanna saoránacht ghníomhach, soláthraíonn siad faisnéis, acmhainní agus spás do dhaoine chun páirt ghníomhach a ghlacadh sa saol áitiúil agus náisiúnta.

Áit atá i leabharlanna inar féidir le daoine a gceart daonlathach i leith faisnéise, smaointe agus eolais a fheidhmiú, i spás a léiríonn a n-oidhreacht agus a bhféiniúlacht chultúrtha.

Europe Direct – Leabharlann Mhóinteach Mílic, Contae Laoise

Seoladh tionscnamh Ionad Faisnéise Europe Direct i leabharlanna in 2005. Is é misean líonra leabharlann Ionad Faisnéise Europe Direct chun faisnéis agus comhairle a dháileadh faoi bheartais an Aontais Eorpaigh, chun saoránacht ghníomhach a chur chun cinn trí dhíospóireacht áitiúil agus réigiúnach faoin Aontas Eorpach, ligean do na hinstitiúidí Eorpacha faisnéis áitiúil agus réigiúnach a dheighilt óna chéile agus chun an deis a thabhairt don phobal chun aiseolas a sheoladh chuig institiúidí an Aontais Eorpaigh.

Faoi láthair, tá deich nIonad Faisnéise Europe Direct lonnaithe i leabharlanna poiblí ar fud na hÉireann don tréimhse 2013-2017: Baile Bhlainséir; Béal Átha na Sluaighe; Dún Dealgan; Gaoth Dobhair; Leitir Ceanainn; Mala; Móinteach Mílic; Tobair an Choire; Port Láirge; an Cheathrú Rua. Déantar faisnéis ar nuacht, imeachtaí agus ar ghníomhaíochtaí agus sonraí teagmhála a nuashonrú tríd an láithreán gréasáin lárnach www.europedirect.ie.

Ghlac Leabharlann Mhóinteach Mílic páirt i líonra Europe Direct den chéad uair in 2013, agus bhí siad ag gníomhú mar an ionad réigiúnach don Lár-Réigiún. Reáchtálann an leabharlann sraith imeachtaí, cainteanna agus taispeána do dhaoine fásta agus leanaí araon, a chuireann faisnéis, cultúr agus saoránacht an Aontais Eorpaigh chun cinn.

An Ghaeilge

Seaimpíní na Gaeilge agus an chultúir iad Leabharlanna poiblí. Ar aon dul leis *an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030*[24], oibríonn leabharlanna le gníomhaireachtaí Gaeilge agus le comhlachtaí oideachais chun acmhainní foghlama Gaeilge ar líne a chruthú chun tacú le béim níos mó ar scileanna labhartha agus éisteachta sa churaclam. Amhail i dtíortha eile an AE, is gnách go gcuirtear ríomhleabhair ar fáil sa teanga náisiúnta tríd an líonra leabharlann poiblí, gníomh a éascaíonn agus a spreagann foghlaim agus taitneamh a bhaint as an teanga náisiúnta.

---

[23] *Bheith i do Shaoránach Éireannach.* An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh http://www.citizensinformation.ie/en/moving_country/irish_citizenship/your_right_to_irish_citizenship.html

[24] An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. 2010.* http://www.ahg.gov.ie/en/20YearStrategyfortheIrishLanguage/Publications/20-Year%20Strategy%20-%20English%20version.pdf

Leabharlann Bhun Dobhráin, Comhairle Contae Dhún na nGall

Baile Leabhar Cheanannais ('Kells Town of Books')

Thosaigh Comhairle Contae agus Seirbhís Leabharlainne na Mí an tionscnamh *Baile Leabhar Cheanannais* i gcomhar le Comhlachas Tráchtála Cheanannais in 2012 d'fhonn Ceanannas a fhorbairt mar Bhaile Leabhar. Ciallaíonn seo go spreagtar an oiread siopaí agus is féidir chun cur fúthu i gCeanannas agus chun leabhair nua nó athláimhe agus earraí gaolmhara a thrádáil isteach, ar nós léarscáileanna, priontaí, cártaí poist, irisleabhair, agus earraí seanda.

Tá Ceanannas á chur chun cinn mar Bhaile Leabhar, trí mhéadú á dhéanamh ar líon na gcuairteoirí agus bhainfeadh gach saghas gnó sa bhaile na tairbhí i líon na gcustaiméirí agus san ioncam. Tá cian-nasc idir Ceanannas agus leabhair, is sampla soiléir Leabhar Cheanannais, agus is forbair an-nádúrtha é le haghaidh Cheanannais chun bheith ag oibriú ar smaoineamh Bhaile na Leabhar agus chun é a chothú nó go mbeidh rath tráchtála agus turasóireachta air don bhaile agus don cheantar máguaird.

Tá Siopa Leabhar Cheanannais ar an gcéad chéim i dtionscnamh Bhaile Leabhar Cheanannais Tá cúnamh cineálta á thabhairt ag oibrithe deonacha chun an siopa a reáchtáil agus rinne an tSeirbhís Leabharlainne agus muintir an phobail an stoc go léir a dheonú ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tabharfar an t-airgead go léir a thiomsaítear sa siopa i dtreo a chothabhála agus i dtreo phlean an Bhaile Leabhar a chothú agus a chur chun cinn. Déanann an tseirbhís leabharlainne bainistiú ar an stoc, an siopa agus ar na hoibrithe deonacha a oibríonn san aonad.

Forbraíodh an Baile Leabhar in Hay-on-Wye ar theorainn Shasana-na Breataine Bige go luath sna 1960idí. Tá bailte leabhar ann sa Bhreatain Bheag, Sasana, Albain, an Ísiltír, an Ghearmáin, an Iorua, an Fhrainc, Meiriceá Thuaidh agus an Áise. Tá deis iontach ann chun cairdeas a chruthú idir Bailte Leabhar, as a n-eascraíonn fiontair nua thurasóireachta agus líonta méadaithe cuairteoirí ar Cheanannas.

Anuas air sin, tá gliondar croí ar sheirbhís leabharlainne Chomhairle Contae na Mí bheith páirteach i dtacú le forbairt gheilleagrach agus na turasóireachta i gCeanannas trínár n-eolas agus saineolas gairmiúil i ndomhan na leabhar a roinnt, agus sinn ag oibriú leis an earnáil tráchtála, phobail agus dheonach sa tionscnamh nua agus spreagúil seo.

5. LEABHARLANNA POIBLÍ. STRAITÉIS CHÚIG BLIANA 2013-2017

"Is é an rialtas áitiúil a bheidh ar an bpríomhfheithicil rialachais agus seirbhíse poiblí ar leibhéal áitiúil – agus forbairt gheilleagrach, shóisialta agus pobail á stiúradh, mar aon le seirbhísí éifeachtúla agus atá ar luach maith a sheachadadh, agus ionadaíocht a dhéanamh do shaoránaigh agus do phobail áitiúla go héifeachtach agus go freagrach". **Fís don Rialtas Áitiúil in *Tús Áite do Dhaoine* lch iii (Aistriúchán)**

1. BEARTAS AGUS CUSPÓIR STRAITÉISEACH STRAITÉIS NA LEABHARLANN POIBLÍ

a. **Geilleagrach**: Oibreoidh líonra leabharlann poiblí na hÉireann as lámh chlár an rialtais chun athbheochan gheilleagrach agus cobhsaíocht na hÉireann amach anseo a chruthú, faisnéis, foghlaim, scileanna agus cruthaitheacht a sholáthar trí fhoireann náisiúnta gairmithe faisnéise, a dhéanann rochtain ar fhaisnéis, smaointe agus eolas ardchaighdeáin a threorú

b. **Sóisialta**: Cruthóidh leabharlanna poiblí na hÉireann féinfhiúntas aonair, folláine an phobail, comhtháthú pobail, féiniúlacht agus muinín trí rochtain fhisiciúil agus fhíorúil araon a threorú ar fhaisnéis phoiblí, phobail agus rialtais agus trí fheidhmiú mar áit áitiúil agus fhíorúil tionóil an phobail agus do chách

c. **Cultúrtha**: Beidh leabharlanna poiblí in Éirinn ina ngníomhairí ríthábhachtacha d'fhorbairt chultúrtha agus díreofar orthu le haghaidh féiniúlacht chultúrtha sa phobal, chun an cultúr náisiúnta agus áitiúil a chaomhnú agus a chur chun cinn, chun deiseanna a sholáthar d'fhorbairt chruthaitheach agus eispéireas coiteann cultúrtha

2. FÍS

Cuireann leabharlanna poiblí na hÉireann comhtháthú agus folláine phoiblí, borradh geilleagrach, cobhsaíocht agus féiniúlacht chultúrtha chun cinn. Cuirfidh siad feabhas ar fhéinfhiúntas agus ar fhéinmhuinín. Éascóidh leabharlanna poiblí na hÉireann foghlaim, agus soláthróidh siad faisnéis agus scileanna, mar aon le cultúr beo, sa phobal agus ar líne araon, agus beidh lucht oilte saothair ag oibriú le saoránaigh agus le comhpháirtithe, go háitiúil agus go náisiúnta.

3. AN STRAITÉIS A SHEACHADADH

Chuaigh na príomh-chomhpháirtithe, an Roinn, an CCMA agus Forbairt Leabharlann, an LGMA, i gcomhairle lena chéile agus chomhaontaigh siad ar roinnt clár a dhéanann seirbhís bheoga agus ábhartha leabharlainne a sholáthar. Cuirfidh na húdaráis áitiúla an straitéis seo i bhfeidhm, le tacaíocht ón Roinn agus ó Fhorbairt Leabharlann, an LGMA.

Déanfar an straitéis seo a sholáthar i gcomhthéacs na timpeallachta reatha geilleagraí agus chlár um borradh agus cobhsaíocht gheilleagrach an Rialtais. Leagtar amach sa straitéis seo clár uaillmhianach don tseirbhís leabharlainne poiblí de chuid an údaráis áitiúil chun athrú suntasach a dhéanamh a thacóidh le clár an Rialtais. Braitheann cur i bhfeidhm iomlán na straitéise seo ar fheidhmíocht gheilleagrach na hÉireann le linn na tréimhse.

4. SEACHT GCLÁR STRAITÉISEACHA

Le linn thréimhse na straitéise, 2013-2017, déanfaidh leabharlanna na hÉireann an fhís seo a sheachadadh. Cinntíonn seacht gclár gníomhaíochta go mbaintear amach torthaí geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha na straitéise. Leagfaidh iniúchadh iomlán fhoirgnimh agus sheirbhísí na leabharlainne an bhonnlíne don straitéis agus leanfar le hiniúchadh a dhéanamh ar an tseirbhís ar bhonn leanúnach chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus chun aon limistéir lena bhforbairt a shainaithint.



CLÁR A HAON. Spás Fisiciúil agus Soláthar Seirbhíse

Áit neamh-dhaorbhreithiúnach agus dhaonlathach agus áit de bheogacht phobail ar féidir é a rochtain saor in aisce atá sa leabharlann fhisiciúil. Spás maireachtála é a thugann rochtain ar fhaisnéis, foghlaim agus cultúr. Íomhá sheachtrach an rialtais áitiúil an leabharlann, mar aon le hionad shaol agus fholláine an phobail.

Cuspóirí

- Chun leabharlanna poiblí agus spásanna sibhialta a sholáthar atá dea-lonnaithe, dea-phleanáilte, éifeachtach, oscailte agus a chuireann fáilte roimh chách
- Feabhas a chur ar thimpeallacht fhisiciúil an phobail, agus chun athghiniúint uirbeach agus pobail inmharthana a chur chun cinn
- Cothromas na gcroísheirbhísí a sheachadadh do gach úsáideoir agus chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar acmhainní níos éifeachtúla
- Chun glacadh le ceannas i gcomhaontú pobail údaráis áitiúil
- Chun na huaireanta oscailte is faide a bhaint amach do dhaoine aonair agus don phobal
- Chun cothromas rochtana a chur ar fáil do chách trí chroísheirbhísí saor in aisce a chur ar fáil faoi 2017
- I gcomhar le tabhairt isteach croísheirbhís saor in aisce, chun clárú uathoibríoch a bhunú le haghaidh ballraíocht uilíoch leabharlann poiblí do gach leanbh a bheirtear in Éirinn

1. Plean Gníomhaíochta a hAon: An spás fisiciúil

a. Leanfaidh an Roinn le treoir straitéiseach a thabhairt agus déanfaidh siad iarracht tacaíocht airgeadais a chur ar fáil don Chlár Caipitiúil Foirgnimh Leabharlainne agus d'fhorbairt seirbhíse, de réir mar a cheadaíonn cúinsí geilleagracha

b. Fiosróidh leabharlanna poiblí an fhéidearthacht chun breis cistiú a fháil trí dhaonchairdeas, fiontraíocht, comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha agus trí fhoinsí eile

c. Cinnteoidh údaráis áitiúla go gcuirtear seirbhís éifeachtach nua-aimseartha agus mhealltach ar fáil laistigh do gach saoránach

d. Déanfaidh an Roinn athbhreithniú ar threoirlínte agus iad a eisiúint le haghaidh Cláir Chaipitiúla Foirgnimh Leabharlainne agus seirbhísí leabharlainne amach anseo

e. Eiseoidh an Roinn, i gcomhar le Forbairt Leabharlann, an LGMA, treoirlínte athbhreithnithe do gach údarás áitiúil leis an gClár Forbartha Leabharlainne a réiteach, amhail a cheanglaítear faoi Alt 78 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001, le linn shaolré na straitéise Leagfar amach sna treoirlínte an tseirbhís leabharlainne mar phointe fócais don údarás áitiúil laistigh den phobal, ag oibriú le gach seirbhís údaráis áitiúil eile

f. Oibreoidh údaráis áitiúla le Forbairt Leabharlann, an LGMA le tabhairt faoi Iniúchadh Náisiúnta cuimsitheach agus leanúnach ar Fhoirgnimh agus ar Sheirbhísí Leabharlann Poiblí d'fhonn an soláthar reatha seirbhíse agus nuálaíocht agus an dea-chleachtas a dheimhniú, óna ndéanfar infheistíocht náisiúnta agus áitiúil a phleanáil i bhfoirgnimh agus i seirbhísí leabharlainne agus seachadadh seirbhíse

2. Plean Gníomhaíochta a Dó: Soláthar seirbhíse

a. Cruthóidh an tIniúchadh Náisiúnta ar Fhoirgnimh agus ar Sheirbhísí Leabharlann Poiblí tairiscint chomhsheasmhach a áireoidh an méid a leanas: ballraíocht shingil náisiúnta, rochtain uilíoch sa leabharlann féin agus ar líne, áiseanna TFC sa leabharlann trí rochtain ardchaighdeáin idirlíon leathanbhanda, sprioc-chiste in aghaidh an duine le haghaidh réimse, ábharthacht agus saghas acmhainní arna ndearbhú i leith cáilíocht ar mhaithe le leibhéil inmharthana úsáide agus tionchar intomhaiste
b. Cuirfidh údaráis áitiúla croísheirbhís leabharlainne poiblí ar a ndéanfar comhaontú, ar a mbeidh rochtain trí mháthairshamhail líonraithe de leabharlanna láir, cathrach agus pobail
c. Fiosróidh an Roinn, i gcomhar le Forbairt Leabharlann, an LGMA, bealaí nua chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha agus deiseanna a fhorbairt le haghaidh cistiú tríd an bhFóram Náisiúnta Comhairleach le haghaidh Leabharlanna Poiblí
d. Coimeádfaidh an Roinn an sprioc-chiste reatha stoic in aghaidh an duine (€3.77), mar aon le leanúint leis na srianta reatha geilleagracha a aithint agus athbhreithniú a dhéanamh air seo ar bhonn incriminteach le linn na straitéise, ar aon dul le cúinsí geilleagracha
e. Leabharlanna poiblí a bheidh mar sheirbhís túslíne na n-údarás áitiúil agus is iad siúd a stiúrfaidh rannpháirtíocht an phobail ar aon dul le feidhm athraitheach na n-údarás áitiúil agus bheartas an rialtais
f. Cuirfidh údaráis áitiúla na huaireanta oscailte leabharlainne is faide agus a oireann don lucht úsáide ar fáil
g. Oibreoidh an Roinn as lámh údarás áitiúil agus Fhorbairt Leabharlann, an LGMA, le fiosrú a dhéanamh ar na samhlacha de sholáthar seirbhíse i dtaobh luach ar airgead agus éifeachtachta, féachaint le rochtain saor in aisce a fháil ar na croísheirbhísí faoi 2017
h. Fiosróidh an Roinn, i gcomhar le Forbairt Leabharlann, an LGMA, indéantacht mheicníocht chláraithe le haghaidh ballraíocht uilíoch leabharlainne poiblí le haghaidh gach leanbh a bheirtear in Éirinn
i. Cuirfear i bhfeidhm beartas náisiúnta le haghaidh éadálacha comhroinnte do leabharlanna, lena n-áirítear cuibhreannas náisiúnta éadálacha le haghaidh acmhainní priontála agus leictreonacha leabharlann poiblí a uasmhéadaíonn costéifeachtúlacht an chaiteachais ar acmhainní, a mhéadaíonn an cumas ceannaigh agus a fhaigheann an rogha is fearr ar ábhair don úsáideoir, ar aon dul le beartas an rialtais
j. Cuirfidh Leabharlanna Poiblí beartais a thacaíonn le daoine breacaosta bunaithe ar na moltaí i dtuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha Leabharlann a Thacaíonn le Daoine Breacaosta do sholáthar seirbhísí do dhaoine breacaosta

CLÁR A DÓ: Foghlaim, Scileanna agus Fiontar

Tacaíonn leabharlann poiblí leis an aistriú ó aois an pháiste anonn chuig aosacht; mar theaghlaigh, páistí scoile, daltaí agus mar fhoghlaimeoirí ar feadh an tsaoil, tá na scileanna á dtabhairt ag leabharlanna do dhaoine bheith gníomhach sa domhan. Ag bogadh ar aghaidh go dtí poist agus gairmeacha beatha; ag lorg oibre nó ag tabhairt faoina gcuid fiontar féin nó iarrachtaí a dhéanamh bheith ina bhfiontraithe.

Cuspóirí:

- Deiseanna a sholáthar do dhaoine aonair chun forbairt a dhéanamh mar shaoránaigh liteartha, feasacha, deaslabhartha agus muiníneacha
- Tacú le foghlaim ar feadh an tsaoil agus filleadh ar an bhfoghlaim
- Tacú le tuismitheoirí[25] agus le cúramóirí chun cabhrú le leanaí forbairt a dhéanamh ar a litearthacht, uimhearthacht agus a scileanna cumarsáide
- A chinntiú go bhfuil rochtain ag gach leanbh scoile ar thacaíocht oideachais agus ar léamh fóillíochta
- Tacú le leanaí agus daoine fásta ag a bhfuil deacrachtaí foghlama
- Léamh agus caint na Gaeilge a chur chun cinn agus a éascú
- Gníomhú mar líonra tacaíochta dóibh siúd a bhfuil fostaíocht á cuardach acu
- Ról na leabharlainne poiblí a threisiú maidir le tacú le tionscnaimh agus forbairtí geilleagracha, go háirithe tacú le riachtanais faisnéise agus taighde ar fhiontraithe, gnólachtaí nuathionscanta agus SMEanna atá bunaithe go háitiúil

1. Plean Gníomhaíochta a hAon: Scileanna foghlama, litearthachta agus cruthaitheachta

a. Bailiúcháin ardchaighdeáin agus gníomhaíochtaí cruthaitheacha léitheora a chur ar fáil dóibh siúd go léir a chothaíonn an léamh mar bhunscil don bheatha Bainfear seo amach ar fud na seirbhíse, trí bheartas bailiúchán agus trí sprioc-chiste in aghaidh an duine
b. Rochtain a chur ar fáil ar acmhainní ar líne agus sa leabharlann féin chun tacú le scileanna léimh, scríofa agus labhartha, uimhearthacht, faisnéis agus forbairt scileanna litearthachta digití ar mhaithe le foghlaim neamhspleách ar feadh an tsaoil
c. Oibriú le ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí náisiúnta chun litearthacht, uimhearthacht agus scileanna cumarsáide leanaí agus daoine fásta a chur chun cinn, trí thionscnamh náisiúnta ar fud na seirbhíse, gníomhaíochtaí, treoir agus acmhainní cláreagraithe le haghaidh leanaí, a dtuismitheoirí agus a gcúramóirí agus trí thionscnamh náisiúnta ar fud na seirbhíse do dhaoine fásta
d. Oibriú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige chun cur chuige comhoibritheach a bhunú le haghaidh soláthar tacaíocht oideachais agus ábhair léitheoireacht fóillíochta idir scoileanna, naíonraí agus leabharlanna poiblí
e. Rochtain a sholáthar ar sheirbhísí agus ar chláir sprioctha le haghaidh leanaí agus daoine fásta ag a bhfuil deacrachtaí foghlama
f. Comhlíonadh a chinntiú agus treoirlínte a chur i bhfeidhm ar chosaint leanaí agus daoine fásta leochaileacha
g. Leanúint le tacú agus le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Gaeilge i leabharlanna poiblí

[25] De réir thuarascáil 2012 an OECD, *Let's Read Them a Story! The Parent Factor in Education,* níor léigh tuismitheoir as gach cúigear scéal dá leanaí riamh http://dx.doi.org/10.1787/9789264176232-en

2. Plean Gníomhaíochta a Dó: Scileanna fostaíochta agus tacaíocht gnó

a. Tacú le cuardaitheoirí poist trí acmhainní infhostaitheachta agus forbartha scileanna a sholáthar ar líne agus sa leabharlann féin
b. Oibriú mar áit foghlama, oibre agus chun casadh le daoine, do dhaoine a bhfuil fostaíocht á lorg acu, gnó á chur ar bun acu, daoine féinfhostaithe agus fiontraithe, trí acmhainní faisnéise agus foghlama, rochtain ar an idirlíon, atreorú agus tacú gairmithe oilte faisnéise a chur ar fáil
c. Oibriú leis na hOifigí Áitiúla Fiontair maidir leis na cuspóirí geilleagracha údaráis áitiúil agus cruthaithe poist a sholáthar
d. Oibriú le heagraíochtaí agus le gníomhaireachtaí náisiúnta agus áitiúla post agus tacaíochta le daoine féinfhostaithe chun scileanna, faisnéis agus scileanna atreoraithe a sholáthar
e. Bheith mar óstach ar dheiseanna líonraithe le haghaidh gairmithe gnó, agus timpeallacht a chothú le haghaidh forbairt tionscnaimh áitiúla gheilleagracha
f. Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le heagraíochtaí eile a chuireann seirbhísí gnó ar fáil go náisiúnta agus laistigh den phobal áitiúil

CLÁR A TRÍ. An Cultúr agus an Pobal

Díríonn an leabharlann ar cheiliúradh cultúr agus cruthaitheacht náisiúnta agus áitiúil. Spás cultúrtha atá sa leabharlann, agus is áit í ina gcastar le daoine agus le smaointe, agus ina gcruthaítear deiseanna chun feabhas a chur ar bheatha an phobail.

Cuspóirí

- Spéis mhór sa léamh agus i léirthuiscint na litríochta a chothú agus a fhorbairt
- Tacú le comhtháthú agus le cuimsiú sóisialta
- Bród, muinín agus féiniúlacht a chur chun cinn sa chultúr agus san oidhreacht áitiúil agus náisiúnta ionas gur féidir le daoine agus le pobail páirt a ghlacadh, foghlaim, athrú, cruthú agus feabhas a chur ar a gcáilíocht beatha
- Spreagadh geilleagrach a chur ar fáil trí fhoghlaim, cruthaitheacht, rochtain gan stró ar eolas agus faisnéis iontaofa agus údarásach
- Eispéireas a chur ar fáil i spás ardchaighdeáin cultúrtha, ionad foghlama agus litríochta, agus tairseach isteach go dtí domhan an chultúir agus an eolais do phobail áitiúla

1. **Plean Gníomhaíochta a hAon: An cultúr agus faisnéis, saoránacht agus an pobal**

a. Cinnteoidh gach údarás áitiúil go bhfuil beartas reatha um bailiúcháin leabharlainne acu
b. Cuirfidh an leabharlann leis an bpaisean agus leis an taitneamh a bhaineann an lucht léite trí imeachtaí liteartha agus féilte léitheoireachta a chur ar bun, mar aon le grúpaí léitheoireachta sa litríocht chruthaitheach, na daonnachtaí agus na heolaíochtaí
c. Cuirfidh seirbhís na leabharlainne poiblí lena ról maidir le faisnéis a sholáthar trína líonra de ghairmithe faisnéise, bailiúchán agus acmhainní
d. Cuirfidh an tseirbhís leabharlainne poiblí le bailiúcháin de staidéar áitiúil agus de stair theaghlaigh agus cuirfidh an tseirbhís rochtain orthu go háitiúil agus go hidirnáisiúnta chun cinn
e. Éascóidh gach leabharlann gníomhaíochtaí grúpa agus pobail a oireann dá láthair, scála agus don phobal áitiúil
f. Leanfaidh leabharlanna le hoibriú le pobail chun réimse ardchaighdeáin de chláreagrú a chur ar fáil

CLÁR A CEATHAIR. An Leabharlann Fhíorúil: Rochtain ar Fhaisnéis agus ar Eolas

Baineann an leabharlann phoiblí leas as teicneolaíochtaí nua agus digiteacha atá ag teacht chun cinn le haghaidh bainistíochta, seachadadh seirbhíse agus foghlaim chruthaitheach agus cumarsáide ar mhaithe le sochar geilleagrach agus sóisialta úsáideoirí agus pobal. Freagraíonn an tseirbhís leabharlainne, í féin, ar an athrú teicneolaíochta a theastaíonn ó eagraíochtaí agus seirbhísí inmharthana sa ré dhigiteach agus cuireann sí chun cinn an t-athrú seo.

Cuspóirí:

- Na deiseanna a uasmhéadú a chruthaíonn córais agus na meáin dhigiteacha maidir le freastal, ábharthacht agus inrochtaineacht seirbhísí leabharlainne a fhairsingiú d'úsáideoirí agus d'údaráis áitiúla
- An tseirbhís leabharlainne a shuíomh mar an bpríomhnuálaí agus an príomhlucht tionchair i limistéar na foghlama, na faisnéise agus malairte eolais
- Na réitigh is éifeachtaí agus is coséifeachtúla teicneolaíochta a bhaint amach le haghaidh córais agus seirbhísí leabharlainne
- Bailiúcháin náisiúnta agus áitiúla dhigiteacha a mhéadú agus a n-inrochtaineacht agus a ngníomhaíocht chaomhnaithe a uasmhéadú
- Eispéireas níos idirghníomhaí agus feabhsaithe úsáideora a bhaint amach, mar aon le nuálaíocht níos fearr i seachadadh seirbhíse
- Cur leis na deiseanna ríomhfhoghlama atá ar fáil i leabharlanna poiblí

1. Plean Gníomhaíochta a hAon: Comhsheirbhísí TFC

a. Creatlach le haghaidh caighdeán agus treoirlínte a fhorbairt le haghaidh TFC i leabharlanna poiblí agus coiste caighdeán náisiúnta a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm bunaithe ar iniúchadh bliantúil

b. Comhoibriú ar leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha chun córas náisiúnta bainistíochta leabharlann a fhorbairt chun inrochtaineacht, costéifeachtúlacht, freastal agus tionchar a uasmhéadú agus chun leabharlanna na hÉireann a aistriú ina n-eiseamláir cheannródaíoch den 21ú haois[26]. Éascóidh seo an méid a leanas:
    i. Catalóg agus bunachar sonraí náisiúnta acmhainní a thugann rochtain ar fhaisnéis ar gach bailiúchán
    ii. Rochtain náisiúnta ar an leabharlann dhigiteach
    iii. Ballraíocht amháin shingil náisiúnta le haghaidh rochtain uilíoch ar gach leabharlann phoiblí agus seirbhís leabharlainne ar líne
    iv. Cumas chun forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí náisiúnta eile

c. Wifi a shíneadh chuig gach leabharlann agus rochtain uilíoch a thabhairt ar leathanbhanda i dtimpeallacht faoi thacaíocht

d. Tús a chur le clár um thabhairt isteach féinseirbhíse, agus leas á bhaint as teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ar mhaithe le heispéireas feabhsaithe custaiméara agus bainistíocht fheabhsaithe acmhainní

2. Plean Gníomhaíochta a Dó: Acmhainní ar líne agus na meáin shóisialta

a. Leanúint le digitiú ábhair staidéir áitiúil agus tacair náisiúnta shonraí, mar aon le soláthar acmhainní oidhreachta cultúrtha, ginealais, comhshaoil agus turasóireachta cultúrtha ar líne ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil

b. Oibriú i dtreo leabharlann dhigiteach agus fairsingiú na hoidhreachta cultúrtha ar líne

[26] Amhail formhór na dteicneolaíochtaí, tá seo faoi réir athrú leanúnach. Féach an forbhreathnú ag Ken Chad "Change will be relentless", Nuashonrú an CILIP, Meán Fómhair 2012

c. Leanúint le hobair na straitéise náisiúnta digitithe, *Leabharlanna Athraitheacha* ('Changing Libraries') lena chinntiú go mbaineann pobal na hÉireann leas as dea-chleachtas maidir le forbairtí teicneolaíochta agus soláthar acmhainní digiteacha
d. Cúrsaí idirghníomhacha, ar líne agus tacaíocht úsáideoirí a chruthú i dtimpeallachtaí fíorúla foghlama, cur le bailiúcháin áitiúla le deiseanna foghlama ar líne agus iargúlta Tosaíocht a dhéanamh de thacaíocht le haghaidh léitheoireachta, na Gaeilge, scileanna TFC, scileanna taighde laistigh d'oideachas scoile, foghlaim ar feadh an tsaoil agus cláir chultúrtha
e. Gníomhaíochtaí cruthaitheacha forbartha digití a fhorbairt don phobal i leabharlanna
f. Fiosrú a dhéanamh ar na riachtanais le haghaidh chaomhnú an ábhair dhigitigh agus na bainistíochta eolais, de réir dea-chleachtais
g. Beartas coiteann úsáideora a fhorbairt le haghaidh údaráis áitiúla ar rochtain ar an ngréasán, a léiríonn riachtanais agus iompar comhaimseartha geilleagrach agus sóisialta
h. Leanúint le húsáid a bhaint as na deiseanna a sholáthraíonn na meáin shóisialta agus na teicneolaíochtaí soghluaiste agus cruthaitheacha chun bheith rannpháirteach leis an bpobal agus chun seirbhísí a sheachadadh dóibh

CLÁR A CÚIG: Forbairt Lucht Saothair. Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil; Seachadadh Seirbhíse

Cibé acu má bhíonn sé sa phobal nó ar an ngréasán, is éard a theastaíonn ó sheirbhísí leabharlainne an ceannas, an bhainistíocht agus an fhoireann seachadta seirbhíse a oibríonn le pobail le rochtain saor in aisce, rannpháirtíocht an úsáideora agus an phobail a chinntiú i dtacaíocht a thabhairt don fheidhmíocht is fearr agus chun cuspóirí beartais gheilleagraigh, shóisialta agus chultúrtha na seirbhíse a chomhlíonadh.

Cuspóirí

- Breis forbartha a dhéanamh ar sheirbhís phoiblí fhreagrúil, éifeachtach, atá dírithe ar an úsáideoir agus atá mar chuid de bheatha an phobail agus den bheatha náisiúnta
- Ceannaireacht, bainistíocht éifeachtach agus scileanna seachadta seirbhíse a sholáthar
- A chinntiú go bhfuil scileanna na leabharlainne nua-aimseartha anuas ar scileanna an ghairmí faisnéise agus eolais ag an bhfoireann
- An próiseas PMDS agus creatlach inniúlachta a úsáid chun foghlaim agus forbairt leanúnach a chur chun cinn
- An cultúr agus na scileanna a fhorbairt le haghaidh oibriú comhoibritheach, measúnú agus pleanáil seirbhíse, agus nuálaíocht agus feabhsú leanúnach

1. Plean Gníomhaíochta a hAon: Ceannaireacht agus forbairt bainistíochta le haghaidh bainisteoirí leabharlainne

a. Clár leanúnach a bhunú i bhforbairt ceannaireachta le haghaidh bainisteoirí leabharlainne laistigh den PMDS agus den chreatlach inniúlachta, lena n-áirítear:
   i. Ceannaireacht straitéiseach a bhunaíonn comhchuspóir le haghaidh seirbhísí leabharlainne in Éirinn a léiríonn tosaíochtaí agus riachtanais áitiúla mar aon le straitéis náisiúnta
   ii. Forbairt ceannaireachta agus bainistíochta le haghaidh bainisteoirí sinsearacha agus láir chun feabhas a chur ar a gcumas chun bheith i gceannas ar lucht saothair na leabharlainne poiblí, agus chun comhoibriú le comhpháirtithe sa rialtas áitiúil agus ar son an rialtais áitiúil
   iii. Forbairt ghairmiúil lena chur ar chumas bainisteoirí sinsearacha agus láir chun leanúint agus forbairt a dhéanamh ar a láithreacht ghníomhach sa phobal, seirbhísí faisnéise, léitheoireachta agus cultúrtha a stiúradh, bainistiú a dhéanamh ar acmhainní, tacú le foghlaimeoirí agus le cuardaitheoirí faisnéise den uile aois agus cúlra.

2. **Plean Gníomhaíochta a Dó: Foghlaim agus forbairt foirne**
   a. Leanúint le hinfheistíocht a dhéanamh in oideachas agus oiliúint foirne agus tacú leo laistigh den chreatlach PMDS agus inniúlachta
   b. Sraith náisiúnta de riachtanais foghlama agus forbartha a shainaithint – sraith nua scileanna a bheidh ag teastáil ó lucht saothair na leabharlann poiblí
   c. Clár foghlama agus forbartha a cheapadh agus a thosú d'fhoireann leabharlann poiblí a chuirfear ar bun le linn thréimhse na straitéise
   d. Cláir foghlama a chur ar fáil don fhoireann maidir le forbairt scileanna agus tabhairt isteach seirbhísí nua

3. Plean Gníomhaíochta a Trí: Eagrú agus seachadadh na seirbhíse leabharlainne
   a. Athbhreithniú a dhéanamh ar struchtúir reatha chun leabharlanna poiblí níos treise, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhunú i gcomhthéacs leasú an rialtais áitiúil agus comhsheirbhísí

CLÁR A SÉ. Comhoibriú, comhpháirtíocht agus cur chun cinn

Cruthaíonn seachadadh seirbhísí comhordaithe atá bunaithe ar chomhoibriú agus comhpháirtíocht an deis go mbainfidh an tseirbhís leabharlainne leibhéil nua d'ábharthacht agus d'fhiúntas amach. I dtimpeallacht athraithe gheilleagrach, teastaíonn níos mó comhoibriú agus cur chuige comhroinnte ó dhúshlán an bhrú airgeadais agus an bhrú straitéisigh, atá á gcur chun cinn ag beartas náisiúnta agus ag cur chuige áitiúil i leith comhsheirbhísí. Trí na deiseanna comhoibrithe agus na gníomhaíochtaí córasacha um chur chun cinn, cuirfear teachtaireacht shingil náisiúnta chun cinn ar na croísheirbhísí a chuireann an tseirbhís leabharlainne ar tairiscint.

Cuspóirí

- Caidrimh a threisiú le seirbhísí eile rialtais áitiúil trí chomhoibriú comhordaithe agus córasach
- Seirbhísí agus éifeachtúlachtaí feabhsaithe a sheachadadh trí chomhoibriú agus comhpháirtíochtaí le ranna rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí náisiúnta
- Leas a bhaint as deiseanna san AE agus as tionscnaimh idirnáisiúnta thaighde agus forbartha, saineolas a chomhroinnt agus na dea-chleachtais a chomhlíonadh
- Comhoibriú tionscadalbhunaithe a threisiú agus oibriú le seirbhísí inchomparáide i dTuaisceart Éireann, Sasana, Albain agus an Bhreatain Bheag, tíortha Nordacha agus tíortha eile
- Bealach éifeachtach a chur ar fáil chun tionscnaimh a bhunú, chun comhsheirbhísí a fhorbairt agus chun deiseanna a uasmhéadú a chuireann naisc nádúrtha ar fáil
- An t-éileamh, an tionchar agus an fiúntas lena mbaineann leabharlanna poiblí i measc daoine, teaghlach agus pobal a threisiú
- Próifíl na seirbhíse leabharlainne a ardú agus soláthar na croísheirbhíse leabharlainne a chur chun cinn trí sheachadadh clár náisiúnta gníomhaíochtaí um chur chun cinn

1. Plean Gníomhaíochta a hAon: Comhoibriú Náisiúnta agus Comhsheirbhísí

a) Comhordóidh an Roinn, i gcomhar le Forbairt Leabharlann, an LGMA, ról na leabharlainne poiblí i dtionscnaimh bheartais náisiúnta le ranna rialtais, gníomhaireachtaí, comhlachtaí náisiúnta, leabharlann náisiúnta agus leabharlanna in institiúidí tríú leibhéal tríd an bhFóram Náisiúnta Comhairleach le haghaidh Leabharlann Poiblí.

b) Leanfaidh údaráis áitiúla orthu, le tacaíocht ó Fhorbairt Leabharlann, an LGMA, le dul chun cinn a dhéanamh ar chomhoibriú comhordaithe agus córasach agus le forbairt na comsheirbhíse ar bhonn áitiúil, náisiúnta AE agus idirnáisiúnta.
Treiseofar comhoibriú struchtúrtha idir leabharlanna poiblí agus ranna eile den údarás áitiúil, ranna rialtais agus eagraíochtaí eile sna limistéir a leanas:

I. An rialtas áitiúil, chun díriú ar an leabharlann phoiblí mar phointe fócais don údarás áitiúil sa phobal, ag oibriú le seirbhísí údaráis áitiúil eile chun forbairt gheilleagrach agus shóisialta a chur chun cinn
II. Forbairt litearthachta chun tacú le leanaí, ógánaigh agus daoine fásta
III. Oideachas agus foghlaim ar feadh an tsaoil chun tacú le foghlaim luathaois an pháiste, naíonra, scoile, tríú leibhéal agus neamhspleách ar feadh an tsaoil
IV. Fostaíocht, gnó agus poist chun tacú le cuardaitheoirí poist, fiontraithe, SMEanna, gnólachtaí nuathionscanta agus le daoine atá féinfhostaithe
V. Cultúr chun bród, muinín agus féiniúlacht a chur chun cinn san oidhreacht áitiúil agus náisiúnta
VI. Tá ar an bpobal féinfhiúntas aonair, cuimsiú sóisialta, comhtháthú agus inmharthanacht a chur chun cinn
VII. Faisnéis ar an bpobal, an t-údarás áitiúil, an rialtas, saoránacht, cultúr, staidéir áitiúla, fiontar, an comhshaol, sláinte agus folláine

2. Plean Gníomhaíochta a Dó: Comhoibriú leis an AE, an RA, Thuaidh-Theas

a. Leanúint le cur le comhoibriú agus le tionscnaimh chomhroinnte saineolais le húdaráis náisiúnta leabharlainne agus le comhlachtaí eile i dTuaisceart Éireann, Sasana, Albain agus sa Bhreatain Bheag agus sna tíortha Nordacha, an lucht traidisiúnta ceannais i gcleachtas leabharlainne
b. Comhoibriú ar thionscnaimh thionscadalbhunaithe le Leabharlanna i dTuaisceart Éireann, PRONI agus le comhlachtaí eile inchomparáide sa Bhreatain Bheag, in Albain agus i Sasana.
c. Bheith rannpháirteach i nuálaíocht agus i dtaighde ceannródaíoch trí thionscnaimh thionscadalbhunaithe AE
d. Dea-chleachtas a roinnt trí rannpháirtíocht i bhfóraim shaineolaithe na mballstát, agus trí fhóraim idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta shaineolaithe

3. Plean Gníomhaíochta a Trí: Cur chun cinn

a. Straitéis um chur chun cinn a fhorbairt do leabharlanna poiblí
b. Déanfaidh údaráis áitiúla comhaontú ar bhranda uilíoch leabharlainne, bunaithe ar chroísheirbhís chomhaontaithe, atá ar fáil do gach leabharlann agus a dhéantar a chur chun cinn go náisiúnta
c. Bunóidh Forbairt Leabharlann, an LGMA clár náisiúnta gníomhaíochtaí um chur chun cinn chun feasacht seirbhíse a ardú, treisithe ag cláir áitiúla ghníomhaíochta um chur chun cinn

CLÁR A SEACHT. Taighde a dhéanamh ar mhonatóireacht, athbhreithniú, measúnú; pleanáil amach anseo, as a n-eascraíonn seirbhísí leabharlainne níos fearr

Bíonn seirbhísí inmharthana, costéifeachtúil agus ábhartha mar gheall ar athbhreithniú, measúnú agus nuálaíocht a dhéanamh. Teastaíonn taighde níos fadtéarmaí agus tomhas láithreach feidhmíochta chun rath leanúnach agus luach ar airgead a ráthú mar aon leis na torthaí inmhianaithe geilleagracha agus sóisialta ar infheistíocht.

Cuspóirí

- Leabharlanna poiblí a choimeád chun tosaigh an dea-chleachtais i soláthar seirbhís leabharlainne agus forbairt an lucht saothair
- Chun riachtanais an duine aonair agus an phobail a shainaithint
- Faisnéis a sholáthar do chláir reatha agus cláir atá ag teacht chun cinn, a chinntíonn seirbhís fhreagrúil agus éifeachtach leabharlainne poiblí
- A chinntiú go mbaineann cláir toradh geilleagrach agus sóisialta amach ar infheistíocht
- Sonraí intomhaiste a ghiniúint ar sholáthar agus tionchar seirbhísí leabharlainne

1. **Plean Gníomhaíochta a hAon: Úsáideoirí, pobail agus taighde náisiúnta**
    a. Anailís a dhéanamh ar an Iniúchadh Náisiúnta cuimsitheach ar Fhoirgnimh agus ar Sheirbhísí Leabharlann Poiblí chun soláthar reatha seirbhíse agus an dea-chleachtas a shainaithint, óna ndéanfar infheistíocht náisiúnta agus áitiúil a phleanáil i bhfoirgnimh agus i seirbhísí leabharlainne
    b. Tabhairt faoi thaighde ar riachtanais aonair, teaghlaigh, phobail agus náisiúnta chun faisnéis a chur ar fáil don tseirbhís leabharlainne agus chun toradh geilleagrach agus sóisialta ar infheistíocht a chinntiú
    c. Na forbairtí óna dteastaíonn an taighde is mó chun faisnéis a chur ar fáil d'fheidhmíocht, fiúntas, tionchar agus straitéis amach anseo
    d. Tabhairt faoi shraith chomhaontaithe staidéar ar thionchar chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht chláir na straitéise

2. **Plean Gníomhaíochta a Dó: Tionscadail sheachtracha agus idirnáisiúnta taighde agus nuálaíochta**
    a. Athbhreithniú a dhéanamh ar thaighde seachtrach agus idirnáisiúnta agus an taighde céanna a shainaithint a d'fhéadfadh freastal ar riachtanais taighde féin na leabharlann poiblí
    b. Comhoibriú leis an taighde idirnáisiúnta agus AE seo ar gheilleagair, mais chriticiúil agus dea-chleachtas

AGUISÍNÍ

1. Comhairliúcháin

2. An todhchaí agus an domhan mórthimpeall

3. An áit atá bainte amach ag leabharlanna inniu: Anailís SWOT

4. Clár Caipitiúil Foirgnimh Leabharlainne: Rannpháirtíocht níos fairsinge leis an gCreatlach Uirbeach agus le Forbairt Gheilleagrach

5. Taithí Idirnáisiúnta: pleanáil straitéiseach leabharlann poiblí i dtíortha eile

6. Taithí Idirnáisiúnta: scileanna an Lucht Saothair nua-aimseartha Leabharlainne agus Faisnéise

7. Liosta Bhaill na gCoistí

8. Tagairtí

9. Buíochas

AGUISÍN 1: COMHAIRLIÚCHÁIN

Chuathas i gcomhairle le príomhpháirtithe leasmhara agus an straitéis seo á réiteach. Bhí comhairliúchán foirmiúil ar siúl ag an Roinn ar cháipéis na dréacht-straitéise.

Údarás áitiúla

Thug bainisteoirí na leabharlainne faisnéis don fhoireann agus bhí plé ar bun acu ar fhorbairt cháipéisí na straitéise. Tugadh cuireadh don fhoireann go léir a dtuairimí a chur in iúl ar an treoir straitéiseach le haghaidh leabharlanna poiblí. Rinneadh an t-aiseolas a chorprú isteach sa straitéis agus seo a leanas sleachta óna bhfreagraí.

Ball foirne ó Leabharlanna Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin
Ba dheas liomsa dá ndéanfaí an tseirbhís a fhorbairt ina comhlacht comhtháite le próifíl níos airde, a fheidhmíonn mar íomhá an údaráis áitiúil trí oibriú níos dlúithe le TF, Ranna Pobail agus le hoifigí fiontair áitiúil.

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlann Chontae Liatroma
"Ba cheart dúinn an treocht teicneolaíochta a leagan síos, chomh maith le smaointí, foghlaim agus nuálaíocht a ghiniúint. Ba cheart do leabharlanna bheith mar áit inar féidir leis an bpobal triail a bhaint as an teicneolaíocht is déanaí agus foghlaim fúithi, agus a chinntiú go ndéantar saoránach digiteach de gach duine."

Ball foirne ó Leabharlanna Luimnigh
"Féadfaidh leabharlanna poiblí ról suntasach a imirt sa téarnamh náisiúnta, mar gheall ar an bpríomhról i soláthar seirbhísí faisnéise agus oideachais...féadfaidh siad príomhról a bheith acu in athbheochan láir ár mbailte agus ár gcathracha tríd an ról dearfach atá acu i soláthar seirbhísí ardchaighdeáin caitheamh aimsire agus cultúrtha. Sampla de dhá leabharlann nua atá suite i lár an bhaile agus a thugann faoin ról seo, iad Lár-Leabharlanna Bhaile Loch Garman agus na Tulaí Móire."

Ball foirne ó Leabharlann Chontae Uíbh Fhailí
Beidh ar fhoireann na leabharlainne bheith in ann dul i ngleic le hathrú ar bhonn leanúnach chun déileáil le bealaí nua chun obair a dhéanamh agus chun breis fiúntais a sholáthar d'úsáideoirí. Tá baint lárnach anois ag tacú leis na cláir litearthachta agus foghlama, ríomhfhoghlama agus féinfhoghlama maidir le seirbhís fheabhsaithe leabharlainne a sheachadadh.

Ball foirne ó Leabharlann Chontae an Longfoirt
Chuirfinn fáilte mhór roimh aon teicneolaíochtaí nua a chuirfí in ionad tascanna níos rialta a dhéanann foireann na leabharlainne ag an bpríomhdheasc.

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Ros Comáin
TF – tá siamsaíocht á cruthú ag an nglún óg ar bhealaí nua – agus ní rogha mhealltach í leabhair a léamh ar an nós traidisiúnta. Tá scannáin/cluichí/leabhair ar éileamh ar fáil acu 24/7 ach cnaipe a bhrú. Is gá do leabharlanna dul in oiriúint don ghlún sin agus don ghlún ina dhiaidh sin.

Ball foirne ó Leabharlann Chiarraí
Ba cheart dul i ngleic le haon seirbhísí ar féidir iad a uathoibriú agus ina dhiaidh sin, beidh níos mó ama ag an bhfoireann chun dul i mbun cláreagrú agus nasctha le tionscnaimh áitiúla. Ina theannta sin, beidh níos mó ama acu le haghaidh tionscadail phleanála agus chun acmhainní a chur chun cinn, agus is cuid ríthábhachtach sin de chuid seachadadh seirbhíse don úsáideoir áitiúil agus don lucht fairsing leanúna. Ba mhian liom fáil a bheith ar níos mó seirbhísí trí láithreáin ghréasáin leabharlainne, agus déanann seo, ar a uain sin, freastal ar ár nDiaspóra i dtíortha eile agus cabhraíonn sé le nasc a chruthú ar féidir leis bheith ina thairbhe mór.

Foireann Sheirbhís Leabharlainne na hIarmhí
Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh leabharlanna an méid a leanas:
-Caighdeán na seirbhísí agus na n-áiseanna reatha a chomhdhlúthú
-Seirbhísí ar an gcaighdeán is fearr a sholáthar ar bhonn comhsheasmhach i measc an uile sheirbhís leabharlainne
-Foireann a sholáthar ina bhfuil líon dóthanach foirne ar na gráid chuí agus ag a bhfuil na scileanna ábhartha
-Leanúint le Forbairt chaipitiúil le linn cúlú geilleagrach
-Cabhrú le foirgnimh agus le TF na hardchaighdeáin a bhaint amach
-Próifíl náisiúnta agus áitiúil na seirbhísí leabharlainne a ardú
-Díriú ar sheirbhísí a chuireann leis an ngeilleagar

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Phort Láirge
[Gníomhaíonn leabharlanna mar] chatalaíoch pobail, agus deiseanna á gcumasú agus á gcur ar fáil le haghaidh grúpaí agus comhlachtaí áitiúla chun tabhairt faoi chláir lena mbaineann fiúntas cultúrtha, oideachais agus fiontraíochta, agus chun na cláir sin a chur chun cinn agus a sheachadadh.

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge
I measc ár bpríomhlaigí tá ár gcumas chun an obair a dhéanaimid a chur chun cinn. Is é is údar páirteach leis seo go mbímid ag iarraidh daoine a shásamh ar gach bealach gan croítheachtaireacht a bheith againn. Síleann an chuid is mó de dhaoine nach n-úsáideann leabharlanna nach mbímid ag plé le haon rud eile seachas leabhair, ach caitheann ár gcuid custaiméirí linn mar óstaigh ar imeachtaí, soláthróirí faisnéise, éascaitheoirí ranganna, cainteanna, siamsóirí, acmhainní oideachais agus go leor rudaí eile nach iad [...] Ba cheart dúinn glacadh le samhail ghnó, ní go díreach sa bhealach a dhéanaimid gnó ach sa bhealach a léirímid do dhaoine cé sinn féin. Oibrímid le go leor comhpháirtithe agus go leor clár á seachadadh againn, ach is minic a chaillimid ár dteachtaireacht.

Ball foirne ó Sheirbhísí Leabharlainne Poiblí Loch Garman
Ba cheart comhpháirtíochtaí a shaothrú, an teachtaireacht a sheoladh amach go bhfuilimid ann seo le chéile, go bhfuilimid anseo le freastal agus le tacú lenár bpobail áitiúla, agus fiafrú díobh céard a theastaíonn uathu. Is mian linn cabhrú leo agus táimid réidh, toilteanach agus an-chumasach amhlaidh a dhéanamh.

Foireann Leabharlann Chontae an Chabháin
Ba é an cinneadh a rinneamar chun na foirgnimh, seirbhísí agus cúram custaiméirí leabharlainne den chaighdeán is fearr a sheachadadh do dhaoine faoi mhíchumas an t-imeacht ba thábhachtaí a rinneadh riamh ag Seirbhís Leabharlainne Chontae an Chabháin. B'eispéireas cumasaithe ár n-eispéireas de bheith ag oibriú leis an inrochtaineacht. Bhí tionchar aige seo, ní hamháin ar na seirbhísí a sholáthraíomar agus ar dhaoine faoi mhíchumas, ach d'imir sé tionchar ar an leibhéal ab airde agus i measc uile rannóg an Údaráis Áitiúil. Bhí tionchar fairsing ag rannpháirtíocht Fhoireann Leabharlainne an Chabháin i leith smaointeoireacht straitéiseach. Chuir sé le rath náisiúnta, ach níos tábhachtaí ná sin, d'eascair athrú bunúsach as ar fud na heagraíochta go léir agus d'imir sé tionchar ar fhorbairt beartas náisiúnta. D'athraigh sé, ar a uain sin, ár meon i leith ár gcumais, inniúlachta agus acmhainne agus rinne sé ár bpeirspictíocht a fhairsingiú.

Ball foirne ó Leabharlanna Chontae Shligigh
B'aoibhinn liom feachtas náisiúnta caidrimh phoiblí a dhíreodh ar fhiúntas na leabharlann poiblí i dtaca leis an duine aonair agus an pobal araon, agus b'aoibhinn liom dá mbeadh úsáideoirí in ann léamh, foghlaim, nasc a dhéanamh agus bheith mar chuid den leabharlann.

Ball foirne ó Leabharlann Chontae Bhaile Átha Cliath Theas
Rud bisiúil is ea an fhaisnéis. Is é ról na leabharlann chun an fhaisnéis seo a scagadh, chun an t-úsáideoir a stiúradh sa treo ceart chun teacht ar fhoinsí iontaofa. Éireoidh seo níos tábhachtaí i gcónaí, agus ré buailte linn ina bhfuil an oiread sin faisnéise.

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlainne Chontae an Chláir
Faoi láthair, caitheann an fhoireann an chuid is mó den am ar dhualgais chiorclaíochta agus braithim gur cheart bogadh ar aghaidh i dtreo áiseanna seiceála isteach agus amach den stíl 'féinseirbhíse', ionas go mbíonn níos mó saoirse ag an bhfoireann chun seirbhís níos nua-aimseartha leabharlainne poiblí a sholáthar.

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí *Amach anseo, b'aoibhinn liom idirghníomhaíocht ní ba dhlúithe a thabhairt faoi deara idir an chomhairle ghinearálta agus an leabharlann. Táthar ag iarraidh ar an bpobal, i láthair na huaire, chun gannacmhainní a chur le seirbhísí poiblí agus ba cheart go gcuirfí ar an eolas iad faoi na seirbhísí uile atá á gcur ar fáil ag an gcomhairle.*

Ball foirne ó Leabharlann Chontae Dhún na nGall
Ba cheart go ndéanfaí an fairsingiú ar acmhainní leictreonacha ar bhealach comhoibritheach i measc na n-údarás le barainneacht scála agus luach ar airgead a chinntiú.

Ball foirne ó Leabharlanna Chontae Fhine Gall
Agus uathoibriú méadaithe i gceist, ba cheart don fhoireann leabharlainne an deis a fháil chun tionscadail a fhorbairt a chabhraíonn leis an tseirbhís...féadtar ár n-acmhainní ar líne a mhéadú le sraith gearrthóga físeáin nó podchraoltaí a léiríonn gnéithe na seirbhíse. Féadtar "turas fíorúil" den leabharlann áitiúil a thaifeadadh, a léiríonn a bhfuil ar tairiscint againn. D'fhéadfaí amhlaidh a dhéanamh, nó fiú níos mó, maidir le pointí seirbhíse speisialta, ar nós stair áitiúil nó leabharlann ghnó. D'fhéadfaí a chur isteach, chomh maith, conas bheith mar bhaill linn, nó conas ríomhaire a chur in áirithe, nó conas cuardach ar líne. D'fhéadfaí léiriú eagraithe gnáthimeachta, ceardlainne, nó cruinniú chlub na leabhar a chur suas. Is féidir féilte ar nós Sheachtain na Gaeilge, Fhéile na Bealtaine, nó Sheachtain Leabhar na Leanaí a fhógairt ar an mbealach seo. Baineann tábhacht le hionadaíocht amhairc chun seirbhís a chur chun cinn, go háirithe i ndomhan na linne seo ina bhfuil síorbhorradh ag teacht ar an teicneolaíocht.

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chill Dara
B'aoibhinn liom borradh a thabhairt faoi deara i ngníomhaíochtaí pobalbhunaithe, agus dá mbeadh páirt lárnach ag leabharlanna chun tacú leis na gníomhaíochtaí seo agus chun meantóireacht a dhéanamh orthu, mar shampla, i limistéir an oideachais, saoránachta gníomhaí, na sláinte, na n-ealaíon, forbartha pearsanta agus pobail, an chultúir, na fóillíochta agus na stíle maireachtála. Baineann ríthábhacht le leabharlanna maidir le hacmhainní, pearsanra oilte agus ag a bhfuil ardscileanna, foirgnimh agus áiseanna a sholáthar do na gníomhaíochtaí seo, ar rudaí iad atá i bhfeidhm cheana féin a bhféadfadh na pobail a dhéanann freastal orthu iad a úsáid de réir nochtadh agus cumas uasta.

Ball foirne ó Leabharlann Chontae Mhaigh Eo
Tá athrú ag teacht ar ghairm na leabharlainne tar éis leabharlanna digiteacha a thabhairt isteach. Ní mór do leabharlannaithe agus a bhfoireann iad féin a réiteach don aistriú ó ré na leabharlannaíochta go dtí sraith teicneolaíochtaí nua ag a bhfuil riachtanais fhadtéarmach agus chothabhála.

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlainne Chontae na Mí
Ní mór go mbeidh oiliúint leanúnach scileanna gairmiúla agus leabharlainne ina ghnáthchleachtas rialta seachas ina cleachtas ócáideach nó fánach. Ba cheart cúrsa i margaíocht a bhaineann go sonrach leis an leabharlann a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.

Ball foirne ó Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath
Cuireann go leor leabharlann rochtain ar líne ar fáil ar ábhar oidhreachta áitiúla. D'fhéadfaí feabhas a chur air seo dá bhforbródh gach údarás leabharlainne caighdeáin choitianta le haghaidh stóráil, aisghabháil agus chaomhnú na gcaighdeán céanna.

Ball foirne ó Leabharlann Chontae Lú
Rinneadh pobail áitiúla a mhilleadh le blianta beaga anuas, dúnadh gnólachtaí, agus chaill daoine a bpoist. Ba cheart go mbeadh ról ní ab fhearr á imirt ag leabharlanna sa phobal; níl sa leabharlann ach áit le haghaidh leabhar agus chun ríomhphoist a sheiceáil! Is féidir linn ionad pobail a chur ar tairiscint; is féidir linn nasc a dhéanamh le grúpaí áitiúla oideachais, ranganna litearthachta, scríbhneoireachta cruthaithí agus aonaigh phost a chur ar tairiscint. Ba cheart caitheamh le leabharlanna mar ionad cultúrtha agus oideachais, mar acmhainn áitiúil, áit ar féidir bualadh isteach ann sa phobal.

Ball foirne ó Leabharlanna Thiobraid Árann
Mar gheall ar leibhéil ísle soláthair foirne, ní bheidh ach deis ghann go ndéanfar forbairt for-rochtana nó seirbhíse. Murab amhlaidh an cás, ba dheas liom cultúr a bheith ann a spreagfadh an fhoireann chun bheith ag smaoineamh ar bhonn nuálaíoch – dá bhfágfaidís a ndeasca agus dá mbeidís ag glacadh páirte sa phobal, agus dá mbeidís rannpháirteach ar bhealaí fiúntacha le gníomhaireachtaí eile. Seo díreach conas a oibríonn tromlach na ndaoine linn agus spreagtar amhlaidh tríd an bpróiseas PMDS. Ba dheas liom breis tiomantais a thabhairt faoi deara i measc na bainistíochta do thábhacht an PMDS ar mhaithe le meas na foirne agus an bealach ar féidir leis nuálaíocht agus comhsmaointeoireacht a chur chun cinn.

Ball foirne ó Sheirbhís Leabharlainne Chontae Chill Chainnigh
Cuireann an leabharlann an t-aon rochtain phoiblí ar réimse fairsing leabhar do gach aois, ar ríomhairí, seirbhísí fótachóipeála, áiseanna taighde agus ar spás taispeána don bhaile agus do mhórcheantar Chaisleán an Chomair. Déanann siad óstáil ar dhá chlub leabhar, scéalaíocht do leanaí, roinnt ranganna agus cainteanna, mar aon le grúpa cniotála agus ceardaíochta, áit a bhfoghlaimítear scileanna a múintear iad do dhaoine eile ina dhiaidh. Le linn na tréimhse seo de chúlú geilleagrach, is tábhachtach go mbíonn rochtain rialta ag an bpobal ar gach ceann de na gníomhaíochtaí cultúrtha agus ealaíonta seo.

Teastaíonn rochtain ar na háiseanna seo ó dhaoine atá dífhostaithe, iad siúd atá ina gcónaí leo féin, agus ó thuismitheoirí atá imithe ar scor ag a bhfuil ioncaim an-ísle, ar mhaithe le folláine fhisiciúil agus mheabhrach.

Soláthraíonn ár bhfoireann leabharlainne seirbhís an-éifeachtúil agus ghairmiúil do dhaoine áitiúla agus do chuairteoirí araon. Foinse thábhachtach teagmhála agus tacaíochta iad do go leor daoine a mbeadh teagmháil theoranta shóisialta acu murach sin.

Ball foirne ó Leabharlann Chathair agus Chontae na Gaillimhe
Cuireann leabharlanna poiblí spás iontach teaghlaigh agus pobail, is sinne an spás ina ndéanann pobail áitiúla a bhféiniúlacht a shainiú, agus ar an ábhar sin, is sinne a chuireann go mór le féiniúlacht náisiúnta a shaothrú, agus is sinne a chuireann go mór lenár ngeilleagar eolais agus lenár gcáilíocht beatha.

Úsáideoirí agus pobail

Bunaíodh roinnt grúpaí fócais a léiríonn na pobail spéise, pobail i ngátar agus pobail áite a chuirfeadh an comhthéacs in iúl agus a léireodh tuairim ar an treo amach anseo le haghaidh leabharlanna poiblí. Ina measc seo bhí an méid a leanas:

- Tuismitheoirí leanaí óga
- Leanaí
- Fiontraithe
- Cuardaitheoirí Poist
- Daoine Ilchultúrtha
- Daoine Breacaosta
- Foghlaimeoirí Aosach
- Ógánaigh
- Daoine Fásta idir 25 agus 35 bliain
- Grúpa Scríbhneoirí
- Grúpa Sochaí Stairiúla
- Cumann Leabharlann na hÉireann/Baill den CILIP (2013 LAI/Comh-Chomhdháil agus Taispeántas *CILIP Éireann)*

Tugadh cuireadh do na grúpaí fócais plé a dhéanamh ar an méid a leanas:

- na seirbhísí leabharlainne a úsáideann siad anois
- iad siúd a chabhródh leo amach anseo
- iad siúd a chabhródh lena bpobal amach anseo

Tuismitheoirí leanaí óga

Príomhthorthaí:
-Sainaithníodh leabharlanna amhail feidhm a bheith acu i saol tuismitheoirí leanaí óga
- Tugadh faoi deara go dtabharfadh tuismitheoirí leanaí óga cuairt ar an leabharlann áitiúil níos minice dá gcuirfí níos mó gníomhaíochtaí ar siúl do leanaí
- Tugadh imeachtaí leabharlainne faoi deara mar dheis le haghaidh tuismitheoirí chun casadh le tuismitheoirí eile ina bpobal
- Comhaontaíodh go mbeadh ní ba mhó treorach ar oiriúnacht aoise stoc leabhar na leanaí ina lámh chúnta

Tuismitheoirí leanaí óga, Cathair Luimnigh

Tuismitheoirí leanaí óga

Conas is féidir le leabharlanna cabhrú leat?
Imeachtaí do leanaí; leabhair arna n-eagrú i gcatagóirí agus de réir aoisghrúpa d'fhonn go mbeadh sé ní b'fhusa iad a aimsiú; áiseanna réitigh chaife; fógraíocht níos fearr imeachtaí; ríomh-nuachtlitir; leathanach Facebook ar a ndéantar nuashonruithe rialta imeachtaí agus seirbhísí; for-rochtain chuig seirbhísí óige i gceantair áitiúla le forbairt léite agus litearthachta a spreagadh; athbhreithnithe ar leabhair a thaispeántar sa leabharlann; níos mó maidine grúpa naíonán; cláir foghlama teangacha agus 'cúinne labhartha' chun teangacha a chleachtadh; gníomhaíochtaí tar éis na scoile, ar nós am scéalaíochta, ealaíne etc.; níos mó ranganna ríomhaire do dhaoine breacaosta; rannóg ar leith sa leabharlann le haghaidh leanaí óga chun rith thart agus bheith in ann glór a chruthú; níos mó leabhar luathléite le haghaidh leanaí

Conas is féidir le leabharlanna cabhrú le do phobal?
Áit a sholáthar inar féidir le daoine bheith sóisialach; cabhrú le daoine ríomhairí agus an tIdirlíon a úsáid; léamh a spreagadh i measc leanaí trí níos mó gníomhaíochtaí léite; tionscadail agus gníomhaíochtaí idirghlúine a eagrú a spreagann comhoibriú idir grúpaí éagsúla daoine; cumarsáid a éascú idir gníomhaireachtaí agus seirbhísí sa phobal níos fairsinge; tacaíocht scileanna a sholáthar do dhaoine atá dífhostaithe; gníomhaíochtaí agus cláir a eagrú ina mbíonn baint ag ógánaigh sa cheantar

Moltaí ar fhorbairt leanúnach na seirbhíse leabharlainne:
Cuairt a thabhairt ar scoileanna chun léamh a spreagadh; féilire imeachtaí a thabhairt do leanaí bunscoile sa scoil; seirbhísí leabharlainne a fhógairt i seirbhísí eile áitiúla

Tuairim ó thionólaí grúpa fócais:
Thug mé faoi deara, freisin, dá gcuirfeadh a leabharlanna áitiúla níos mó ar tairiscint maidir le gníomhaíochtaí, gur cinnte go bhfreastalóidís orthu, mar gheall go bhfáilteodh go leor de na tuismitheoirí roimh bhreis deiseanna chun cuairt a thabhairt ar an leabharlann agus chun idirghníomhú le tuismitheoirí eile fad a bhíonn siad ann.

Leanaí

Príomhthorthaí:
-Go ginearálta, mheas na leanaí gurbh áiteanna 'lán le spraoi' iad leabharlanna le cuairt a thabhairt orthu
-D'iarr na rannpháirtithe ar bhreis imeachtaí am scéalaíochta sa leabharlann-Tugadh faoi deara gur cheart go mbeadh éagsúlacht ní ba mhó maidir le conas a úsáidtear spás agus gur cheart don spás sin bheith níos beoga agus níos daite
-I measc na bhfocal a shainaithin na rannpháirtithe amhail bheith bainteach leis an leabharlann bhí an méid a leanas: 'faiseanta 'leabhair 'zombaithe 'léamh 'spraoi 'ciúnas' 'iontach 'suimiúil 'faisnéis'

Leanaí

'Céard atá sa leabharlann, dar liomsa'
Áit lán le spraoi; Leabhair; Spás mór – b'aoibhinn liom sacar a imirt anseo; tugann mo mháthair anseo mé ar an Satharn agus suímid síos agus bímid ag léamh linn féin; Zombaithe; Iontach; Tá draíocht ann agus tá go leor rudaí ann; Léamh; Ciúnas; Féadfaidh tú scéalta a chumadh; Spraoi; Suimiúil ; Faisnéis; Fíricí; Faiseanta

Céard a chuirfeá san áireamh sa leabharlann is fearr?
Spás le léamh lasmuigh; Scanóir láimhe - dá bhféadfaimis lorg ár n-ordóige a úsáid chun scanadh a dhéanamh chun leabhair a thabhairt ar iasacht seachas cárta leabharlainne a úsáid a chaillimid nó a ndéanaimid dearmad air; Níor cheart gur gá do dhuine fásta bheith inár dteannta chun na ríomhairí a úsáid; Turas timpeall a thabhairt do dhaoine – conas úsáid a bhaint as an leabharlann agus mar a oibríonn sí; Teas láidir ar theacht isteach duit, go háirithe nuair a bhíonn sé fuar lasmuigh; Leabhair a theastaíonn uait; Áit inar féidir le leanaí níos sine suí agus léamh – idir 8 agus 15 bliana d'aois; Seomra eile a thógáil i dtreo na síleála inar féidir leat féachaint ar na leabhair nó éisteacht leo seachas iad a léamh

Fiontraithe

Príomhthorthaí:
- Sainaithníodh go mbaineann fiúntas mór le rochtain saor in aisce idirlín
- Bhíothas ag súil le níos mó leabhar ar ghnó agus airgeadas sa leabharlann
- Sainaithníodh go mbeadh comharthaíochta níos infheicthe agus níos caighdeánaithe úsáideach
- Mhol rannpháirtithe gur cheart go mbeadh éagsúlacht ní ba mhó in úsáid an spáis sna leabharlanna ionas go gcuirfidís limistéir ar leith san áireamh le haghaidh staidéar ciúin agus le haghaidh plé/obair ghrúpa
-Bhí éileamh ar uaireanta oscailte níos faide i measc na rannpháirtithe, lena n-áirítear uaireanta oscailte ar an Domhnach

Fiontraithe

Moltaí ar fhorbairt leanúnach na seirbhíse leabharlainne:
Breis faisnéise ar airgeadas gnó le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta; fáil bheith ar áiseanna tae, caife agus sneaiceanna; treoraithe leabharlainne agus turais seirbhísí a sholáthar laistigh den uile leabharlann; comharthaíocht mhaith atá le sonrú i ngach leabharlann; aipeanna úsáideacha leabharlainne a fhorbairt; níos mó soicéad i leabharlanna chun fearais shoghluaiste a athluchtú; deasca coiteann i limistéir áirithe le haghaidh plé grúpa; seomra ciúin le léamh a dhéanamh; uaireanta oscailte níos faide, mar shampla, 10am-9pm agus uaireanta oscailte ar an Domhnach 12pm-6pm; níos mó léachtaí, e.g. cainteoirí saineolaíocha agus/nó seisiúin duine ar dhuine; níos mó tacaíochta i bhfoghlaim teangacha; rochtain saor in aisce ar iPadanna agus ar theicneolaíocht nua eile i leabharlanna

Fiúntas leabharlann le haghaidh fiontraithe:
Rochtain saor in aisce ar an idirlíon, lena n-áirítear idirlíon gan sreang; foláirimh ríomhphoist agus teachtaireacht téacs; cúnamh ó fhoireann leabharlainne, spás le ballaí inaistrithe chun freastal ar riachtanais úsáideoirí, agus le haghaidh imeachtaí, leachtaí agus cruinnithe

Tuairimí eile:
"Stoc níos mó le haghaidh ábhair spéise na bhfear, e.g. teidil innealtóireachta agus faisnéis ar thionscail cheardaíochta mar gheall go bhfuil an stoc reatha dírithe ar mhná"; Baineann tábhacht leis an bhfoirgneamh fisiciúil – aer úr agus glaineacht"; Is gá do Leabharlanna iad féin a chur chun cinn níos mó i nuachtáin, ar an teilifís, raidió etc.; "An fiúntas lena mbaineann meantóirí – ba dheas liom fáil a bheith agam ar sheirbhísí meantóireachta i leabharlanna chun cúnamh a thabhairt do ghnólachtaí atá i mbun fairsingithe"; "Áit mhaith chun casadh le daoine eile atá i mbun gnó"; "Teastaíonn cur chun cinn ó leabharlanna in Éirinn mar gheall nach fios do dhaoine céard a dhéanann siad"; "Tá seirbhís an-mhaith ag Amazon chun cabhrú le roghnú leabhar, ba cheart do leabharlanna é seo a leanúint"; "Fiúntas aonaigh oideachais chun seirbhísí leabharlainne agus gnólachtaí nuathionscanta a chur chun cinn i measc déagóirí"; "Stáisiúin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, ba cheart go dtiocfadh seirbhísí ioncaim agus leabharlainne le chéile le haghaidh feidhmeanna ar leith – bíonn mearbhall ar dhaoine leis na seirbhísí éagsúla go léir"; "Ba dheas liom idirghníomhú ní ba mhó le foireann na leabharlainne"

Cuardaitheoirí Poist

Príomhthorthaí:
- Theastaigh réimse níos fairsinge de chúrsaí oideachais d'aosaigh ó rannpháirtithe
- Thug rannpháirtithe le fios gur fearr leo fáil ní ba mhó ar sheirbhísí ar líne
-Mhol rannpháirtithe go meallfadh níos mó imeachtaí sóisialta lena mbaineann na healaíona agus ceardaíocht muintir an phobail - Sainaithníodh gur theastaigh uasghrádú a dhéanamh ar áiseanna ríomhaireachta rochtana poiblí

Cuardaitheoirí Poist

Moltaí le haghaidh forbairt seirbhísí:
Cur chun cinn níos mó lena thabhairt le fios go bhfuil níos mó i gceist le leabharlanna ná leabhair agus clubanna leabhar; na huaireanta oscailte a shíneadh; tugann foireann na leabharlainne cuairt ar scoileanna áitiúla, ar bhunscoileanna agus meánscoileanna araon, seirbhísí leabharlainne a chur chun cinn; níos cúrsaí ábhartha do dhaoine dífhostaithe; áis siopa caife d'úsáideoirí; ranganna líonra shóisialta sa leabharlann; níos mó spáis ar fáil; aipeanna leabharlainne le haghaidh iGuthán

Tuairimí eile:
"Is gnách go mbíonn an fhoireann i leabharlanna an-chabhrach agus an-spreagúil"; "Is mór an cur isteach do bhaill na leabharlainne, ar mian leo í a úsáid chun staidéar a dhéanamh, an leibhéal glóir a chruthaíonn limistéar na leanaí"; "Nílim feasach ar an obair a dhéanann foireann na leabharlainne"; "Go ginearálta, foireann an-mhaithe atá iontu"; "Ní fios do go leor daoine fiú cá bhfuil a leabharlann áitiúil, d'fhéadfadh gá bheith le feachtas feasachta poiblí"; "Ba cheart cárta leabharlainne a eisiúint do gach leanbh"; "Ba cheart d'fhoireann na leabharlainne bheith níos mó cosúil le múinteoirí nó léachtóirí agus daoine a threorú"

Tuairim ó thionólaithe grúpa fócais:
"Bhí fonn tréan orthu fáil a bheith acu ar íoslódáil, lena n-áirítear leabhair, scannáin agus ceol, mar aon le huasghráduithe ar áiseanna ríomhaireachta rochtana poiblí agus seirbhísí ar líne"; "Thug nach mór gach duine le fios a chomhlíon suirbhéanna gur mhian leo réimse fairsing deiseanna agus cúrsaí oideachais d'aosaigh a bheith ar fáil do dhaoine dífhostaithe, mar aon le himeachtaí sóisialta, ar nós ealaíon agus ceardaíochta."

Daoine Ilchultúrtha

Príomhthorthaí:
-Tugadh faoi deara go dteastaíonn cur chun cinn níos mó na seirbhísí atá ar fáil i leabharlann -Thug rannpháirtithe le fios go spreagfadh réimse níos leithne d'imeachtaí lena mbaineann riachtanais an phobail áitiúil daoine chun leas a bhaint as an leabharlann -Theastaigh níos mó faisnéise ar an bpróiseas cuardaigh phost -Anuas air sin, tháinig sé chun solais go bhféadfaí breis forbartha a dhéanamh ar réimse níos leithne d'áiseanna foghlama teangacha chun an Béarla a fhoghlaim

Daoine Ilchultúrtha

Céard iad na seirbhísí leabharlainne is mó a chabhraíonn leat?
Leabhair ghramadaí; rochtain agus wifi saor in aisce ar an idirlíon; léachtaí poiblí; áiseanna fótachóipeála; ríomhairí; seomraí cruinnithe; acmhainní foghlama teangacha; limistéir chiúine staidéir; amanna scéalaíochta le haghaidh leanaí

Moltaí le haghaidh forbairt seirbhísí:
Breis leabhair eolaíochta a sholáthar; ranganna teanga agus comhráití grúpa a eagrú; seomraí cruinnithe a sholáthar do chuspóirí éagsúla; limistéir ar leith a bheith ann ar mhaithe le staidéar ciúin a dhéanamh agus do chruinnithe grúpa; seirbhísí na leabharlainne a chur chun cinn níos mó; níos mó imeachtaí cultúrtha; leabharlann ghnó a chur ar fáil i gcomhar le Fiontraíocht Éireann, coláistí áitiúla, Boird Fiontar Contae, Comhlachas Tráchtála, IBEC, SFA, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ranna eile rialtais; athbhreithniú a dhéanamh ar éadálacha agus ar shíntiúis chun rochtain níos fairsinge a sholáthar [...d'úsáideoirí leabharlainne] ar irisleabhair agus irisí idirnáisiúnta; níos mó leabhair bhitheolaíochta agus neamhfhicsin; níos mó deiseanna a chur ar fáil don phobal chun teacht le chéile agus chun idirghníomhú, e.g. gníomhaíochtaí cultúrtha, grúpaí plé agus cluichí boird; faisnéis a chur ar fáil ar na seirbhísí leabharlainne i scoileanna theanga an Bhéarla

Tuairimí ar conas is féidir le leabharlanna cabhrú leis an bpobal áitiúil:
"Cabhraíonn leabharlanna leis an bpobal cheana féin, ach ní mór bheith eolach orthu"; "Níl go leor daoine ar an eolas go bhfuil leabharlanna ann, go háirithe náisiúnaigh neamhÉireannacha"; "Seirbhísí do dhaoine ar mian leo rochtain a fháil ar an margadh post agus post a aimsiú"; "An limistéar a fheabhsú le haghaidh léitheoireachta/staidéir"; "Tá feidhm fhíorúil ag leabharlanna i rochtain a fháil ar oideachas agus ar fhaisnéis, agus freisin sa rochtain ar fhaisnéis ghnó agus ar shonraí agus staitisticí margaidh"

Daoine Breacaosta

Príomhthorthaí:
-Sainaithníodh an leabharlann phoiblí mar an t-aon spás taobh istigh ar féidir le gach duine é a úsáid in go leor bailte
-Leag rannpháirtithe béim ar ghá le cur chun cinn níos gníomhaí na seirbhísí atá ar fáil i leabharlann, mar gheall gur thug siad faoi deara nach bhfuil go leor daoine feasach in aon chor ar an réimse seirbhísí.
-Léiríodh gur gá spásanna sannta ar leith bheith ag leabharlanna le haghaidh léitheoireacht chiúin agus le haghaidh cruinnithe sóisialta
-Thug rannpháirtithe le fios go raibh gá le comharthaíocht níos soiléire i leabharlanna

Daoine Breacaosta, Baile Átha Cliath Theas

Daoine Breacaosta

Tuairimí ar threise leabharlann:
An fhoireann ghairmiúil; seirbhísí féineisiúna; rud éigin a bheith ar fáil do chách; an réimse gníomhaíochtaí; an fháil ar sheirbhísí idirghlúine; foirgneamh te compordach; suite in aice áiseanna eile; oscailte do chách; go leor gníomhaíochtaí; áit a fhreastalaíonn ort; áit a chuireann fáilte romhat; seirbhísí saor in aisce; timpeallacht dheas; spás neamhbhreithiúnach; foireann ag a bhfuil eolas; taispeántais ealaíne agus cheardaíochta; áit chun cairde nua a dhéanamh agus chun garleanaí a thabhairt; spás pobail

Tuairimí ar laigí leabharlann:
Comharthaíocht neamhléir; gan seirbhísí a chur chun cinn a dhóthain; míreanna de stoc leabhar atá imithe as dáta; uaireanta oscailte laghdaithe; soláthar teoranta suíochán agus limistéir shóisialta

Moltaí ar conas is féidir le leabharlanna breis forbartha a dhéanamh chun cabhrú leis an bpobal áitiúil
Lá oscailte chun úsáideoirí nua a spreagadh; an tseachtain 'tabhair cara leat chuig an leabharlann'; a phoibliú go bhfuil níos mó i gceist le leabharlanna ná leabhair; breis faisnéise faoi ghníomhaíochtaí a thiteann amach sa cheantar nó sa réigiún

Tuairimí eile
"Ní chuireann leabharlanna iad féin chun cinn a dhóthain – ba cheart go mbeadh feachtas náisiúnta (an teilifís, raidió, nuachtáin)"; Réimse níos fearr de DVDanna agus de ríomhleabhair"; Ba cheart go mbeadh wifi ag gach leabharlann"; "Is í an leabharlann croíshócmhainn an bhaile. Is acmhainní ríthábhachtach í nach mór a chothabháil."; B'aoibhinn linn dá mbeadh an leabharlann oscailte 24/7 – is sócmhainn ollmhór í don phobal."; "Foinse nádúrtha faisnéise atá i leabharlanna agus ba cheart dóibh an tacaíocht sin a choimeád."; "Is dócha gurb í an leabharlann an t-aon 'fhoirgneamh poiblí' sa cheantar' is croíshócmhainn í den sráidbhaile agus den cheantar máguaird."; "Is gá breis tacaíochta a sholáthar maidir le ríomhsheirbhísí"; "Níos mó grúpaí sóisialta do dhaoine den uile aois"; "Faisnéis a thabhairt ar conas a dhéantar leabhair a chatagóiriú"; "B'aoibhinn liom dvdanna 'féinchabhrach' a bheith ann"; "Cártaí tuairime ar leabhair atá go maith/go dona; deacair le haird a choimeád agus iad á léamh"; "Ba cheart don scáileán teilifíse a léiriú céard atá ar fáil le foghlaim, bíodh rud sóisialta nó eile i gceist leis – faisnéis níos láithrí"; "DVDanna ar conas foghlaim chun clóscríobh"; "Tacaíocht léitheoireacht agus scríofa"

Foghlaimeoirí Aosacha

Príomhthorthaí:
- Ba fhoghlaimeoirí aosacha formhór na rannpháirtithe sna grúpaí fócais nach raibh ar an eolas faoin réimse seirbhísí a bhí á chur ar fáil ag leabharlanna. Sainaithníodh cur chun cinn laistigh de phobail áitiúla agus trí na meáin dhigiteacha mar riachtanas
- Tugadh faoi deara íomhá nua-aimseartha den leabharlann a chur chun cinn, nuair a luaigh rannpháirtithe go mbíonn meon an-traidisiúnta acu i leith seirbhísí leabharlainne
-Tugadh faoi deara an gá le stoc a choimeád níos cothroime le data

Foghlaimeoirí Aosacha, Contae Dhún na nGall

Foghlaimeoirí Aosacha

Tuairimí ar fhorbairt bhreise na seirbhíse leabharlainne:
"Bheadh sé áisiúil chun imeachtaí leabharlainne a chur chun cinn dá mbeadh daoine in ann tic a chur le pé ábhair a bhí ina spéis dóibh agus dá ndéanfaí iad a chur le liosta ríomhphost"; "Ceapaim go dteastaíonn níos mó gníomhaíochtaí sóisialta, clubanna leabhar, maidine caife agus a leithéid siúd ó leabharlanna"; "ceapaim gur gá don leabharlann í féin a chur ar tairiscint níos mó, ní fios do dhóthain daoine faoina bhfeabhas atá na seirbhísí"; "Baint níos mó le scoileanna chun leanaí a spreagadh chun léamh a dhéanamh"; "Díreach níos mó rudaí le déanamh"; Rachadh comhairle ar léitheoireacht leanaí chun sochair mo linbh go mór"; "Is cosúil go mbíonn na hamanna scéalaíochta, rann etc. do na leanaí an-fhiúntach"; "Is iontach an tseirbhís í leanaí naíonra a thabhairt isteach ar mhaithe le scéalaíocht"; "Teastaíonn cúrsaí do dhaoine dífhostaithe"; "Dá dtabharfadh daoine faoi deara nach leabhair amháin atá i gceist leis an leabharlann"; "Théadh leanaí chuig an leabharlann ach is cosúil gur éirigh siad as agus iad ina ndéagóirí"

Tuairim ó thionólaithe grúpa fócais:
"Níl formhór na ndaoine ar an eolas faoi gach seirbhís a chuireann an leabharlann ar fáil"; "[Is] gá éirí níos fearr le seirbhísí leabharlainne a mhargú d'fhonn daoine nach n-úsáideann na seirbhísí a chur ar an eolas fúthu"; "Is gá na meáin shóisialta (Facebook agus Twitter) a úsáid agus a chur chun cinn níos mó"; "Is gá íomhá/meon i leith sheirbhísí na leabharlainne a athrú, mar shampla, luaigh roinnt foghlaimeoirí aosach nach raibh siad toilteanach 'admháil' [...] gur ball den leabharlann a bhí iontu."

Ógánaigh

Príomhthorthaí:
-Luaigh mionlach rannpháirtithe sna grúpaí fócais le hógánaigh go ndéanann siad léamh ar mhaithe le sásamh
-Ní raibh tromlach na rannpháirtithe ar an eolas ar an réimse seirbhísí a bhí ar fáil ina leabharlann áitiúil seachas iasacht leabhar
- Luadh gur gné thréan dhíspreagtha i dtaca le leas a bhaint as an leabharlann iad táillí leabharlainne a ghearradh ar leabhair a thabhairt ar ais déanach
-Measadh gur bhain tábhacht le foirgnimh nua-aimseartha, spásúla agus geala mar aon le foireann chairdiúil d'fhonn níos mó daoine a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar leabharlanna
-Theastaigh fáil níos mó ar spásanna sannta i leabharlanna, lena n-áirítear limistéir chiúine staidéir agus limistéir shóisialta
-Thug rannpháirtithe le fios go dtaitneodh fáil níos fearr ar ríomhleabhair agus ar aipeanna leabharlainne
-Tugadh faoi deara go bhféadfadh foireann na leabharlainne ógánaigh a chur san áireamh i roghnú stoc leabhar

Bhí grúpa fócais ar bun le comhaltaí Ionad Óige an Chinn Thiar, Cathair Luimnigh

Ógánaigh

Céard ar a smaoiníonn tú nuair a smaoiníonn tú ar an leabharlann?
obair; codladh; foghlaim; leadránach; sean; áit a chuireann eagla ort; iontach; breithiúnach; ciúin; léitheoireacht; leabhair; leamh; dorcha; áit a chuireann mearbhall ort; áit chiotach; cairdiúil; spás ciúin; leisciúil; ríomhairí; staidéar; cairdiúil; áit chun do scíth a ligean; go leor torainn; áit ina bhfuil easpa; go leor acmhainní; áit dheas; áit ina bhfuil spraoi; ní bhacaim leis; beag; easpa aer úr; áit nach bhfuil cur amach agam air; seanfhaiseanta; compord

Cén fhorbairt bhreise ar mhian leat a dhéanfaí ar leabharlanna?
Foirgnimh nua-aimseartha, geala, spásúla; níos mó seirbhísí d'ógánaigh; leabhair nua; rogha leabhar níos fearr do dhéagóirí; níos mó cóipeanna den Leabhar Tástála Teoirice Tiomána; níos mó spásanna staidéir; níos mó ríomhleabhar agus airteagail téacs iomláin; seomraí léitheoireachta/tionscadail ar leith; aip a ligeann duit an barrachód ar do ghuthán a scanadh [ionas nach gá duit cártaí a úsáid]; níos mó nasc le seirbhísí óige; níos mó ceardlann, go háirithe i rith an tsamhraidh

Tuairimí i ndiaidh chéad chuairt ghrúpa amháin ar an leabharlann áitiúil:
"Níorbh ionann an leabharlann agus a shíl mé, níor shíl mé go mbeadh fáil ar Facebook agus DVDanna ann"; "Shíl mé i gcónaí nár fhreastail ach tiarálaithe agus seandaoine"; "Níor cheap mé go mbeadh aon leabhair ann a thaitneodh liom".

Tuairimí eile:
"Idirghníomhú níos fearr idir an fhoireann agus déagóirí – is é meon na foirne nach bhfuil ach trioblóid á cruthú againn"; "Ba cheart go mbeadh spás ar leith 'sóisialta/scíthe' agus spás staidéir ann. Faoi láthair, bíonn roinnt [daoine ag] pleidhcíocht nuair a bhíonn daoine eile ag iarraidh taighde nó staidéar a dhéanamh. Is gá cinneadh a dhéanamh ar céard dó a bhfuil an spás."; "Tá an chatalóg ar líne an-áisiúil"; "Ba cheart go mbeadh baint ag ógánaigh, obair dheonach, roghnú leabhar, Gaisce, forbairt ceardlainne le leabharlanna"; "Comhairle dhéagóirí a bhunú i leabharlanna chun imeachtaí a eagrú do dhéagóirí"; "Easpa príobháideachais ag ríomhairí chun taighde a dhéanamh ar fhadhbanna pearsanta ar líne."; "A chinntiú go bhfuil fáil ar gach leabhar i sraith i ngach leabharlann."

Tuairimí ó cheannaitheoirí grúpa óige:
"Is gá imeachtaí agus gníomhaíochtaí a dhíriú ar dhéagóirí – cuairteanna údair, ceardlanna, scannáin, déanamh scannán, filíocht, ealaín, ceol. Is fearr an samhradh, bheith ag oibriú i gcomhar le seirbhísí áitiúla óige chun dúbailt a sheachaint"; "Comórtais do dhéagóirí"; "Níl déagóirí ag iarraidh cárta nó siogairlín linbh a úsáid (pictiúr de leanaí orthu)"; "Is gá an chatalóg a chur chun cinn níos mó"; "I dtromlach na mbrainsí bhraith na hógánaigh nach raibh an fhoireann cairdiúil agus go raibh siad borb i leith déagóirí – gan bheith chomh cairdiúil céanna leo le muintir eile an phobail"; "Níl roinnt brainsí solúbtha mura bhfuil cárta agat, agus bíonn brainsí eile solúbtha agus tabharfaidh siad leabhar ar iasacht gan chárta."; "Ní raibh ach duine amháin den ghrúpa mar bhall gníomhach leabharlainne. Bhíodh na daoine eile mar bhaill den leabharlann fad a bhí siad sa bhunscoil ach ní dhearna siad a mballraíocht a athnuachan a luaithe a thosaigh siad an mheánscoil – trína mbunscoil a bhí siad mar bhaill"; "Ní raibh siad ar an eolas ar an iomaí seirbhís a chuir a leabharlann áitiúil ar fáil agus chreid siad nach raibh de sheirbhísí le hofráil ag an leabharlann ach eisiúint leabhar"; "Ba ghné mhór dhíspreagtha an táille [...] a ghearrtar ar leabhair a thabhairt ar ais déanach"

Daoine Fásta idir 25 agus 35 bliain

- Sainaithníodh faisnéis agus leabhair lena mbaineann scileanna fostaíochta agus an próiseas cuardaigh phoist amhail bheith an-áisiúil
-Tugadh imeachtaí sóisialta faoi deara le haghaidh daoine fásta níos óige mar bhealach chun iad a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar a leabharlann áitiúil
-Aithníodh fócas níos mó ar chláir forbartha litearthachta amhail bheith tábhachtach

Daoine Fásta idir 25 agus 35 bliain

Céard ar a smaoiníonn tú nuair a smaoiníonn tú ar leabharlanna poiblí?
Oideachas; siamsaíocht; úsáid ríomhairí; foghlaim do leanaí; obair scoile; leabhair; daoine breacaosta; ríomhairí; ciúnas; leabhair chaite; áit na leanaí; foirgnimh nua; na healaíona; limistéar sóisialta; pointe eolais; áit chun do scíth a ligean; staidéar; áit ar féidir leat bualadh isteach ann agus imeacht abhaile ar do sháimhín só

Cén rudaí nua a d'fhéadfadh leabharlanna a dhéanamh chun cabhrú leat?
Níos mó cabhrach le moltaí leabhair; áiseanna foghlama teanga; leabhair chun tacú le cúrsaí cianfhoghlama; gníomhaíochtaí sóisialta tráthnóna; imeachtaí nua eisiúna leabhar; níos mó cainteanna údair le haghaidh leanaí; acmhainní nuachta

Conas a cheapann tú is féidir le leabharlanna cabhrú le do phobal trí sheirbhísí reatha nó seirbhísí nua a d'fhéadfaí a fhorbairt?
Seirbhísí litearthachta agus litearthacht TF; áit shábháilte a sholáthar do dhaoine a thagann chun freastal ar ranganna; clubanna obair bhaile tar éis na scoile agus léitheoireacht chomhroinnte; seirbhísí do dhaoine atá dall - leabhair Braille; scileanna poist - comhairle faoi CV a chur i dtoll a chéile, ullmhú a dhéanamh d'agallamh etc.

Grúpa Scríbhneoirí

Príomhthorthaí:
-Thug rannpháirtithe faoi deara gur gá do leabharlanna dul i ngleic níos mó le teicneolaíochtaí
-Bhíothas ag iarraidh go gcuirfí saghsanna éagsúla de cheardlanna speisialta ar siúl i leabharlanna sna tráthnónta
-Chreid rannpháirtithe gur gá do leabharlanna dul i ngleic níos mó le réimse níos fairsinge daoine i bpobail áitiúla-Sainaithníodh gur gá do leabharlanna réimse níos fearr acmhainní a sholáthar lena mbaineann feasacht ar mheabhairshláinte

Grúpa Scríbhneoirí

Céard ar a smaoiníonn tú nuair a smaoiníonn tú ar leabharlanna poiblí?
Leabhair; faisnéis ar a bhfuil rochtain gan stró; an pobal; cumais theicniúla a chothromú; compord; leabharlann m'aoise páiste; fíneálacha ar leabhair a thabhairt ar ais déanach; leabhair nua; faisnéis; áit chompordach le nuachtáin a léamh; cúrsaí agus eolas; áit shóisialta chun casadh le daoine; suaimhneas; ceardlanna; spraoi; leabhair dhaite oideachais; timpeallacht dheas

Conas a shíleann tú gur cheart forbairt a dhéanamh ar leabharlanna?
Bheith níos ciúine agus níos compordaí; limistéir chiúine scríofa agus léitheoireachta a sholáthar; breis forbartha a dhéanamh ar iasacht ríomhleabhar; cainteanna ar dheiseanna gairme agus ar laethanta gairmthreorach; cúrsaí ríomhaire le haghaidh saoránaigh shinsearacha; limistéar ciúin inar féidir leat tae/caife agus sneaiceanna a cheannach chomh maith

Tuairimí eile:
"Ní fios dom dóthain faoina bhfuil ar tairiscint anseo cheana féin"; "Áit oiriúnach iad leabharlanna do chách chun dul i dtaithí ar theicneolaíocht faisnéise"; "Ba cheart go mbeadh leabharlanna neamhchlaonta - a bpobal a spreagadh i ngach ceann dá ndreacha"; "Is é an rud is mó is áisiúla domsa sa leabharlann moltaí le haghaidh litríocht mhaith ficsin. Tá an-eolas ag na baill foirne agus tá go leor leabhar léite acu. Is rud an-áisiúil é seo"; "Tá mo mhac i gcathaoir rothaí agus baineann sé an-sult as gné shóisialta chuairteanna chuig an leabharlann. Leabharlann nua mhór bhaile ár leabharlann – is iad is áisiúla agus is tábhachtaí an rochtain do chathaoireacha rothaí, spásúlacht agus an foirgneamh"; "Ba dheas liom dá mbeadh ní ba mhó gníomhaíochtaí sa leabharlann, i.e. grúpaí gníomhaíochtaí/léitheoireachta do dhaoine aois 11-16 agus faisnéis ar leabhair ficsin don aoisghrúpa seo"; "B'aoibhinn liom dá mbunófaí 'cúrsa stair na healaíne"

Grúpa Sochaí Stairiúla

Príomhthorthaí:
-Sainaithníodh go dteastaíonn éagsúlacht níos mó sa stoc
- Thug rannpháirtithe faoi deara gur cheart go gcuirfí seirbhísí agus imeachtaí na leabharlainne chun cinn níos mó
-Tugadh le fios gur cheart réimse níos fairsinge imeachtaí a chur ar bun sa leabharlann
-Theastaigh áiseanna déanta tae agus caife i leabharlanna
- Chreid rannpháirtithe gur gá do leabharlanna dul i ngleic níos mó le teicneolaíochtaí nua agus fáil a bheith ar ríomhairí glúine agus ar ríomhléitheoirí i leabharlanna

Grúpa Sochaí Stairiúla

Conas a dhéanfadh leabharlanna forbairt le bheith níos áisiúla duitse?
Teachtaireachtaí téacs a sheoladh faoi imeachtaí atá ag teacht aníos; comhairle TF a chur ar fáil; tae/caife a chur ar fáil; níos mó staire ó bhéil a chur ar fáil ar líne; scanóir a sholáthar do cháipéisí móra (méid A3); éagsúlacht níos mó sna leabhair faoi ealaín agus ealaíontóirí; rochtain níos mó ar shean-nuachtáin a sholáthar

Conas a shíleann tú is féidir le leabharlanna cabhrú le do phobail trí sheirbhísí reatha nó trí sheirbhísí nua a d'fhéadfaí a fhorbairt?
Ríomhléitheoirí agus ríomhairí glúine a sholáthar ar iasacht; áit don phobal áitiúil a sholáthar chun teacht le chéile ann; trí nó ceithre lá sa bhliain a eagrú ina dtugann daoine earraí cuimhneacháin/ceirníní/grianghraif a bhféadfaí grianghraf a ghlacadh díobh/iad a scanadh/a chóipeáil agus a stóráil le haghaidh glúine amach anseo; cúrsaí/léachtaí ar bun do dhaoine atá dífhostaithe; níos mó ranganna agus cainteanna ar cheol, ghairneoireacht, fhicheall etc; acmhainní ar líne a sholáthar chun faisnéis áitiúil a roinnt

Tuairimí eile
"Teastaíonn ach príomhthréith amháin ó fhoireann leabharlainne – díocas"; "Cruthaíonn leabharlanna [...] pobal atá gníomhach i dtaobh cúrsaí sóisialta de - rud a mbíonn ceantar uirbeach ag streachailt lena bhaint amach"; "Áis den scoth [atá sa leabharlann] don bhaile – ionad iontach agus tacaíocht an-mhaith do thionól agus cruthú pobail"

Cumann Leabharlann na hÉireann/Baill den CILIP

(2013 LAI/Comh-Chomhdháil agus Taispeántas CILIP Éireann)

Príomhthorthaí:
- Sainaithníodh leabharlanna amhail bheith ag tacú leis an bhfoghlaim, forbairt agus folláine phearsanta, forbairt scileanna, aisghabháil faisnéise, taighde, turasóireacht chultúrtha, tionscail chruthaitheacha agus forbairt litearthachta trí rochtain saor in aisce threoraithe ar sheirbhísí agus soláthar spás sábháilte agus spás ina bhfuil cuimsiú sóisialta mar aon leo siúd go léir a éascú
- I measc na moltaí le haghaidh nuálaíochtaí seirbhís leabharlainne bhí rochtain 24/7 ar acmhainní leabharlainne ar líne, cárta uilíoch ballraíochta, comhoibriú níos mó idir earnálacha leabharlainne, córas bainistíochta leabharlainne, ceannach cuibhreannasbhunaithe agus caighdeáin náisiúnta le haghaidh seachadadh seirbhíse
- Ba iad na limistéir ba mhinice a luadh le haghaidh foghlaim agus forbairt an lucht saothair ná scileanna in TFC, seirbhís do chustaiméirí, bainistíocht athraithe, cumarsáid agus margaíocht

Cumann Leabharlann na hÉireann/Baill den CILIP

(2013 LAI/Comh-Chomhdháil agus Taispeántas *CILIP Éireann)*

Céard a shíleann tú a chuireann leabharlanna leis an tsochaí agus leis an ngeilleagar?

Deiseanna neamhfhoirmiúla le haghaidh foghlama; rochtain gan stró ar sheirbhísí do chách; deiseanna a sholáthar do dhaoine chun cur le muinín phearsanta; tacú le cuardaitheoirí poist atá ag filleadh ar an lucht saothair agus/nó daoine a bhfuil athrú gairme á dhéanamh acu; scaipeadh eolais; tacú le folláine phobail agus cur léi; nasc a sholáthar leis an am atá caite trí acmhainní agus seirbhísí staire áitiúla; a chur ar chumas daoine teacht ar an bhfaisnéis a theastaíonn uathu; áit shlán a bhraistint sa phobal; deiseanna foghlama feadh an tsaoil agus taighde; rochtain ar fhaisnéis speisialaithe; spás pobail; tacú le fiontraíocht; cur le turasóireacht chultúrtha; forbairt scileanna; cur le tionscail chruthaitheacha; forbairt léitheora agus cur chun cinn scileanna litearthachta; spás neodrach foghlama a chur ar fáil; rochtain saor in aisce agus threoraithe ar theicneolaíocht; caipitiúil cultúrtha a chruthú; spás ina bhfuil cuimsiú sóisialta; caipiteal sóisialta an phobail áitiúil a chruthú; tacú le riachtanais an phobail áitiúil; spás le haghaidh gníomhaíochtaí pobail; rochtain saor in aisce ar acmhainní ar líne; tacaíocht gnó; tacú le cumas daoine chun a gcumas a bhaint amach; ionad foghlama

Céard ar cheart bheith mar an nuálaíocht is tábhachtaí sna seirbhísí leabharlainne sna blianta amach romhainn?

Dul chun cinn teicneolaíochta a ligeann rochtain 24/7 ar acmhainní foghlama ar líne; cárta uilíoch ballraíochta; comhoibriú níos mó idir gach earnáil leabharlainne; LMS singil [Córas Bainistíochta Leabharlainne]; ceannach cuibhreannais ábhar agus seirbhísí; leibhéal tagarmharcáilte de sheirbhís leabharlainne, a sheachadtar go náisiúnta

Na gnéithe d'fhoghlaim agus d'fhorbairt an lucht saothair lena mbainfidh ríthábhacht sna trí bliana amach romhainn:

Forbairt scileanna TFC; scileanna ceannaireachta; cruthú agus bainistiú caidrimh leis an gcustaiméir; RFID; scileanna bainistíochta athraithe; rochtain 24/7 ar ríomhleabhair; for-rochtain a fhorbairt; úsáid a bhaint as na meáin shóisialta a fhorbairt atá nasctha le seirbhísí leabharlainne; scileanna cumarsáide agus idirphearsanta; margú seirbhísí; acmhainní ar líne a fhorbairt, lena n-áirítear uirlisí neamhspleácha foghlama ar líne; tacaíocht scileanna litearthachta; scileanna taighde

AGUISÍN 2: AN TODHCHAÍ AGUS AN DOMHAN MÓRTHIMPEALL

Tá athrú mór tagtha ar an domhan, go háirithe i dtaobh cúrsaí geilleagracha, sóisialta agus teicneolaíochta.

> *"Fad a oibrímid leis na coinníollacha a chur i bhfeidhm a theastaíonn chun tacú le haisghabháil i ngníomhaíocht gheilleagrach, ní mór dúinn cinntiú, chomh maith, go bhfaighimid freagairtí ónár gcórais oideachais agus oiliúna atá éifeachtach agus a oireann do choinníollacha athraitheacha an mhargaidh shaothair. Tá 7.5 milliún ógánach faoi láthair ar fud na hEorpa nach bhfuil i bhfostaíocht, oideachas nó oiliúint. Léiríonn seo 13 faoin gcéad dár gcomhEorpaigh, atá idir 15 agus 24. Creidim go fóill go bhfuil seo fíor-ard, agus nach mór dúinn gníomhú go práinneach. Léiríodh go soiléir gur féidir le dífhostaíocht ógánach tionchar fadsaoil a imirt"*[27]
> **Ráiteas ón Taoiseach ag Cruinniú na Comhairle Eorpaí, Dáil Éireann**

An Geilleagar agus an Eoraip

Bhí geilleagar na hÉireann, i gcomhar leis an gcuid is mó den Eoraip agus go leor den domhan, thíos le géarchéim ollmhór gheilleagrach. Is éard a d'eascair as seo ná teip bhaincéireachta, géarchéim fhioscach, dífhostaíocht agus ciorrú gan choinne ar chaiteachas poiblí. Bhí tionchar suntasach ag an teip réadmhaoine, go háirithe, agus cruthaíodh ualaí móra fiachais, ioncaim ar a bhfuil titim ag teacht mar aon le rochtain an-laghdaithe ar chreidmheas[28].

Is iad bearta chun inmharthanacht fiachais a chosaint, borradh a chur chun cinn agus cruthú post na nithe is tábhachtaí maidir le feidhmíocht gheilleagrach a bhunathrú[29]. Shainaithin an Rialtas go mbraithfidh borradh geilleagrach agus borradh ar fhostaíocht ar shaincheisteanna ar nós eolais agus nuálaíochta, timpeallacht ghnó intíre a spreagann fiontair nuathionscanta agus borradh agus bunathrú na seirbhísí poiblí[30].

[27] Ráiteas ón Taoiseach ag Cruinniú na Comhairle Eorpaí, Dáil Éireann, an 13 Márta 2013 http://bit.ly/XA3pl8
[28] Ráiteas Straitéise 2011-2014, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta http://www.djei.ie/publications/corporate/2012/Statement_of_Strategy_2011-2014.pdf
[29] Clár an Rialtais 2011 http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2011/Programme_for_Government_2011.pdf
[30] áiteas Straitéise 2011-2014, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta http://www.djei.ie/publications/corporate/2012/Statement_of_Strategy_2011-2014.pdf

Athrú an Rialtais Áitiúil

Is cuid lárnach de straitéis an Rialtais é leasú an rialtais áitiúil le haghaidh aisghabhála, agus é ina aidhm chun an próiseas a úsáid chun nuachóiriú agus feabhsú a dhéanamh. Is é plean an rialtais chun seirbhís níos gainne, níos éifeachtúla, níos comhtháite a dhéanamh den tseirbhís phoiblí agus chun luach uasta ar airgead a sheachadadh, agus a chinntiú go leantar le seirbhísí a chur ar fáil i gcomhthráth, in ainneoin líonta an-laghdaithe foirne; bíonn saoránaigh agus gnólachtaí ag súil le seirbhís nua-aimseartha phoiblí chun feabhas leanúnach a chur ar sheirbhísí agus chun iad a sheachadadh níos fearr agus ar bhealach níos costéifeachtúla. Bhain an rialtas áitiúil ollchoigiltí agus éifeachtúlachtaí €839 milliún idir 2008 agus 2012 agus laghdaíodh an lucht saothair faoi 24% sa tréimhse seo ó lár na bliana 2008 i leith. Sa chlár gníomhaíochta le haghaidh rialtas éifeachtach áitiúil, *Tús Áit do Dhaoine*, luann straitéis an Rialtais "níos mó a dhéanamh don gheilleagar, d'fhiontar agus don phobal áitiúil[31]. Sainaithníonn an clár gníomhaíochta feidhmeanna an rialtais áitiúil amhail bheith treisithe sna limistéir a leanas go háirithe:

- ról feabhsaithe agus níos soiléire i bhforbairt gheilleagrach agus i dtacaíocht fiontair
- baint dhlúth sa phobal agus i bhforbairt áitiúil
- dílárú feidhmeanna sonracha ó lárleibhéal agus údarás níos mó a tharmligean nó rialuithe sonracha ar údaráis áitiúla a mhaolú; agus
- freastal an rialtais áitiúil a fhairsingiú trína gcumas a úsáid chun tabhairt faoi fheidhmeanna le hearnálacha eile nó thar cheann earnálacha eile agus tabhairt faoi ról comhordaithe agus ceannaireachta go háitiúil.

Toimhde lárnach den straitéis seo gur cheart go mbeadh leabharlanna lárnach maidir le soláthar rialtas áitiúil amach anseo.

Comhpháirtíochtaí: Seirbhísí Leabharlainne Chontae Dhún na nGall

Croífheidhm iad Seirbhísí Cultúrtha de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall agus oibríonn Foireann na leabharlainne go dlúth le comhghleacaithe i Rannóg na gCartlann, an Rannóg um chur chun cinn na nEalaíon, an tIonad Cultúir Réigiúnaigh, Ealaín Phoiblí, Músaem agus Oidhreacht sa Rannóg Seirbhísí Cultúrtha. Sainaithníonn an plean straitéiseach Cónasc Cultúrtha 5 chuspóir choiteann ar a n-oibríonn an tseirbhís leabharlainne agus gach seirbhís chultúrtha eile. Baineann tábhacht leis an gcur chuige comhtháite agus comhpháirtíochta i leith seirbhísí a sheachadadh i nDún na nGall agus bíonn sé le sonrú i bhFéile na Bealtaine, Féile Ealaíon na hEaragaile, Seachtain na hOidhreachta, Wainfest agus cláir Oíche Chultúir, i measc cinn eile.

Ina theannta sin, dlúthoibríonn an tseirbhís leabharlainne le comhghleacaithe eile údaráis áitiúil a bhíonn rannpháirteach i Seachtain an Chuimsithe Shóisialta, One Donegal Month, the Gathering agus le tionscadal Diaspóra Dhún na nGall le déanaí, le cúpla tionscnamh a lua. Trí bheith bainteach i bhFóraim BFC, cuireann an tSeirbhís Leabharlainne tús le tionscadail agus bíonn siad rannpháirteach iontu le comhpháirtithe seachtracha a ardaíonn próifíl na Seirbhíse Leabharlainne agus a chruthaíonn Comhpháirtíochtaí le Leabharlanna TÉ a bhí i bhfeidhm le nach mór 10 mbliana anois. Tá bunú maith faoin líonra EDIC (Ionad Faisnéise Dírí na hEorpa) in Éirinn le tacaíocht an Choimisiúin Eorpaigh. Corpraíonn tionscadal léitheoireachta nua Dún na nGall, Doire agus Bostún.

Is tábhachtach neamhspleáchas na Seirbhíse Leabharlainne a choimeád, agus comhpháirtíocht a fhorbairt ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta chomh maith.

[31] Tús Áite do Dhaoine: Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach ('Action Programme for Effective Local Government') http://www.environ.ie/en/LocalGovernment/LocalGovernmentReform/PublicationsDocuments/FileDownLoad,31309,en.pdf

1. Athrú sóisialta

Bhí tionchar tréan ag athruithe suntasacha ar an gcás geilleagrach ar athrú sóisialta in Éirinn le blianta beaga anuas. Baineann tábhacht nach beag leis an titim ghéar ar leibhéil fostaíochta agus b'ionann an líon daoine a bhí dífhostaithe in 2012 agus 316,000 agus b'ionann an líon daoine dífhostaithe go fadtéarma agus 59.9% díobh siúd go léir a bhí dífhostaithe[32]. In 2012, bhí an ráta dífhostaíochta in Éirinn i measc ceann de na cinn ab airde i measc na 27 ballstát den AE[33].

Bhí tionchar tromchúiseach ag an gcúlú geilleagrach, go háirithe ar thionscail bheaga áitiúla agus in go leor bailte agus sráidbhailte, rinneadh an gnó áitiúil a dhúnadh. Bhí tionchar díreach ag an treocht seo ar chomhtháthú láithreacha lárnacha cathracha; in go leor pobail, is í an leabharlann phoiblí an t-aon spás cathartha atá fanta.

B'ionann an t-iomlán a áiríodh ar Oíche an Daonáirimh an 10 Aibreán 2011 agus 4,588,252 duine, i gcomparáid le 4,239,848 duine in Aibreán 2006, a léiríonn méadú 348,404 ó 2006, nó 8.21% thar thréimhse chúig bliana.[34]

Ina theannta sin, baineann tábhacht leis an méadú mór a tháinig ar an ráta breithe, agus cuireadh i gcuntas an líon breitheanna ab airde riamh sa bhliain, 75,554, in 2009. Ina theannta sin, tháinig méadú ar an daonra leanaí naíonra idir aois 0-4 bliana dá réir sin; léirigh daonáireamh 2011 méadú 17.9% ó 2006 i leith, is féidir seo a chur i gcomparáid leis an méadú 8.2% ar dhaonra an Stáit ina iomláine. [35]

Meastar go dtiocfaidh méadú ar dhaonra na leanaí atá in aois scoile idir 87,800 agus 100,300 faoi 2021, sula dtitfidh sé siar beagán in 2026. Léiríonn seo méadú idir 17 agus 20 faoin gcéad ar fhigiúr 2011 502,300, nó idir 8,800 agus 10,000 gach bliain a fhad le 2021. [36]

Meastar go dtiocfaidh méadú ar dhaonra na ndaltaí meánscoile idir 13 agus 18 mbliana d'aois faoi 105,700 agus 116,800 faoi 2026, agus meastar go dtitfidh na méaduithe is tapúla amach idir 2021 agus 2026. Léiríonn seo méadú idir 31 agus 34 faoin gcéad ar fhigiúr 342,400 in 2011.[37]

Is fiú suntas a thabhairt don mhéadú leanúnach ar an aoisghrúpa 65 bliain agus níos sine, sa bhreis air sin; idir 2006 agus 2011, mhéadaigh an daonra don aoisghrúpa seo faoi 14.4%. Meastar go dtiocfaidh méadú an-suntasach ar an ngrúpa daonra 65 bliain agus níos sine ó leibhéal 2011 (532,000) go dtí idir 850,000 agus 860,700 faoi 2026, agus i ngar do 1.4 milliún faoi 2046. [38]

Ina theannta sin, is léir forbairt leanúnach sochaí ilchultúrtha in Éirinn, chomh maith ó dhaonáireamh 2011, in ainneoin leibhéil laghdaitheacha inimirce chuig an tír. Leag an Daonáireamh béim ar an gcaoi gurb ionann agus 12% den daonra náisiúnaigh neamhÉireannacha agus go n-áirítear leo siúd 196 náisiúnach éagsúil. [39] Cruthaíonn an líon méadaitheach cultúir, teangacha agus reiligiúnacha deiseanna agus dúshláin araon do shochaí na hÉireann.

---

[32] Suirbhé Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh na Príomh-Oifige Staidrimh, R4 2012
http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/labourmarket/2012/qnhs_q42012.pdf

[33] [33] Teichgraber, Martin. Eurostat Statistics in Focus: population and social conditions. 2012
http://epp.eurostat.ec.europa.eu/cache/ITY_OFFPUB/KS-SF-12-040/EN/KS-SF-12-040-EN.PDF
[34] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011 www.cso.ie/census
[35] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011 www.cso.ie/census
[36] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011 www.cso.ie/census
[37] **Réamh-mheastacháin Daonra agus Lucht Saothair, 2016-2046:**
http://www.cso.ie/en/newsandevents/pressreleases/2013pressreleases/pressreleasepopulationandlabourforceprojections2016-2046/
[38] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011 www.cso.ie/census
[39] An Phríomh-Oifig Staidrimh, Daonáireamh 2011 www.cso.ie/census

2. Athrú teicneolaíochta

Tá athrú mór tagtha ar an domhan, go háirithe i dtaobh cúrsaí geilleagracha, sóisialta agus teicneolaíochta. D'athraigh an gréasán gach rud a dhéanaimid sa rialtas, sa ghnó, sa saol pearsanta agus pobail.

Is oscailte, cruthaitheach agus cumarsáideach an t-athrú teicneolaíochta a rinne an saol a athrú chun maitheasa le deich mbliana anuas. Nuair a bhaintear leas as, tá dea-chumas aige agus feidhmíonn sé mar chatalaíoch le haghaidh cumarsáid uilíoch. Cuireann sé anois an geilleagar agus go leor den tsochaí chun cinn. Baineann sé an ghné rúndiamhair d'ordlathais, baineann sé deighilt shóisialta, agus cuireann sé tiomáint faoi tháirgí agus seirbhísí nua. Ar an ábhar sin, déanann sé soláthar díreach do riachtanas geilleagrach agus cruthaíonn sé maitheas nua don tsochaí.

Baineann páirt lárnach le teicneolaíochtaí nua maidir le soláthar na seirbhíse leabharlainne, mar gheall go mbaineann siad le comhroinnt eolais, smaointe nua agus foghlaim aonair. D'fhonn an luach is fearr ar airgead a bhaint amach ó na deiseanna a sholáthraíonn teicneolaíochtaí nua, teastaíonn athrú ar conas a dhéantar na teicneolaíochtaí seo a fhoinsiú agus a eagrú. Ní féidir bainistiú a dhéanamh ar an athrú sin, ach amháin trí chomhordú náisiúnta a ligeann don tseirbhís leabharlainne a gcarachtar a choimeád, agus ligean don tseirbhís bheith á seachadadh go háitiúil go fóill, ach an deis a thapú a chruthaíonn teicneolaíocht dhigiteach do sholáthar faisnéise, foghlaim, gnó agus cultúr.

Cé go bhfuil go leor den ghníomhaíocht dhigiteach iomasach, tagann athrú uirthi gach lá, agus ar an ábhar sin, is rud deistapaíoch í agus rud atá deacair a mhíniú. Bíonn feidhm thábhachtach ag leabharlanna sa domhan seo d'acmhainní digiteacha atá i gcónaí ag teacht chun cinn trí threoir agus tacaíocht ar ábharthacht agus ar úsáid a chur ar tairiscint.

Is sa teicneolaíocht atá táirgeadh agus fostaíocht ag méadú[40], agus cruthaíonn seo *héilics dhúbailte* de naisc idir an geilleagar agus an tsochaí. Tá foghlaim, obair, fóillíocht, cultúr, an pobal agus siamsaíocht fite fuaite le chéile ag na teicneolaíochtaí ina mbíonn eispéireas againn orthu.

Céard a theastaíonn ó fhiontraithe?

Is iontach an tsócmhainn í idirlíon saor in aisce i leabharlanna / éagsúlacht níos fearr ar an réimse limistéir ábhair / níos mó faisnéise ar airgeadas gnó le haghaidh gnólachtaí nuathionscanta / áiseanna tae, caife agus sneaiceanna i limistéar in aice láimhe / baineann an-tábhacht le taisceadáin / teastaíonn foláirimh ríomhphoist, foláirimh théacsanna agus aipeanna soghluaiste / deasca aonair / spás pearsanta / deasca coiteann … ar mhaithe le plé i ngrúpa chomh maith / seomra ciúin / an chéad uair dom i leabharlanna poiblí in Éirinn – an-sásta leis an réimse seirbhísí agus acmhainní; go háirithe an clár 'Do Ghnó Féin a Chur ar Bun' agus bailiúcháin stoic. Ba dheas go leor tacaíochta a fháil – léachtaí, foireann shaineolaíoch, spás ciúin staidéir / mór-riachtanais iad rochtain gan sreang ar an idirlíon agus go leor suíochán do ghnólachtaí nuathionscanta / suim san fhaisnéis do chuardaitheoirí poist – ba cheart go mbeadh sé soiléir nuair a shiúlann tú isteach in aon leabharlann e.g. clár mór fógraí, póstaeir agus bileoga / suim i ngnó idirnáisiúnta – níos mó stoic agus léachtaí / teastaíonn rochtain gan teorainn ar theicneolaíocht / seomraí leordhóthanacha le haghaidh cruinnithe / áit mhaith chun casadh le daoine eile sa ghnó – ba cheart go gcuirfeadh leabharlanna a seirbhísí chun cinn níos mó / teastaíonn cur chun cinn ó leabharlanna in Éirinn mar gheall nach fios do dhaoine céard a dhéanann siad / ba cheart go mbeadh seomraí comhdhála ag leabharlanna ar féidir le daoine iad a chur in áirithe

Comhairliúchán tosaigh le fiontraithe. Baile Átha Cliath an 27 Feabhra 2013

[40] IBEC http://www.ibec.ie/IBEC/Press/PressPublicationsdoclib3.nsf/vPages/Newsroom~recent-news?OpenDocument

Féadfaidh domhan ar a bhfuil athrú suntasach ag teacht bheith mar dheis mar aon le bagairt; cruthaítear poist agus tógtar geilleagar nua cruthaitheach. Tógtar tionscail an lae inniu ar theicneolaíocht dhigiteach nó braitheann siad go hiomlán uirthi; saghas nua déantúsaíochta is ea an geilleagar eolais, cé gur féidir leis an teicneolaíocht stair, litríocht, cultúr, foghlaim ag an mbaile a sheachadadh, nó chun Diaspóra fud fad an domhain a mhealladh siar chun cuairt a thabhairt ar a n-oidhreacht agus eispéireas a fháil ar a n-oidhreacht. Faoi láthair, cuirtear rochtain ar fáil go héagothrom ar fud na tíre, arb éagothroime í seo a bhfuiltear ag dul i ngleic léi faoi straitéis na Roinne Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha, Sochaí Nasctha a Sholáthar ('Delivering a Connected Society'[41]) D'fhéadfadh na leibhéil reatha de rochtain leathanbhanda ar fud an líonra phoiblí leabharlann dúshlán a chruthú do leibhéal aonfhoirmeach soláthar seirbhísí leabharlainne a bhunú go dtí go bhfíoraítear sochaí atá go hiomlán nasctha.

Leabharlanna Oscailte

Déanann 'Leabharlanna Oscailte' cur síos ar leabharlanna atá gan fhoireann ar feadh cuid de na huaireanta oscailte, rochtain shínte a athscríobh, sa mhullach ar an tseirbhís leabharlainne a sheachadtar go gairmiúil. D'eascair an coincheap seo, faoina bhfuil bunú daingean sa Danmhairg ó na deiseanna a chuireann meascán d'fhorbairt na teicneolaíochta féinseirbhíse agus teicnící leictreonacha faireachais.

Samhail thipiciúil uaireanta oscailte is ea ó luath ar maidin go dtí go déanach sa tráthnóna, tráth a bheidh foireann ag oibriú i gcuid den leabharlann, ach is é an prionsabal taobh thiar den tsamhail féinseirbhís. Cuireann sé foirmeacha solúbtha de sheirbhís ar fáil agus méadaíonn sé inrochtaineacht ar an leabharlann, sa chás go mbíonn an spás leabharlainne ar fáil ar réimse gníomhaíochtaí a ndéanann na húsáideoirí cinneadh orthu.

Tugadh faoi deara go raibh an rath fairsing ar choincheap na leabharlainne oscailte sa Danmhairg i dtaobh rátaí fáis na gcuairteanna agus líon méadaitheach iasachtaí. Faoi 2012, tugadh isteach é chuig 100 leabharlann, agus tugadh le fios líon fíorbheag cásanna gadaíochta nó loitiméireachta.

[41] Sochaí Nasctha a Sheachadadh: Plean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn
http://www.dcenr.gov.ie/NR/rdonlyres/1EA7B477-741B-4B74-A08E-6350135C32D2/0/NBP.pdf

Tá anailís A PESTLE+E áisiúil maidir leis na príomhthosca ábhartha imthoisceacha a shainaithint sa chomhthéacs don straitéis.

An PESTLE+E

P. Tosaíochtaí polaitiúla

1. Aisghabháil gheilleagrach agus folláine mhuintir na hÉireann trí chobhsaíocht, borradh agus poist. Príomhthosaíocht is ea fostaíocht a chruthú do dhaoine agus an tionscal agus táirgeacht a atógáil trí amhlaidh a dhéanamh.
2. Beidh tionchar gníomhach á imirt ag Éirinn le tacú leis an gclár Eorpach, a bhaineann tairbhe ó chomhoibriú le comhpháirtithe Eorpacha.
3. Dhá phríomhghné de straitéis náisiúnta Chlár an Rialtais iad leasú na hearnála poiblí agus an rialtais áitiúil a lorgaíonn déthionchar na héifeachtúlachta agus an tionchair mhéadaithe – níos mó le níos lú.[42]
4. Léirigh daonra an aoisghrúpa 65 bliain agus níos sine a cuireadh i dtaifead i nDaonáireamh 2011 méadú 14.4 faoin gcéad ó 2006 i leith. Cuireann seo le toimhdí méadaithe seirbhísí sláinte agus cúram sláinte ó bhonn crapthach cánach[43]
5. Tháinig méadú ar an gcoibhéis iomlán spleáchais aoise don Stát aníos ó 3.5 faoin gcéad idir 2006 agus 2011 agus mhéadaigh daonra na leanaí naíonra aníos ó 17.6 faoin gcéad idir 2006 agus 2011.
6. Léiríonn oideachas infheistíocht i bhfolláine inniu agus rath amach anseo. Ní mór do leanaí fás aníos agus litearthacht phriontála agus dhigiteach agus uimhearthacht acu, agus a bheith deaslabhartha agus muiníneach.
7. Sainaithnítear an táirge turasóireachta agus ríomhchumas an táirge turasóireachta a fheabhsú, mar aon le táirgí a fhorbairt i dtaobh cultúir, i measc limistéar eile, mar thosaíocht Rialtais faoi Chlár an Rialtais.

Clár an Rialtais – tá ag an gclár seo an cuspóir chun mol nuálaíochta agus tráchtálaithe a dhéanamh d'Éirinn san Eoraip mar aon le 'hoileán digiteach' – tír ina bhfuil gnéithe baile mhealltaigh le haghaidh taighde agus forbairt nuálaíoch – dianghníomhaíocht le haghaidh na nÉireannach agus ilnáisiúnach, agus bheith mar thimpeallacht an-mhealltach ghorlainne do na fiontraithe is fearr, tír atá chun tosaigh ar chúrsaí ríomhRialtais agus néalríomhaireachta, agus sprioc a dhéanamh de limistéir agus d'earnálacha chun straitéisí a chruthú atá dírithe ar nuálaíocht a chothú.

[42] Clár an Rialtais 2011 http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2011/Programme_for_Government_2011.pdf
[43] Daonáireamh 2011, Próifíl 2 – Níos Sine agus Níos Óige http://www.cso.ie/en/media/csoie/census/documents/census2011profile2/Profile2_Older_and_Younger_Entire_Document.pdf

E. An Geilleagar

1. Ní mór d'Éirinn a feidhm a imirt maidir lena dúshláin féin gheilleagracha a réiteach agus páirt a ghlacadh i gcomhoibriú idirnáisiúnta chun an Euro a threisiú
2. Dúshlán leanúnach na hard-dífhostaíochta. D'fhan an ráta dífhostaíochta don ráithe dheiridh in 2012 ar cheann de na tíortha ab airde den AE ag 14.2%.[44]
3. Is príomhchuspóir an Rialtais i dtaca le haisghabháil gheilleagrach a chur ar bun caiteachas poiblí agus ioncam an Rialtais a cheartú faoi 2015. Leagann seo brú ar sheirbhísí poiblí chun feidhmiú agus chun cur leis an bpróiseas téarnaimh.
4. Cruatan méadaithe do theaghlaigh, go háirithe iad siúd atá leochaileach, faoi mhí-bhuntáiste agus iad siúd atá ina mbaill eisiata den phobal. Tugadh faoi deara i Suirbhé ar Ioncam agus ar Choinníollacha Maireachtála 2010 an méid a leanas:
    a. B'ionann an meánioncam bliantúil coibhéisithe indiúscartha (i.e. ioncam teaghlaigh arna choigeartú le haghaidh comhdhéanamh teaghlaigh) in 2010 agus €22,168, ar laghdú 5.0% seo ar 2009[45]
    b. B'ann do mhéadú ar neamhchomhionannas ioncaim idir 2009 agus 2010
    c. Léirigh an chomhréir gurbh ionann meánioncam iad siúd sa chúigil ioncam ab airde agus cúig huaire iad siúd sa chúigil ioncaim is ísle. Bhí an figiúr seo 4.3 uair ní ba mhó bliain amháin ní ba luaithe.
    d. Laghdaíodh an tairseach 'i mbaol bochtaineachta' faoi bhreis agus 10% anuas ó €12,064 in 2009 go dtí €10,831 in 2010, tar éis laghdú 3.1% sa tairseach idir 2008 agus 2009
    e. D'éirigh an ráta 'i mbaol bochtaineachta' ar leibhéal an stáit aníos ó 14.1% in 2009 go dtí 15.8% in 2010
5. Cé go gcomhdhlúthaíonn an Eoraip a ngeilleagair pholaitiúla, gheilleagracha agus chomhoibrithe shóisialta, tagann borradh ar na geilleagar "BRICS"[46] agus cruthaíonn siad margaí nua le haghaidh easpórtála agus comhtháirgthe, óna dteastaíonn fiú nuálaíocht níos mó le haghaidh ratha san Eoraip

[44] An Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh, R4 2012. An Phríomh-Oifig Staidrimh. http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/labourmarket/2012/qnhs_q42012.pdf

[45] Survey on Income and Living Conditions 2010. An Phríomh-Oifig Staidrimh. Márta 2012

[46] Is iad geilleagair BRICS an Bhrasaíl, an Rúis, an India, an tSín agus an Afraic Theas. *Focus on Growth Markets*. Baincéirí Infheistíochta Goldman Sachs

Athrú sóisialta

1. Déanfar tosaíochtaí de chodanna de dhaonra na hÉireann má tá ceartas agus folláine le bheith inmharthana. Má tá a gcáilíocht beatha le feabhsú, ba cheart go ndíreoidh seirbhísí ar a riachtanais agus seirbhís chineálach uilíoch á soláthar do chách. Infheistíocht fhiúntach don am i láthair agus don todhchaí í infheistíocht i leanaí, go háirithe[47]
2. Baineann tábhacht le hoideachas agus ullmhú don saol lena chinntiú go bhfuil an ghlúin reatha agus cinn nua in ann tabhairt faoi obair, mar dhaoine aonair féinchothaitheacha, atá in ann glacadh le fostaíocht agus bheith mar shaoránaigh ghníomhacha
3. I gcás ábhair shláinte, is mian le daoine níos mó a bheith ar eolas acu. Is mian leo braistint go bhfuil smacht acu ar a bhfolláine, tuiscint a fháil ar riochtaí agus bheith curtha ar an eolas faoi chóireáil agus cógais
4. Patrúin nua fóillíochta agus slite maireachtála athraitheacha Tionchar tráchtála ar an gcultúr, slí mhaireachtála, foghlaim
5. Cultúr agus féiniúlacht náisiúnta agus phobail Léiríonn The Gathering 2013 na fiúntais idircheangailte shóisialta (féiniúlacht agus féindearbhú) agus gheilleagracha (turasóireacht chultúrtha) d'oidhreacht na hÉireann
6. Bagairtí suntasacha iad easnaimh dhigiteacha agus Bochtaineacht faisnéise d'aisghabháil gheilleagrach *"…a national awareness campaign aimed at presenting the compelling case around the benefits of the Internet to those not currently digitally engaged… the Irish SME sector is losing business opportunities through its lack of engagement with the Internet" Sochaí Cheangailte a sheachadadh – Plean Náisiúnta Leathanbhanda d'Éirinn*[48]

Spreagadh Ar Éileamh, cuirfidh an rialtas an méid a leanas i bhfeidhm:

- treoirphlean le haghaidh glacadh digiteach a thacóidh le gnólachtaí nua agus reatha agus a chabhróidh chun an cumas ollmhór cruthaitheach atá ann a shaothrú. Tá coinne leis go dtabharfar aird ar leith ar chumas na ríomhfhoghlama agus na ríomhshláinte.
- Cruthófar Earra Ceannródaíoch Digiteach chun seachadadh na Straitéise a stiúradh
- feachtas náisiúnta feasachta a chomhchistiú atá dírithe ar an gcás spreagúil a chur i láthair maidir le sochair an Idirlín dóibh siúd nach bhfuil ag plé le cúrsaí digiteacha go fóill. Sprioc thosaíochta san fheachtas sin a bheidh in Earnáil SME na hÉireann.
- Anuas ar mhúscailt feasachta, cuirfidh an NDS bearta sonracha san áireamh chun dul i ngleic le srianta ar úsáid an Idirlín ag SMEanna.
- … tá deiseanna gnó á gcailleadh ag earnáil SME na hÉireann tríd an easpa úsáide a bhaintear as an Idirlíon. Tacóidh an Rialtais… le breis beart, ó na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon, atá dírithe ar rátaí méadaithe glactha le cúrsaí digiteacha ag fiontar na hÉireann a éascú.
- … méid sheachadadh na seirbhísí TFC do shaoránaigh a fheabhsú, lena n-áirítear údarás a thabhairt d'idirghníomhaíocht ar líne le seirbhísí an Rialtais[49]

[47] Rangú domhanda na hÉireann sa litearthacht agus san uimhearthacht, bunaithe ar scrúdú PISA (Clár Measúnaithe Mic Léinn Idirnáisiúnta. OECD) in 2009. Bhain Éire agus tír eile an 17ú rang ab airde amach i litearthacht mhatamaiticiúil agus bhí Éire faoi bhun an mheáin OECD. I dtaca le léitheoireacht, bhain Éire amach an 8ú rang agus bhí Éire beagán os cionn an mheáin OECD. *Measuring Ireland's Progress 2011*. An Phríomh-Oifig Staidrimh

[48] Slachta ó Delivering a Connected Society - A National Broadband Plan for Ireland. An Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha. Lúnasa 2012. Ich 9-11

[49] Slachta ó Delivering a Connected Society - A National Broadband Plan for Ireland. An Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha. Lúnasa 2012. Ich 9-11

Athrú teicneolaíochta

1. Rochtain ar leathanbhanda ar fud na tíre. Aithníonn an rialtas ríthábhacht lena mbaineann náisiún ag a bhfuil ceangal digiteach mar aon leis an aistriú leanúnach i dtreo cumarsáid dhigiteach
2. Comhláithreacht na meán clóite agus digiteach Tá formáidí agus teicneolaíochtaí iomadúla in úsáid ag daoine ar mhaithe le léamh, foghlaim agus teacht ar fhaisnéis
3. Aistriú ó ríomhairí go dtí fearais shoghluaiste le haghaidh rochtana ar an idirlíon agus foghlama. Tá níos mó gutháin phóca in Éirinn – breis agus 5 mhilliún – ná an daonra[50]
4. Pearsantú níos minice a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar chumarsáid
5. Borradh ar an earnáil ríomhfhoghlama[51]
6. Úsáid fhorleatach agus tionchar na meán sóisialta
7. Néalríomhaireacht agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn Teacht chun cinn foilsiú digiteach, comóntaí cruthaitheacha, rochtain oscailte ar thaighde
8. Cruthaitheacht dhigiteach; eispéiris nua/athraitheacha chultúrtha, tionscail agus an geilleagar digiteach

Athrú dlíthiúil

1. Reachtaíocht reatha agus amach anseo maidir le soláthar leabharlann poiblí ag údaráis áitiúla
2. Reachtaíocht amach anseo maidir le cosaint agus le cúram leanaí agus daoine fásta leochaileacha
3. Impleachtaí reachtaíocht an IPR – tá ábhar tráchtála agus tionsclaíoch araon agus le haghaidh táirgí ealaíonta agus intleachtacha cruthaitheacha ag éirí níos casta agus dlíthí, ach tá foinse oscailte agus gluaiseachtaí cruthaitheacha comóntaí ag cur le domhan na foghlama ar bhonn méadaitheach
4. Impleachtaí dlíthiúla Rochtana ar Acmhainní Cultúrtha ar an suíomh agus ar líne a athrú. Aistrítear ceannach agus úinéireacht acmhainní chuig cláir cheadúnaithe le haghaidh acmhainní leictreonacha. Ní dhearnadh ceadúnú ríomhleabhar a réiteach go fóill, agus tá rochtain ar acmhainní acadúla taighde ag bogadh i dtreo prionsabail rochtana níos mó

Athrú comhshaoil

1. Tá cáil thréan ar Éirinn mar thír ina bhfuil comhshaol ardchaighdeáin Tá sé de chuspóir ag tosaíochtaí beartais chomhshaoil an Rialtais an seasamh seo a choimeád trí astuithe gáis cheaptha teasa (GHG) a laghdú, trí bhreis feabhais a chur ar bhonneagar na seirbhísí uisce agus ar bhainistíocht dramhaíola, agus chun cosaint an dúlra a threisiú[52]
2. Ionaid faisnéise atá i leabharlanna cheana féin maidir le saincheisteanna comhshaoil agus deiseanna le haghaidh feasacht chomhshaoil
3. Ba cheart go mbeadh feidhm cheannais ag leabharlanna, mar aon le seirbhísí eile poiblí, ag dul i ngleic le feasacht agus le hoideachas comhshaoil, a thacaíonn le cláir oideachais agus leis an bpobal níos fairsinge
4. Mar phríomhsheirbhís atá i lár an phobail, beidh ar leabharlanna an caidreamh le limistéir eile rialtais áitiúil a threisiú a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil agus oibriú le clár an Rialtais

---

[50] B'ann do dhul i bhfód 112% ar an margadh (Meitheamh 2010); tá ag go leor tomhaltóirí breis agus guthán amháin. De réir chuideachta mhargaíochta ADIKAT

[51] Fiontraíocht Éireann: http://www.enterprise-ireland.com/en/News/PressReleases/2012-Press-Releases/

[52] Our Sustainable Future: A Framework for Sustainable Development for Ireland http://www.environ.ie/en/Publications/Environment/Miscellaneous/FileDownLoad,30452,en.pdf

Oideachas agus Foghlaim Fadsaoil

1. Is gá do leanaí ar scoil éirí liteartha, uimheartha agus dea-scileanna cumarsáide a fhorbairt
2. Teastaíonn scileanna saoil ó ógánaigh a chabhróidh leo bheith neamhspleách i dtaobh cúrsaí geilleagracha de, a samhlaíocht a úsáid agus chun rannpháirtíocht dhearfach a dhéanamh lena bpobal
3. Tosaíocht de straitéis náisiúnta Chlár an Rialtais is ea oideachas a thugann faoi eispéireas oideachais leanaí, ógánach agus mic léinn a chosaint agus a fheabhsú.[53]
4. Is leanúnach don athrú sa gheilleagar eolais agus tagann teicneolaíochta chun cinn go minic agus go rialta. Baineann ríthábhacht le foghlaim leanúnach d'fhonn go gcoimeádfaidh daoine suas leis an athrú agus má fhanann siad gníomhach i dtaobh cúrsaí sóisialta
5. Beidh ar oideachas traidisiúnta athrú má tá sé leis an bhfoghlaim dhinimiciúil agus leis an bhféinchomhlíonadh a bhfuil gá leis sa mhargadh oideachais amach anseo a chur ar tairiscint D'fhéadfadh go bhfuil *fiontraithe* mar ghnóthachtálaithe singil, ach beidh an fhiontraíocht mar bhealach oibre. Is éard a bheidh ina shaintréith de chuid 'oideachais' amach anseo ná ábhar ordaithe foghlama, nuair a bhíonn gá leis, rochtain iargúlta ar na hoideoirí is fearr agus spás áitiúil gorlainne[54]

"Ábhar tragóide is ea é, d'fhéadfadh an cohórt céanna atáimid ag iarraidh a "chosaint" a thabhairt faoi deara go bhfuil a dtodhchaí brostaithe ag an gcaoi a bhfuilimid faiteach, de réir mo thuairime, dá dteipfeadh orainn ár gcur chuige i leith oideachais a athrú."
Lord David Puttnam, Seaimpín Digiteach d'Éirinn
Urlabhra ag Institiúid Teicneolaíochta Massachusetts, Meitheamh 2012[55]

Cuireann an cleachtadh PESTLE+E seo faisnéis ar fáil a chuireann faisnéis ar fáil don chroíthairiscint ar féidir le leabharlanna a dhéanamh cheana féin. Is féidir gnáthrud a dhéanamh de seo nuair a ghlactar le cur chuige náisiúnta straitéiseach agus rochtain do chách ar fud na hÉireann, i gceantair uirbeacha agus thuaithe ar gá dóibh a scileanna a fhorbairt ag pé céim ina saol.

Déanfaidh na scileanna seo freastal orthu, ina suíomh geilleagrach agus mar dhaoine muinteartha dá dteaghlach agus mar mhuintir a bpobal.

[53] Clár an Rialtais 2011 http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2011/Programme_for_Government_2011.pdf
[54] Féach: The Avalanche is Coming: Higher education and the revolution ahead. An Institiúid um Thaighde ar Bheartas Poiblí. Márta 2013
[55] Tagairt: *The Avalanche is Coming: Higher education and the revolution ahead*. IPPR, Márta 2013

AGUISÍN 3: AN ÁIT ATÁ BAINTE AMACH AG LEABHARLANNA INNIU: ANAILÍS SWOT

Beidh straitéis na leabharlann poiblí mar thagarmharc ónar féidir athrú agus feabhsú a thosú nó chun monatóireacht a dhéanamh orthu – an áit atá bainte amach ag leabharlanna inniu agus na gnéithe de sheirbhísí reatha leabharlainne ar cheart iad a athrú, a fheabhsú, a shíneadh nó a thréigeadh. Déanfar breithniú ar fheidhmíocht na leabharlann i leith thagarmharc na straitéise thar thréimhse na straitéise go dtí 2017.

Sa mhír roimhe seo, caitear súil ar anailís PETLE+E ag an gcomhthéacs níos leithne ina n-oibríonn leabharlanna agus sainaithníodh na bealaí inar féidir le leabharlanna cur le riachtanais náisiúnta agus áitiúla araon. Sa mhír seo, caitheann anailís SWOT ar staid reatha na seirbhíse leabharlainne. Cuireann an cur chuige seo an bhéim ar ghnéithe na seirbhíse leabharlainne ar cheithre bhealach:

Neart agus **Deiseanna** – atá le sainaithint agus le húsáid go soiléir
Laigí agus **Bagairtí** – atá le casadh thart agus le réiteach

"An gá le héirí níos fearr lenár seirbhísí a mhargú d'fhonn daoine nach mbaineann leas as ár seirbhísí ar an eolas fúthu, agus chun na himeachtaí/cláir ghníomhaíochtaí a chur chun cinn atá á reáchtáil inár leabharlanna do chách... An gá leis na meáin shóisialta (Facebook agus Twitter) a úsáid níos mó"
Grúpa fócais na bhfoghlaimeoirí fásta Sraith an Urláir, Contae Dhún na nGall, an 6 Márta 2013

"Fógraíocht imeachtaí a mhéadú; Ríomh-nuachtlitir/leathanach Facebook ag a bhfuil nuashonruithe imeachtaí/seirbhísí; For-rochtain do sheirbhísí óige i gceantair áitiúla chun léamh forbairt léitheoireachta agus litearthachta a spreagadh i measc ógánach"
Tuismitheoirí leanaí óga Caiseal, Contae Thiobraid Árann, an 19 Feabhra 2013

Neart

1. Caitear leis an tseirbhís leabharlainne poiblí mar shochar an-fhiúntach agus an-dearfach pobail. Cuireann staitisticí leis na deich mbliana anuas béim ar an tóir mhéadaitheach atá ar an tseirbhís. Go deimhin féin, léiríonn an taighde go dtagann méadú ar úsáid na leabharlainne le linn cúlú[56]. Ina theannta sin, léiríonn leibhéil sásaimh ó shuirbhéanna PLUS níos luaithe freisin luach na leabharlann poiblí ar fud na tíre[57].

2. Tá leabharlanna poiblí suite mar phríomhsheirbhís laistigh de phobail áitiúla fad a oibríonn siad laistigh de líonra atá ar fud na tíre. Faoi láthair, tá 336 leabharlann phobalbhunaithe agus 31.5 leabharlann shoghluaiste a dhéanann faisnéis, deiseanna foghlama agus gníomhaíochtaí pobail a sheachadadh.

3. Cruthaíonn leabharlanna deiseanna don duine aonair chun bheith rannpháirteach sa saol sibhialta agus chun a bhfolláine ar an iomlán a fheabhsú trí rochtain a fháil ar réimse fairsing stoic agus ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí foghlama fadsaoil.

4. Cruthaíonn leabharlanna deiseanna don teaghlach chun sóisialú le chéile i gcomhshaol sábháilte, áit a gcabhraíonn an fhoireann oilte chun fonn léitheoireachta agus foghlama a chothú. Sainaithnítear leabharlanna mar áiteanna tábhachtacha le haghaidh forbairt na leanaí agus le haghaidh oideachas foirmiúil, go háirithe i limistéir na litearthachta, na foghlama trí fhiosrú agus an tsúgartha. Cuireann comhpháirtíochtaí le soláthróirí oideachais breis deiseanna ar fáil, mar shampla: Cúram agus Oideachasa na Luath-Óige (ECCE) agus Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) mar thacaíocht le forbairt litearthachta.

5. Is éard a d'eascair as infheistíocht le blianta beaga anuas ná foirgnimh agus áiseanna feabhsaithe leabharlainne. Tá méadú suntasach tagtha ar úsáid na leabharlann nua agus athchóirithe seo, is éard a d'eascair as seo ná eispéireas feabhsaithe sóisialta don phobal agus sochair athnuachana níos fairsinge don cheantar. I measc na samplaí tá, Leabharlann Bhaile Ghuaire i gContae Loch Garman[58], Leabharlann Shráid Uí Mhealláin i mBaile Loch Garman, Leabharlann Chearnóg an Mhargaidh i dTulach Mhór[59].

"Tá mo mhac i gcathaoir rothaí agus taitníonn an ghné shóisialta de chuairteanna ar an leabharlann go mór leis, mar gheall gur leabharlann nua baile mhóir ár leabharlann. Tá rochtain do chathaoireacha rothaí agus fairsinge an fhoirgnimh ar an rud is áisiúla agus is tábhachtaí."
Grúpa Scríbhneoirí. Leabharlann Ghuaire, Contae Loch Garman

"Faighim smaointe ó na hacmhainní iontacha agus ón bhfoireann do m'obair le mic léinn litearthachta. Ina theannta sin, spreagann na himeachtaí a dhéantar a dhea-phoibliú inár leabharlann phoiblí mé chun freastal ar léachtaí, seimineáir, grúpaí scríbhneoirí."
Grúpa Scríbhneoirí. Leabharlann Ghuaire, Contae Loch Garman

[56] Tháinig laghdú 2% ar bhallraíocht leabharlainne na hÉireann idir 2001 agus 2008 (blianta faoi rath). Tá méadú 17% tagtha ar bhallraíocht anois, áfach, ó idir 2008 agus 2011 (blianta faoi chúlú). *Staitisticí an Údaráis Leabharlann Poiblí*
[57] Rinne 92% de na freagróirí an tseirbhís fhoriomlán leabharlainne a rátáil amhail 'an-mhaith' nó 'go maith'; Rinne 97% de na freagróirí eolas agus saineolas fhoireann na leabharlainne a rátáil amhail 'an-mhaith' nó 'go maith'
[58] Dhearbhaigh an t-údarás áitiúil go bhfuil sé beartaithe acu tabhairt faoi fhairsingiú feabhsúcháin bhonneagracha chun caipitliú a dhéanamh ar na deiseanna cultúrtha agus oidhreachta a fíoraíodh trí thionscadal Shráid Uí Mhealláin.
[59] Is rí-léir sochair agus tairbhí tráchtála na dtionscadal seo – féach Aguisín 4

6. Baintear úsáid thréan as forbairt leanúnach ábhar ar líne, infheistíocht i dtionscadail digitithe leabharlainne agus rochtain ar an idirlíon agus áiseanna TF a sholáthar i leabharlanna. Mar shampla, go luath in 2013, chláraigh láithreán gréasáin na leabharlann poiblí www.*askaboutireland*.ie a mhéid le 42,000 cuairt gach seachtain. In 2011, b'ann do 2,000 ríomhaire poiblí i leabharlanna ar fud na tíre a sholáthair 1.9 milliún seisiún úsáideora.

Scéim Iasachtaithe Gléasanna Ceoil

In 2013, bhí Leabharlann Chontae Mhaigh Eo ar an gcéad seirbhís leabharlainne poiblí sa tír chun gléasanna ceoil a thabhairt ar iasacht don phobal. Ag oibriú i gcomhar le Coiste Gairmoideachas Mhaigh Eo (VEC), Fóram Pobail Mhaigh Eo agus le líon comhlachtaí eile, tá anois stoc breis agus 300 gléas ceoil ag leabharlann Mhaigh Eo, atá ar fáil ar iasacht trí aon bhrainse den tseirbhís leabharlainne. Tá an scéim páirtchistithe ag Music Generation – Clár Náisiúnta Oideachas Ceoil na hÉireann. Is í aidhm na scéime chun gléasanna ardchaighdeáin ceoil a chur ar fáil d'ógánaigh na tíre agus cothaíonn seo cultúr de chruthaitheacht cheolmhar.

Askaboutireland.ie

Tionscnamh leabharlann poiblí, músaem agus cartlann áitiúil is ea an láithreán gréasáin *Ask about Ireland*, a cruthaíodh i dtosach báire mar acmhainní ar líne d'ábhar staidéir áitiúil in 2002. Inniu, tá an tairseach náisiúnta seo ar cheann de na tionscnaimh chultúrtha, oideachais agus chomhshaoil is fearr a úsáidtear in Éirinn. I measc na mbailiúchán tá ábhar ó gach údarás áitiúil ar thopaicí cultúrtha Éireannacha, acmhainní bunscoileanna agus meánscoileanna, bailiúchán mór d'acmhainní comhshaoil digitithe agus rochtain iomlán ar thacair náisiúnta ar nós Luacháil Uí Ghríofa, Leabhair agus Litreacha Logaimneacha Uí Dhonnabháin, ríomhleabhair stairiúla ó na 1700idí ar aghaidh, suirbhéanna Staitistiúla, nuachtáin agus léarscáiliú stairiúil. Déantar *Askaboutireland.ie* a nuashonrú go háitiúil ag na leabharlanna poiblí agus déanann Forbairt Leabharlann, an LGMA é a bhainistiú.

Luacháil Uí Ghríofa

Áirítear le *Askaboutireland.ie* rochtain saor in aisce digiteach ar Luacháil Uí Ghríofa – an chéad luacháil lánscála ar réadmhaoin in Éirinn, a foilsíodh idir 1847 agus 1864 faoi mhaoirsiú Sir Richard Griffith. Rinneadh breis agus 1.5 milliún taifead luachála de thionóntaí agus de thiarnaí talún a thabhairt le chéile agus ghabh léarscáileanna sé horlaí leo don tír iomlán. I ndiaidh mhilleadh Oifig Taifead Poiblí na hÉireann i 1992 le linn Chogadh Chathartha na hÉireann, agus mar thoradh air sin, torthaí an daonáirimh ón 19ú haois, rinneadh an t-aon rogha chuimsitheach daonáirimh de Luacháil Uí Ghríofa i lár an 19ú haois.

Cuireann *Askaboutireland.ie* rochtain iomlán ar fáil ar Luacháil Uí Ghríofa, agus is féidir cuardach a dhéanamh de réir ainm nó logainm. Áirítear leis léarscáileanna sonracha le marcála do thithe, cróite agus teorainneacha úinéireachta le haghaidh gach baile fearainn sa chontae. Ina theannta sin, féadfaidh an pobal a ngrianghraif, faisnéis agus torthaí taighde féin a uaslódáil, a bhaineann le taifeadh aonair Luacháil Uí Ghríofa, ag cur leis an acmhainn thábhachtach ghinealais seo.

Cuireann *Askaboutireland.ie* rochtain ar fáil ar Leabhair Logainmneacha agus Litreacha Uí Dhonnabháin a d'fhoilsigh Oifig na Suirbhéireachta Ordanáis idir 1824 agus 1842 mar chuid den chéad suirbhé comhiomlán léarscáilithe ar Éirinn. Cé nach cuid de Luacháil Uí Ghríofa go baileach iad seo, rinne suirbhéirí OSI iad a chur i dtoll a chéile sna 1820idí agus is acmhainn eile áisiúil staire áitiúla iad ón 19ú haois, agus áirítear leo tagairt ní hamháin do chaighdeánú logainmneacha aonair, ach freisin do shéadchomharthaí áitiúla, foirgnimh shuntais, agus suíomhanna seandálaíochta.

Laigí

1. Tá neamhchomhsheasmhacht ann sna leibhéil de sholáthar seirbhíse ar fud na n-údarás áitiúil agus laistigh díobh. D'fhéadfadh an neamhchomhsheasmhacht sin baint den chumas chun an tairbhe is mó a bhaint den bhonneagar leabharlainne poiblí, de scileanna agus de sheirbhísí foirne. I roinnt cásanna, baineann éagsúlachtaí i seirbhísí le hábhar agus bíonn gá leo, ach ní hamhlaidh atá an scéal má tá pobail eile thíos leis nuair atá gá leis an leibhéal seirbhíse a sholáthraítear.

2. Ní ann d'aon teachtaireacht shoiléir faoi ról leabharlanna, cibé acu laistigh den tseirbhís leabharlainne nó á cur chun cinn don phobal. Is éard a eascraíonn as seo ná feasacht ar go leor seirbhísí agus acmhainní.

3. Tá cur chun cinn beag á dhéanamh faoi láthair ar sheirbhísí leabharlainne go háitiúil agus go náisiúnta, agus ar an ábhar sin, eascraíonn feasacht íseal ar sheirbhísí as seo.

4. Níl fáil ach ar bheagán taighde margaidh ón tseirbhís leabharlainne poiblí chun faisnéis a chur ar fáil d'athrú. Tá an-teorainn ar fhianaise thaighde i leith torthaí agus tionchar úsáid leabharlainne.

5. Tá an íomhá steiréitipiciúil den leabharlann mar sheirbhís nach ndéanann ach "leabhair a thabhairt ar iasacht" fós mar an meon coitianta agus tá ach feasacht íseal ar na seirbhísí iomadúla a sholáthraítear anuas air sin. Tacaítear leis an íomhá sheanfhaiseanta seo nuair is ann d'easpa cur chun cinn, seanstoc agus drochbhail ar fhoirgnimh na leabharlainne. Cé go ndearnadh 95 foirgneamh leabharlainne a ionadú nó a athchóiriú le linn na straitéisí *Branching Out*, níor bhain na 75% eile de leabharlanna aon sochar ón gclár náisiúnta infheistíochta caipitiúil.[60]

6. Is gnách gur próiseas mall nuachóiriú na bhfoirgneamh agus na seirbhísí leabharlainne. Tá go leor tionscadail forbartha próiseastiomáinte agus dírítear go príomha ar ionchuir.

1. [60] Mar fhreagracht údaráis áitiúil, rinneadh cinn eile a ionadú nó a fheabhsú. Cuirfidh an tIniúchadh a bheartaítear cuntas cothrom le dáta ar fáil. Déanfaidh aon infheistíocht amach anseo tionchar geilleagrach agus sóisialta na leabharlann.

Deiseanna

1. Tá ag leabharlanna an deis chun breis forbartha a dhéanamh ar phríomhriachtanais reatha agus iad siúd atá ag teacht chun cinn de chuid pobail áitiúla, lena n-áirítear litearthacht phriontála agus dhigiteach

2. Léiríonn leabharlannaithe agus leabharlanna cultúr comhroinnte; dea-chomhpháirtithe iad i bhfiontair chomhoibritheacha. Tá ag leabharlanna an deis chun forbairt a dhéanamh agus chun comhpháirtíochtaí nua a bhunú leis na rannóga ábhartha d'údaráis áitiúla agus le hearnálacha eile agus a léiríonn comhshochair na comhpháirtíochta maidir le dul i ngleic le riachtanais áitiúla agus náisiúnta.

3. Tá ag leabharlanna láithreacht dhearfach áitiúil le haghaidh seirbhísí rialtais áitiúil agus áitiúla poiblí.

4. Deis ollmhór atá sa ré dhigiteach do leabharlanna chun dul i mbun nuála agus athrú. Bainisteoirí oilte faisnéise iad leabharlannaithe agus tá acu an cumas chun leas a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha agus chun seirbhísí fíorúla a sheachadadh.

5. Féadfaidh leabharlanna freastal ar fhéiniúlacht, pobal agus cultúr atá an-áitiúil, mar aon le hiad a léiriú agus tá tosaíochtaí náisiúnta in ann iad a stiúradh fós féin. Agus leabharlanna ina gcroísheirbhís i bpobail áitiúla, tá acu an deis chun tacú le pobail trí bheith rannpháirteach le daoine áitiúla agus trí fhreagairt orthu go gníomhach, anuas ar na seirbhísí agus na háiseanna ábhartha a sholáthar agus tosaíochtaí nua a shainaithint le haghaidh nuálaíochtaí nua.

6. Tá ag daoine ionchais nua mhéadaithe i leith leabharlann tar éis an infheistíocht a rinneadh iontu le déanaí. Tá ag leabharlanna an deis chun freagairt ar na hionchais seo trí sholáthar agus chur chun cinn níos sprioctha seirbhíse.

"Áit an-oiriúnach iad leabharlanna inar féidir le gach duine dul i dtaithí ar theicneolaíocht faisnéise."
Grúpa Fócais Scríbhneoirí. Leabharlann Ghuaire, Contae Loch Garman

"Teastaíonn díriú lárnach uainn – áit ar féidir leis an pobal go léir a aontú – an bhféadfadh an leabharlann é seo a chomhlíonadh?"
Grúpa Fócais Daoine 25-35 Bliain d'Aois. Contae Thiobraid Árann.

"Dreasacht iontach le haghaidh leanaí is ea Scéim Léitheoireachta an tSamhraidh. Tá seirbhísí den scoth ann le haghaidh scoileanna."
Grúpa Fócais Daoine 25-35 Bliain d'Aois. Contae Thiobraid Árann.

7. Tá sé ar chumas leabharlann chun feidhmiú mar ionaid ghnó le haghaidh fiontraithe áitiúla trí na bunáiseanna a sholáthar – wifi, acmhainní, spás cruinnithe agus oibre, tacaíocht foirne.

8. Oibríonn leabharlanna na hÉireann ar thionscadail idirnáisiúnta/AE. Mar shampla, bhí líonra d'Ionaid Faisnéise Europe Direct i bhfeidhm trí leabharlanna poiblí ó 2005 i leith. Ina theannta sin, tá leabharlanna poiblí ag cur le Europeana.eu, tairseach chultúir na hEorpa.

9. Trí shuíomh agus saineolas fisiciúil i seachadadh fíorúil, is uathúil agus suntasach d'fheidhm na leabharlainne i staidéir áitiúla – in Éirinn agus ar fud Diaspóra na hÉireann.

10. Tá smaoineamh úr agus smaointe agus scileanna nua-aimseartha á dtabhairt isteach chuig an tseirbhís leabharlainne ag gairmithe nua.

Bagairtí

1. Bhainfeadh aon mheath ar thacaíocht an Rialtais, cibé acu go náisiúnta nó go háitiúil, nó sa mhéid a aithníonn an rialtas áitiúil cumas na seirbhíse leabharlainne chun cuspóirí beartais shóisialta agus gheilleagraigh a sheachadadh de dhul chun cinn agus d'fhorbairt na seirbhíse.

2. Mura dtéann leabharlanna i ngleic le riachtanais daoine agus phobal, is dóchúil go dtiocfaidh meath ar an tacaíocht a thugtar don leabharlanna agus ar an úsáid a bhaintear aisti.

3. Is cinnte go n-eascróidh meath ar sholáthar seirbhíse as easpa cistiú dóthanach chun tacú leis an tseirbhís leabharlainne, go háirithe maidir le soláthar foirne, áiseanna agus forbairt bailiúchán.

4. Is é is dócha a eascróidh as easpa ceannaireacht ghairmiúil a chuireann seirbhísí leabharlainne chun cinn ar leibhéal áitiúil ná seirbhís atá dínasctha ó riachtanais shóisialta agus gheilleagracha an phobail.

5. Is éard a d'fhéadfadh a eascairt má theipeann ar leabharlanna naisc a bhunú le seirbhísí poiblí eile ná deiseanna a chailleadh chun comhoibriú a dhéanamh agus seachadadh níos laige seirbhísí ar deireadh thiar.

6. Má theipeann ar leabharlanna córais nua a chur i bhfeidhm chun seirbhísí nua a chruthú agus a dhéanamh a thíosaí agus is féidir, d'fhéadfaí bac a chur ar dhul chun cinn na seirbhíse agus baint de mheon an phobail agus den tacaíocht a thugann an pobal don leabharlann.

7. Is éard is dócha a bheidh mar thoradh ar easpa nasc leordhóthanach leathanbhanda agus acmhainní leictreonacha nach gcoimeádfaidh leabharlanna cothrom le dáta agus go ndéanfar iad a dhínascadh ó riachtanais phobail i sochaí a bhfuil dlúthnasc acu leis an domhan digiteach.

AGUISÍN 4: CLÁR CAIPITIÚIL FOIRGNIMH LEABHARLAINNE: RANNPHÁIRTÍOCHT NÍOS FAIRSINGE LEIS AN GCREATLACH UIRBEACH AGUS LE FORBAIRT GHEILLEAGRACH

Úsáideadh Spriocthionscnaimh Athghiniúna Uirbí mar chur chuige i leith athnuachan agus athbheochan láithreacha uirbeacha trí fheabhsú na timpeallachta uirbí agus trí mhúscailt gníomhaíocht áitiúil gheilleagrach.

Iarracht a bhí i Scéimeanna Athghiniúna Uirbí a bhí i bhfeidhm ó lár na 1980idí go dtí 2008 chun réiteach a fháil ar fhadhb mhéadaitheach an dearóilithe agus an trochlaithe ag a raibh tionchar ar cheantair mhóra inmheánacha bhailte agus chathracha go náisiúnta. In go leor cásanna, tháinig meath ar an daonra sna ceantair inmheánacha seo, mar gheall go raibh borradh agus fás ag éirí níos comhchruinnithe sna fo-bhailte. Ba iad croíchuspóirí na scéimeanna siúd: chun athnuachan agus athfhorbairt uirbeach a chur chun cinn trí infheistíocht in atógáil foirgneamh a chur chun cinn, agus: an tionchar díreach fostaíochta a bhíonn ar ghníomhaíocht a bhaineann le tógáil agus an iomaí sochar dearfach atá acu don gheilleagar áitiúil agus náisiúnta. Gné bhreise agus thábhachtach de go leor de na tionscadail faoinar tugadh faoi na cláir seo ná gur bhrath siad ar instealladh tosaigh d'airgeadas poiblí caipitiúil, sula ndéanfaí gníomhú leis an earnáil phríobháideach agus infheistíocht inti.

Cuireann Clár Cistithe Chaipitiúil Foirgnimh Leabharlainne na Roinne, anuas ar chúnamh a chur ar fáil d'údaráis áitiúla le haghaidh chothabháil a mbonneagair foirgnimh leabharlainne, deis uathúil ar fáil, chomh maith, cé go ndéantar seo ar bhealach nach bhfuil chomh soiléir céanna, chun cabhrú le hathbheochan pobal áitiúil trína n-infheistíocht cistithe.

Tugann leabharlanna faoi sheirbhís ríthábhachtach agus bhunúsach phobail mar ionaid eolais agus scaipthe faisnéise trí chur chun cinn na léitheoireachta; cothú na forbartha intleachtaí; agus deiseanna a chruthú le haghaidh oideachais agus foghlaim fadsaoil. Déantar na gníomhaíochtaí idirspleácha seo a sholáthar don phobal trí líonra foirgnimh leabharlainne, a gcruthaíonn a láithreacht fhisiciúil gné choiteann de gach cathair agus mórbhaile ar fud na tíre. Go stairiúil, léirigh suíomh na leabharlainne an fheidhm lárnach a bhíonn acu sa phobal áitiúil, agus dá dheasca sin, tá iontu príomhláithreacha suntasacha laistigh den timpeallacht uirbeach.

Cuireann saintréithe an Stáit ina bhfuil nach mór 336 bonneagar foirgnimh leabharlainne, a mheallann breis agus 17,000,000 cuairt gach bliain[61], deis ar fáil chun cur leis an bhfolláine áitiúil shóisialta agus gheilleagrach, anuas ar bhunsoláthar acmhainn foirgneamh nua nó athchóirithe leabharlainne.

Chuir forbairtí leabharlainne a rinneadh le déanaí, ar nós iad siúd a críochnaíodh i dTulach Mhór agus i Loch Garman an fiúntas breise níos fairsinge ar féidir le leibhéil ísle Cistithe Chaipitiúil a bhaint amach, a ghníomhaíonn faoi mar is gnách dóibh, mar chatalaígh le haghaidh na dtionscadal tábhachtach rialtais áitiúil seo. Is rí-léir na sochair níos fairsinge athnuachana a d'eascair ón dá rud seo agus ó thionscadail eile.

[61] An Chomhairle Leabharlann. *Public Library Authority Statistics Actuals 2001-2011*.

I gcás leabharlann Chearnóg an Mhargaidh i dTulach Mhór, a críochnaíodh le déanaí, atá suite go feiceálach ar chúl phríomhchearnóg an bhaile, ionad stairiúil agus láthair chasta dhaonra an bhaile, níor choimeád an leabharlann cothrom le dáta, agus bhí cuma leamh uirthi, agus rinneadh tábhacht na leabharlainne i dtaobh feidhme i dtaca le heispéireas sóisialta na cearnóige a dhínascadh. Rinneadh an leabharlann a bhunathrú, le tacaíocht chistiú na Roinne, agus cruthaíonn sí anois cúlra an-inrochtana, nua-aimseartha agus ilghnéitheach do chearnóg seo an bhaile lena mbaineann tábhacht stairiúil agus tráchtála. Baineann an foirgneamh anois dúshláin riachtanais chomhaimseartha an bhaile amach, agus timpeallacht nua-aimseartha chompordach a sholáthar, ar an gcéad dul síos, trína mbeidh tionchar dearfach ag deiseanna nua le haghaidh oideachais, foghlaim fadsaoil, fóillíochta agus forbairt phearsanta ar cháilíocht beatha dhaonra an bhaile. Tháinig sochar tráchtála níos fairsinge le haghaidh an bhaile chun solais mar shochar díreach ó thionscadal athghiniúna na leabharlainne, agus is é an tionchar iarmharach athnuachana a bhí ag an leabharlann ar chearnóg an bhaile ná gur éirigh úinéirí réadmhaoine gníomhach go tapa i dtabhairt faoi athchóiriú ar réadmhaoine ar an gcearnóg. Spreag seo líon fiontair bheaga chun bheith oscailte amach ar an gcearnóg ar leibhéal na sráide chun na deiseanna trádála a ghabhann tharstu a thapú. Mar thoradh dearfach ar an dá ghníomh dheireanacha seo a luaitear thuas, mar aon leis an tionscadal tosaigh athfhorbartha leabharlainne é féin, cruthaíodh deiseanna nua sóisialta agus fostaíochta don phobal áitiúil.

Sampla eile agus a bhí faoi chaibidil le déanaí í Leabharlann Shráid Uí Mhealláin ar conas is féidir le leibhéal íseal cistithe ón Roinn gníomhú mar chatalaíoch, sa chás seo, chun tacú leis an údarás áitiúil in athúsáid láithreán tréigthe athfhorbartha i lár an bhaile, seachas láthair eile nach mbeadh chomh hinrochtana céanna ar imeall an bhaile. Éagsúil le tionscadal leabharlann Chearnóg an Mhargaidh i dTulach Mhór, foirgneamh atá go hiomlán deartha agus nuathógtha is ea an leabharlann ag Sráid Uí Mhealláin in aice le seanbhalla stairiúil an bhaile. Tá an leabharlann tar éis éirí fite fuaite i mbunábhar an bhaile agus cruthaíonn sí anois go nádúrtha cuid thábhachtach de dhroim cultúrtha a thrasnaíonn an baile. Ar an gcuma chéanna le tionscadal Chearnóg an Mhargaidh, d'fhreagair leabharlann Shráid Uí Mhealláin go maith agus timpeallacht nua-aimseartha chompordach á seachadadh trínar féidir leis an deis le haghaidh cur chun cinn na léitheoireachta, an oideachais, forbairt intleachtach agus foghlaim fadsaoil tionchar dearfach a imirt ar cháilíocht beatha dhaonra an bhaile.

Ar nós thionscadal Chearnóg an Mhargaidh, rinne leabharlann nua Shráid Uí Mhealláin sochar tráchtála níos fairsinge don bhaile mar shochar díreach thionchar athnuachana an tionscadail láithreán athfhorbartha seo ar cheantair chóngaracha thráchtála laistigh den bhaile. Cé gur forbairt í seo a cuireadh i gcrích le fíor-dhéanaí, tá fianaise luath le sonrú go bhfuil úinéirí áitiúla réadmhaoine ag tosú ag freagairt ar dheiseanna atá ag teacht chun cinn agus go bhfuil roinnt uasghráduithe á ndéanamh acu ar réadmhaoine i gcóngaracht Shráid Uí Mhealláin. Tá an chosúlacht air go bhfuil sé ar na bacáin ag líon beag fiontar chun tús a chur le trádáil mar gheall ar an leibhéal ar ar tháinig méadú suntasach de dheis trádála a ghabhann thairis a chruthaíonn láithreacht na forbartha nua leabharlainne. Sa bhreis air sin, dhearbhaigh an t-údarás áitiúil go bhfuil sé beartaithe acu tabhairt faoi fheabhsúcháin bhonneagracha a fhairsingiú d'fhonn caipitliú a dhéanamh ar na deiseanna cultúrtha agus oidhreachta a dhéantar a fhíorú trí thionscadal Shráid Uí Mhealláin. Déanfaidh na tionscnaimh seo atá ag teacht chun cinn seachadadh deiseanna dearfacha sóisialta, fostaíochta agus geilleagracha don phobal áitiúil agus don earnáil ghnó.

AGUISÍN 5: TAITHÍ IDIRNÁISIÚNTA: PLEANÁIL STRAITÉISEACH LEABHARLANN POIBLÍ I DTÍORTHA EILE

Céard é an t-eispéireas i dtíortha eile? Céard í a bpeirspictíocht náisiúnta?
I measc na dtéamaí coitianta ó na samplaí seo tá an méid a leanas:

- Dlúth-chomhaontas le cuspóirí Rialtais
- Comhoibriú costéifeachtúil
- I measc na ról tá an méid a leanas:
    - An leabharlann ag feidhmiú mar spás oscailte agus saor sa phobal
    - Bainistíocht bailiúchán agus
    - Rochtain ar fhaisnéis
    - Litearthacht a chur chun cinn agus a chumasú
    - An léitheoireacht le haghaidh spreagtha
    - Glacadh le rochtain agus í a chumasú trí theicneolaíochtaí nua

Déanann forbhreathnú ar roinnt straitéisí náisiúnta roinnt ábhair choiteann lena roinnt agus lena spreagadh.

1. **An Bhreatain Bheag: Spreagann Leabharlanna ('Libraries Inspire'). An Chreatlach Forbartha Straitéisí le haghaidh Leabharlanna na Breataine Bige 2012-16**

Tá ag an mBreatain Bheag daonra beagán de bhreis ar 3 milliún duine a chónaíonn ar thalamh nach bhfuil mórán difríochta eatarthu i dtaobh saintréithe agus méide de agus Éirinn. Is soiléir go bhfuil a chomhionann de shaintréithe cultúrtha agus stairiúla ag ceann de na comharsana Ceilteacha is cóngaraí le hÉirinn, an Bhreatain Bheag.

Tír thuaithe, den chuid is mó, is ea an Bhreatain Bheag i láthair na huaire, agus tá sa tír geilleagar fiúntach talmhaíochta ag a bhfuil líon beag cathracha meánmhéide agus bailte beaga. Tá an tír mar chuid den Ríocht Aontaithe ach baineann sí sult as leibhéil pháirteacha ach mhéadaitheacha, fós féin, de dhéabhlóid agus déantar an tír a rialú trí Thionól Rialtas na Breataine Bige.

Tá dhá chuid i gceist leis an Straitéis, *Spreagann Leabharlanna*:

Cuid 1. Tugann an Chreatlach breac-chuntas ar ghníomhaíochtaí agus ar fhreagrachtaí gach páirtí leasmhair faoi gach ceann de na limistéir ghníomhaíochta.

Cuid 2. Ailíníonn an Plean Seachadta gníomhartha de chuid *Spreagann Leabharlanna* le tosaíochtaí a shonraítear i *gClár an Rialtais* de chuid Rialtas na Breataine Bige.

Is ann do shraith príomhthosaíochtaí

- Samhlacha inmharthana seachadta; trasearnála
- Acmhainní do chách
- Spás do chách
- Scileanna don saol
- Infheistíocht i ndaoine
- An lucht leanúna a mhealladh
- Cáilíocht a sholáthar
- Plean Seachadta

I measc na ngnéithe tábhachtacha atá i gcur chuige straitéiseach na Breataine Bige tá an méid a leanas:

- Straitéis trasearnála atá i gceist – leabharlanna poiblí, acadúla agus náisiúnta i mbun pleanála le chéile
- Déantar cistiú náisiúnta a infheistiú i nuachóiriú agus i rochtain mhéadaitheach
- Oibríonn na seirbhísí leabharlainne i leith sraith caighdeáin náisiúnta Maintaining a Valued Service: The Fourth Framework of Welsh Public Library Standards 2011-2014
- Gabhann Plean Seachadta chéad bhliana leis an Straitéis seo, Libraries Inspire - Delivery Plan 2012-13 agus, straitéis mhargaíochta ceithre bliana, Welsh Libraries National Marketing Strategy 2012-16 lena mbaineann tábhacht faoi leith.

2. Tuaisceart Éireann Libraries NI: Plean Corparáideach 2011-2015

Ó chónaisc seirbhísí leabharlainne sé bhord isteach in eagraíocht amháin, rinneadh rannóg amháin as Libraries NI, go héifeachtúil, mar aon le comhlacht náisiúnta straitéiseach. Oibríonn siad faoin Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta. Ar an ábhar sin, tá sa straitéis ábhar agus tréithe plean gnó chun tosaigh, cé go n-oirfeadh sé dó sin, ina ainneoin sin. I ndiaidh anailís PESTLE ar an gcomhthéacs, leagtar amach sa Phlean a Mhisean, Fiúntais, Prionsabail agus a Phríomhthéamaí. I measc shonraí an phlean, tá an méid a leanas:

- tuiscint ar ról agus ar fhiúntas na seirbhíse leabharlainne poiblí a chur chun cinn agus a fheabhsú tríd an méid a leanas: feasacht a mhúscailt ... trí mhargaíocht agus próisis éifeachtacha chumarsáide agus trí fheabhas a chur ar thacaíocht custaiméirí ar líne; comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt le réimse eagraíochtaí reachtúla, deonacha agus pobail chun rannpháirtíocht a mhéadú
- seachadadh na seirbhísí leabharlainne poiblí a fheabhsú tríd an méid a leanas: timpeallachtaí leabharlainne a sholáthar atá sábháilte, mealltach agus a chuireann fáilte roimh dhaoine; a chinntiú go dtacaíonn córais agus próisis leictreonacha leabharlainne le seirbhísí 21ú haois; seirbhísí éifeachtacha agus éifeachtúla i bpobail tuaithe; a chinntiú go bhfreastalaíonn patrúin uaireanta oscailte ar riachtanais chustaiméirí; an t-eolas agus na scileanna a thabhairt dár bhfoireann chun seirbhísí ardchaighdeáin agus cumarsáid éifeachtach a sheachadadh

- rannpháirtíocht sa tseirbhís leabharlainne poiblí a mhéadú tríd an méid a leanas: réimse stoic atá oiriúnach don fheidhm a sholáthar i réimse formáidí, lena n-áirítear ríomhleabhair agus acmhainní eile ar líne; cláir agus gníomhaíochtaí chun leanaí agus ógánaigh a bheith rannpháirteach iontu, tacú leis an bhfoghlaim, feabhas a chur ar rochtain ar fhaisnéis, léitheoireacht a spreagadh, eispéiris chultúrtha agus chruthaitheacha a chur chun cinn agus chun suim inár n-oidhreacht a spreagadh
- rialachas éifeachtach agus comhlíonadh ceanglais reachtúla a chinntiú

Liostaítear sa Phlean bearta feidhmíochta, tuairiscithe agus freagrachta agus sonraítear cineál uilíoch na seirbhíse leabharlainne poiblí ach freisin an gá le sprioc a dhéanamh de ghrúpaí sonracha, áit a bhféadfadh sé tionchar ba mhó bheith i gceist, i.e.

- leanaí agus ógánaigh
- tuismitheoirí
- daoine ar scor agus daoine breacaosta
- cuardaitheoirí poist agus daoine atá dífhostaithe
- daoine atá i mbun staidéir
- daoine atá faoi mhíbhuntáiste"

Sonraítear, ina dhiaidh sin, liostáil shonrach de chuspóirí corparáideacha, bearta ratha, dátaí spriocanna agus daoine freagracha

3. An Danmhairg: The Public Libraries in the Knowledge Society

Tír atá sa Danmhairg atá macasamhail na dtíortha Lochlannacha eile, ag a bhfuil a dtraidisiún féin suntasach de sholáthar leabharlann poiblí; traidisiúin éagsúla iad ach sonraítear tiomantas sna tíortha bheith nua-aimseartha, mealltach agus lárnach sna cláir náisiúnta. Leagtar treoir agus pleanáil straitéiseach amach in *The Public Libraries in the Knowledge Society.*

Bhunaigh an tAire Cultúir an Coiste na Leabharlann Poiblí sa tSochaí Eolais tar éis tréimhse de leasú rialtais áitiúil inar dúnadh roinnt leabharlann. Tá an tuarascáil foilsithe ag Gníomhaireacht Leabharlann agus Meán na Danmhairge.

Is ard d'úsáid na leabharlainne, cé gur tháinig titim ar iasacht ábhair fhisiciúla;

"Ach tá athrú ag teacht ar an mbealach a úsáidimid an leabharlann".

Tagraíonn seo don úsáid mhéadaithe a bhaintear as seirbhísí leictreonacha – íoslódáil leabhar agus ceoil lena bhfáil ar iasacht. Ar a shon sin, léiríonn ardleibhéil chomhsheasmhacha chuairteanna an leibhéal sách ard d'iasacht leabhar a leanann ar aghaidh (déanann 85% de chuairteoirí fásta leabhair a fháil ar iasacht) mar aon leis an leabharlann bheith mar áit le cuairt a thabhairt air ar mhaithe leis an ardlíon imeachtaí a bhíonn ar siúl ann, go leor díobh dírithe ar neamhúsáideoirí.

Roghnaigh an coiste chun dul i ngleic leis na riachtanais ghinearálta shochaíocha lena mbaineann an leabharlann agus riachtanais níos bunúsaí na n-úsáideoirí trí líon moltaí a leagan amach le haghaidh forbairtí leabharlainne amach anseo. I measc na bpríomhghnéithe tá an méid a leanas:

- Learbharlanna oscailte … roghanna eile ar an spás traidisiúnta leabharlainne, ar nós leabharlann atá comhtháite le saghsanna institiúidí eile, mar aon le seirbhísí nua solúbtha leabharlainne
- Inspreagadh agus foghlaim … breis forbartha agus treisiú a dhéanamh ar a gcuireann an leabharlann ar tairiscint maidir le foghlaim agus inspreagadh, bunaithe ar riachtanais úsáideoirí
- Leabharlann Dhigiteach na Danmhairge … mar gheall ar bhunú Leabharlann Dhigiteach na Danmhairge (DDL) … seachas ó ábhair fhisiciúla, beidh an leabharlann in ann na meáin dhigiteacha a chur ar tairiscint, ar nós scannáin, cluichí, ceol agus litríocht … rochtain ar eispéiris nua, oidhreacht agus líonrú digitithe cultúrtha le húsáideoirí eile trí na meáin shóisialta. Is éard a bheidh in DDL ná rochtain choiteann ar na leabharlanna atá ar an idirlíon…
- Comhpháirtíochtaí … oibríonn an leabharlann go córasach maidir le comhpháirtíochtaí a bhunú d'fhonn iliomad tairiscintí a chruthú ar fud na hearnála poiblí, an tsaoil ghnó agus na sochaí sibhialta
- Forbairt Ghairmiúil … béim níos treise ar inniúlacht agus ar fhorbairt eagraíochta … réiteach níos straitéisí agus córasaí de thairiscintí na leabharlainne bunaithe ar riachtanais an úsáideora.

4. An Fhionlainn: Beartas Leabharlann Poiblí 2015 na Fionlainne: Limistéir Náisiúnta Straitéiseacha Fócais

Tabhair faoi deara: glacadh an méid a leanas ón aistriúchán oifigiúil go Béarla.

San Fhionlainn, meastar gur ceart atá i rochtain ar leabharlann agus tá sé mar chuspóir na straitéise, "rochtain a chinntiú ar fhoinsí eolais agus cultúrtha i sochaí líonraithe faisnéise cathartha agus foghlama". Baineann go leor reachtaíochta sa Fhionlainn le soláthar leabharlann agus foráiltear an ceart i leith "oideachas cultúrtha"..... díriú ar shaineolas agus béim a leagan ar cháilíocht.

Seirbhís bhunúsach is ea an tseirbhís, mar aon le hoideachas cuimsitheach. Déanann sí na bunchearta a achtáil, amhail a luaitear i mBunreacht na Fionlainne, atá ag gach uile shaoránach. Rialaíonn an tAcht Leabharlainne agus an Fhoraithne Leabharlann ina sainítear beartas agus cistiú lánroghnach,

"Is é cuspóir na seirbhísí leabharlainne agus faisnéise comhdheiseanna a chur chun cinn i measc saoránach ar mhaithe le saothrú cultúrtha, gníomhaíochtaí cultúrtha agus liteartha, forbairt leanúnach an eolais, scileanna pearsanta agus scileanna sibhialta, ar mhaithe le hidirnáisiúnú agus le foghlaim ar feadh an tsaoil. Ina theannta sin, tá sé mar chuspóir ag gníomhaíochtaí leabharlainn forbairt seirbhísí fíorúla agus idirghníomhacha líonraithe a fhorbairt mar aon lena n-ábhair oideachais agus chultúrtha. (An tAcht Leabharlainne, 904/1998, Lch 2)"

- I measc na gclár straitéiseach tá roinnt gníomhartha ábhartha ar leibhéil náisiúnta:
  - Bíonn tionchar fadtéarmach ar chistiú infheistíochta an Rialtais i dtionscadail fhadtéarmacha lena mbaineann an tír trína chéile, chun an bonn saineolais i leabharlanna a threisiú
  - Rannpháirtíocht ghníomhach ar thionscadal Leabharlann Náisiúnta Dhigiteach 2008-2011 Aireacht an Oideachais
  - Reachtaíocht na leabharlann a nuashonrú agus critéir náisiúnta a chruthú le haghaidh cáilíochta
  - Treiseofar comhoibriú idir gníomhairí éagsúla agus tacóidh a gcuid gníomhaíochtaí le forbairt náisiúnta an líonra leabharlann
  - Díreofar ar an úsáideoir, de shíor
- Toiliú náisiúnta sa chéad chlár eile de chuid an rialtais
  - Coincheap iomlánaíoch soláthar eolais saoránaigh aonair
  - Saineofar agus cuirfear ar fáil na seirbhísí ríthábhachtacha ábhair dhigitigh ar cheart dóibh bheith ar fáil do chách saor in aisce
  - ...gníomhóidh leabharlanna mar eagraithe agus tionscnóirí ábhair chultúrtha ar líne, agus déanfar feidhm níos trédhearcaí den fheidhm atá acu sa slabhra táirgthe agus scaipthe faisnéise
  - Leabharlanna ag feidhmiú mar chuid lárnach d'fhorbairt sochaí shibhialta foghlama
- I measc an fhiúntais bhreise a bhainfear ón straitéis a fhad le 2015, tá an méid a leanas:
  - Imeallú intleachtach agus sóisialta a laghdú
  - Tiocfaidh feabhas ar chomhionannas i measc cónaitheoirí trí úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne
  - Treiseofar litearthacht sna meáin, faisnéise agus litearthacht thraidisiúnta i measc leanaí agus ógánach
  - Tiocfaidh méadú ar rannpháirtíocht agus ar phobal na leabharlainne Tiocfaidh feabhas ar an gcáilíocht beatha
  - Feidhmeoidh an leabharlann mar "an tríú spás" gníomhach a chuireann roghanna eile ar fáil
  - Bainfidh cách sochar as saineolas daingean fhoireann na leabharlainne

- Méadóidh an leibhéal saineolais atá cothrom le dáta agus bonneagar sholáthar na faisnéise an iomaíocht agus rath na réigiún éagsúil
- Is éard a thabharfaidh úsáideoirí faoi deara... eagraíocht seirbhíse amháin inar féidir le gach duine, gan stró, na seirbhísí a fháil a theastaíonn uathu
- … ina bhuntáiste méadaitheach … áit a bhfuil seirbhísí réigiúnacha agus náisiúnta dea-eagraithe
- Seirbhísí ardchaighdeáin líonraithe leabharlainne agus ábhar náisiúnta ar a bhfuil fáil ag bardais bheaga, ceantair nach bhfuil mórán daoine ina gcónaí iontu agus eagraíochtaí beaga
- Tacú leis an oideachas ... féiniúlacht náisiúnta, teagmhálacha ilchultúrtha agus idirnáisiúnú
- Sábhálfaidh seirbhísí ardchaighdeáin leabharlainne agus faisnéise idir am agus airgead agus beidh acu tionchar fadtéarmach ar an tsochaí

5. **An Iorua: Leabharlann: Cómóntaí Eolais, Áit Chasta le Daoine agus Láthair Chultúrtha in Aois Dhigiteach**

Bunaithe ar an aistriúchán oifigiúil Béarla ar an tuarascáil ina ndéantar achoimriú ar straitéis 2009 na hIorua.

Moltar sa tuarascáil tionscnaimh shonracha lena mbaineann ceithre pheirspictíocht threoracha:

- An pheirspictíocht dhigiteach
- Comhoibriú agus roinnt na feagrachta
- An leabharlann mar áit chasta le daoine agus mar láthair foghlama agus chultúir
- Seirbhísí leabharlanna do chách

Cabhraíonn leabharlanna chun cuspóirí uileghabhálacha bheartas cultúrtha agus eolais an Rialtais a bhaint amach. Déanann leabharlann an daonlathas agus saoirse tuairimíochta a threisiú tríd an méid a leanas a dhéanamh:

- eolas agus faisnéis a chinntiú do chách
- litríocht agus cultúr liteartha na hIorua a idirghabháil agus a bhainistiú
- eolas a idirghabháil faoi chultúr agus faoi choinníollacha éagsúla sóisialta
- cur le fonn léitheoireachta agus inniúlacht léitheoireachta a chuireann rochtain ar fáil do theicneolaíocht a fheidhmíonn mar áit chasta le daoine agus mar láthair shóisialta le haghaidh go leor grúpaí éagsúla

Déantar na cuspóirí a leanas a liostáil:

- an comhoibriú a bhrostú; comhordú agus comhfheidhmiú seirbhísí leabharlainne a spreagadh go háitiúil agus go réigiúnach
- comhordú náisiúnta na n-earnálacha cartlainne, leabharlainne agus músaeim
- scileanna nua a shaothrú le haghaidh foireann leabharlainne
- seirbhísí comhroinnte digitithe; inniúlachtaí na leabharlann a fhorbairt maidir le seirbhísí a sholáthar sna comóntaí digiteacha eolais
- na leabharlanna poiblí a fheidhmiú mar áit chasta le daoine, mar láthair chultúrtha agus mar ghníomhaire sóisialta
- leabharlanna poiblí ag feidhmiú mar láithreacha foghlama, agus go háirithe ar mhaithe le fonn agus le hinniúlacht léitheoireachta
- leabharlanna scoile a fheabhsú agus a fhorbairt
- seirbhísí leabharlainne a fhorbairt le haghaidh grúpaí ar leith.

Pléann an páipéar réitigh náisiúnta, mar aon le freagrachtaí cathartha agus contae a athdhearbhú, agus luaitear "ba cheart go gcomhoibreodh údaráis chathartha maidir le seirbhísí leabharlainne". Is éard is comhaontuithe deonacha idir údaráis an rialtais agus údaráis chontae "uirlisí chun beartas náisiúnta agus cláir náisiúnta thionscnaimh a chur i bhfeidhm agus chun pleananna gníomhaíochta contae agus cathrach a chur i bhfeidhm". Tá sé beartaithe chun an reachtaíocht a chomhréiteach ar fud na n-earnálacha éagsúla leabharlainne mar aon le "comhoibriú idirleabharlainne agus malartú acmhainní".

Tá gá ann san Iorua le scileanna nua, "go háirithe scileanna forbartha ceannaireachta agus digiteacha ... Triail a bhaint as rudaí nua agus tástáil a spreagadh i dtírdhreach an-éagsúil... Mórbhotún a bheadh ann iarracht a dhéanamh chun réitigh chaighdeánaithe a chúlchoimeád nuair a theastaíonn dinimiceas, cruthaitheacht agus solúbthacht ó fhorbairtí agus ó threochtaí."

Na Bearta

1. Na comóntaí eolais in aois dhigiteach

Aithníonn an Iorua go mbeidh "tionchar millte teorann ag an éabhlóid dhigiteach ar sheirbhísí leabharlainne". Cuireadh páipéar bán ar dhigitiú. Beidh a chomhionann d'ábhar ann in dhá thuarascáil.

Biblioteksøk … déanfaidh an Leabharlann Náisiúnta *Biblioteksøk* a fhíorú. Is éard atá ann ná catalóg aontas na hIorua agus iasacht idirleabharlainne a gcuireann an t-úsáideoir tús léi... na leabharlanna poiblí a spreagadh chun an bonneagar teicneolaíochta a uasghrádú chun páirt a ghlacadh ina leithéid de sheirbhís.

Eisiúint ábhair ar a bhfuil cóipcheart a cheannach: Déanfaidh an Leabharlann Náisiúnta saincheisteanna cóipchirt a shoiléiriú ionas gur féidir rochtain a fháil ar ábhar digitithe. Féadfaidh *Bokhylla.no, an "tSeilf Leabhar"* d'acmhainní leictreonacha bheith mar an tsamhail le haghaidh ceadúnas sínte comhchoiteann le haghaidh ábhar digiteach.

Ceadúnais náisiúnta … déanann siad measúnú ar conas a thugtar faoin obair ar cheadúnas náisiúnta … agus … conas tabhairt faoi obair ar cheadúnú agus ar chomaontuithe cuibhreannais; breithniú a dhéanamh ar chomhoibriú Nordach agus uile-Eorpach.

Seirbhísí digiteacha: measúnú a dhéanamh ar shamhlacha éagsúla le haghaidh eagrú agus cistiú na seirbhísí digiteacha siúd.

2. Comhoibriú agus roinnt na feagrachta

Baineann tábhacht shuntasach le comhoibriú – i measc na leabharlann poiblí, idir údaráis náisiúnta rialtais agus phoiblí leabharlainne agus i measc na n-earnálacha éagsúla leabharlainne, mar aon le hearnálacha bainteacha, ar nós músaem agus cartlann.

Bealach nua seachadta a fhorbairt … tacú le comhoibriú iasachtaí idirleabharlainne agus leis an gcóras lóistíochta sa líonra leabharlann. Breis forbartha a dhéanamh ar leabharlann taisclainne na Leabharlainne Náisiúnta.

Treoirlínte le haghaidh comhoibriú iasachtaí idirleabharlainne: Dréachtaíodh treoirlínte nua, coiteann le haghaidh comhoibriú iasachtaí idirleabharlainne agus rinneadh breithniú ar rialacháin a leagan síos le haghaidh comhoibriú iasachtaí idirleabharlainne.

An reachtaíocht a chomhréiteach … an reachtaíocht a chomhréiteach i gcás leabharlanna poiblí agus feabhsú comhoibrithe i measc na leabharlann seo i gcás leabharlanna coláiste ollscoile.

Comhoibriú agus comhordú … réitigh chomhoibrithe agus chomhordaithe a spreagadh sa líonra leabharlann go háitiúil agus go réigiúnach … triail a bhaint as samhlacha eagraithe le haghaidh triail chruthaitheach agus sholúbtha, bunaithe ar an tsamhail bhardais óstaigh, mar shampla.

Comhaontuithe deonacha agus comhoibritheacha … comhaontuithe ar chomhoibriú ar fhorbairt leabharlainne idir an Rialtas agus údaráis chontae mar uirlis chun beartas náisiúnta a chur i bhfeidhm agus chun pleananna contae agus bardais leabharlainne a spreagadh.

Forbairt inniúlachta … tacú le agus forbairt a dhéanamh ar an inniúlacht fhoriomlán san earnáil leabharlann. Déanfar breithniú ar chlár forbartha inniúlachta ar an iomlán don earnáil iomlán leabharlann.

Measúnú a dhéanamh ar chláir eolaíochta leabharlainne … breithniú a dhéanamh ar an ngá le cláir chéad chéime a athmheasúnú.

Suirbhéanna agus anailís: Comhiarracht chun tabhairt faoi shuirbhéanna agus anailís ar an réimse ALM chun tuairisciú a dhéanamh ar staid an réimse ALM mar an mbonn chun beartas amach anseo a chruthú.

Comhairle Dhigiteach na hIorua … i gcás comhordú riachtanach iarrachtaí digitithe, chun comhairle a bhunú ina bhfuil na príomhimreoirí i réimse an ALM.

Cóipcheart agus príobháideachas: Tá an saineolas i saincheisteanna cóipchirt agus príobháideachais dírithe ar an Leabharlann Náisiúnta agus ar na Seirbhísí Náisiúnta Cartlann. Tá saineolas le soláthar ag na hionaid seo saineolais d'institiúidí eile ALM faoi mar is gá.
Taighde agus Forbairt … breithniú a dhéanamh ar thaighde agus forbairt sna hearnálacha cartlainne, leabharlainne agus músaeim.

3. An leabharlann mar áit chasta le daoine agus mar láthair foghlama agus chultúir

Baintear leas as spásanna leabharlainne, den chuid is mó, ar mhaithe le háiteanna casta le daoine agus mar láithreacha foghlama agus mar ionaid shóisialta. Rinne leabharlanna an ról a bhíodh acu a athrú ó bheith mar spásanna le haghaidh staidéar domhain aonair, go dtí feidhmiú mar spásanna don phobal gníomhach. Tá ag áitribh fhisiciúla na leabharlainne tréithe nach féidir iad a ionadú ach le dáileadh digiteach faisnéise.

Leabharlanna samhlacha … leabharlanna a fheabhsú mar áiteanna casta le daoine … scéim shamhlach leabharlann a shocrú.

Leabharlann mar áiteanna casta le daoine … comhoibriú agus idirghníomhaíocht idir leabharlanna a spreagadh agus leis an earnáil dheonach … tionscadal tiomanta chun tacú le leabharlanna poiblí mar lucht réitigh sochaíoch, agus chun tacú le grúpaí nach mbíonn rannpháirteach

Scileanna digiteacha a mhéadú … leabharlanna a fhorbairt mar láithreacha le haghaidh scileanna digiteacha.

Forbairt leabharlanna scoile … clár náisiúnta um fhorbairt leabharlanna scoile 2009–2012.
Cuimsíonn an clár léitheoireacht, forbairt scileanna, cruthú eolais, scileanna faisnéise agus staitisticí, rialacha agus comhoibriú.

Imreoir náisiúnta … fonn léitheoireachta agus inniúlacht léitheoireachta; leabharlanna poiblí a fhorbairt mar láithreacha le haghaidh cultúr léitheoireachta agus idirghabhála.

4. Seirbhísí Leabharlanna do Chách

Baineann seo go príomha leis an lucht Sámach (muintir dhúchasach na tíre ar a dtugtaí an Laplainn go coitianta). Oibreoidh na leabharlanna ar mhaithe le cuimsiú tríd an litríocht agus eolas a idirghabháil agus trí thuiscint a bheith ar fhairsinge na héagsúlachta cultúrtha. Ina theannta sin, déileálann an tuarascáil le hinstitiúidí ceartaithe agus le hinstitiúidí cúram sláinte.

An pheirspictíocht Shámach … a chinntiú go dtéitear i ngleic leis an bpeirspictíocht Shámach sna tionscnaimh náisiúnta: *Leabharliosta Sámach, scéim cheannaigh Shámach*

Éagsúlacht … leabharlanna ag cur le cuimsiú, comhtháthú agus le héagsúlacht chultúrtha, níos mór seirbhísí forbartha agus feabhsaithe inniúlachta.

An Leabharlann Ilteangeolaíoch … leabharlann mar ionad náisiúnta saineolais le haghaidh seirbhísí leabharlainne le haghaidh cainteoirí mionteangacha.
Leabharlann Leabhar Labhartha agus Braille na hIorua … a chinntiú go gcoimeádtar an leibhéal táirgthe ag Leabharlann Leabhar Labhartha agus Braille na hIorua agus go bhforbraítear na seirbhísí ar aon dul leis na hathruithe ar an teicneolaíocht.

Leabharlanna sa phríosún … an plean le haghaidh seirbhísí leabharlainne príosúin a chríochnú, ionas gur féidir le gach príosúnach fáil a bheith acu ar sheirbhísí leordhóthacha leabharlainne.

Leabharlanna in institiúidí cúram sláinte … freagracht agus cistiú seirbhísí leabharlainne in institiúidí cúraim sláinte a aistriú chuig an tseirbhís sláinte.

5. *An Nua-Shéalainn:* Creatlach Straitéiseach na Nua-Shéalainne

Tá daonra na Nua-Shéalainne ar fud a dá oileán shainiúla ag druidim le 4.5 milliún. Bhí a geilleagar talmhaíochta, a bhí ag brath ar mhóreaspórtáil chuig an RA, thíos go mór leis nuair a tháinig an RA isteach san AE sna 1970idí. Ó shin i leith, lean na dúshláin gheilleagracha ar aghaidh agus tugadh ráta fíor-ard imirce faoi deara sa Nua-Shéalainn i measc gairmithe oilte.

D'fhorbair Comhlachas Bainisteoirí Leabharlann Poiblí le Rialtas Áitiúil na Nua-Shéalainne, an comhlacht náisiúnta le haghaidh údaráis áitiúla, Leabharlanna Poiblí na Nua-Shéalainne – Creatlach Straitéiseach 2012-2017.

Leagtar amach sa Chreatlach sraith "ról athshainithe" a rinneadh a leasú le haghaidh leabharlann.

- Rochtain a bhailiú, a choimeád agus a sholáthar ar eolas, smaointí agus ar oibreacha na samhlaíochta
- An sásamh is féidir a bhaint as léamh agus as tacú le forbairt na litearthacht i ngach foirm a chothú
- Foghlaim, taighde agus nuálaíocht neamhspleách ar feadh an tsaoil a chumasú
- Seirbhísí pobalbhunaithe a sholáthar do gach áit atá i gcroílár a bpobail
- Ábhar agus stair áitiúil a bhailiú, a chruthú agus a chur ar fáil.

Cuireann measúnú ar an timpeallacht níos fairsinge faisnéis ar fáil (anailís PESTLE) mar aon le roinnt bunphrionsabal chun leabharlanna a chur ar chlár náisiúnta

- PESTLE
- An rialtas áitiúil agus náisiúnta ag oibriú le chéile
- For-rochtain níos fearr tríd an idirlíon agus trí fhearais shoghluaiste
- Nasctha le straitéis náisiúnta dhigiteach
- Seirbhísí a roinnt; teorainneacha a thraschóiriú
- Ath-shainmhíniú a dhéanamh ar róil straitéiseacha na leabharlainne

Déantar cur síos sa Chreatlach ar conas a athraíonn leabharlanna de réir mar a ghlacann an teicneolaíocht an domhan ón *tSochaí Faisnéise* go dtí *an tSochaí Eolais*:

INFORMATION AGE	KNOWLEDGE SOCIETY
Bringing the world's information to the community	Pushing the community's information to the world
Expert in finding the right piece of information	Expert in curating and putting content in context
Platform for searching and finding	Platform for creating and innovating
Physical media and text dominate	Digital media and multimedia dominate
Circulating and distributing physical collections	Facilitating access to digital content
Collecting and preserving local content	Creating and sharing local content for reuse
Purchasing and owning collections	Purchasing access to digital content
Describing and organising information held in the library	Working with users to enrich and link information beyond the library's walls
Place of consumption of knowledge	Place for creating new knowledge
Stand-alone library	Multi-purpose facility – library located with other functions
A place primarily for housing collections	A place for people engagement
Libraries working mostly within their local authority boundaries, or collaborating regionally	Public Libraries in NZ work as one to maximise benefits for customers and rate payers
Services developed with customer focus	Services developed with customer involvement
Librarians as keepers of knowledge and information	Librarians as enablers and teachers of skills
Physical spaces	Physical, virtual, ubiquitous and mobile spaces

6. Leabharlanna Náisiúnta Digiteacha

a. An Danmhairg: Leabharlanna mar Chatalaíoch le haghaidh Forbairt na Danmhairge mar Shochaí Nuálaíoch. Straitéis DEFF 2012-2016 – Achoimre

Comhoibriú trasrialtais leabharlanna oideachais, speisialta agus taighde; comhchistithe ag an Aire Cultúir, an Aireacht Leanaí agus Oideachais agus an Aireacht Eolaíochta, Nuálaíochta agus Ardoideachais ... rochtain a thabhairt do thaighdeoirí, múinteoirí agus mic léinn chun rochtain a fháil ar mhéideanna móra eolas ar a bhfuil rochtain dhigiteach, atá bunaithe ar thaighde trí chórais atá éasca don úsáideoir a úsáid. Tacú le taighde níos fearr, agus cur le hoiliúint mic léinn.

Tá easpa inniúlachtaí agus acmhainní ar go leor cuideachtaí príobháideacha agus poiblí le rochtain chórasach a chinntiú, mar aon le aisghabháil agus úsáid eolas taighdebhunaithe. Féadfaidh DEFF difríocht a dhéanamh:

- Seirbhís do gach úsáideoir inar féidir gabháil le húsáideoirí eile agus oibriú ar ábhar nó smaoineamh
- Úsáideoirí nua, lena n-áirítear rannpháirtithe agus múinteoirí i gcúrsaí acadamh gnó, eagraíochtaí borrtha réigiúnaigh, páirceanna taighde mar aon le gnólachtaí beaga agus meánmhéide agus institiúidí poiblí.
- Tairiscintí nua seirbhíse atá dírithe ar thaighdeoirí, múinteoirí agus mic léinn óga

Is iad na príomhlimisitéir ar a ndíreofar:

- Is iad spriocghrúpa DEFF mic léinn óga, taighdeoirí agus múinteoirí, mar aon le fostaithe cuideachtaí príobháideacha agus institiúidí poiblí. Díreoidh an tionscnamh ar an méid a leanas:
    - Rochtain ar eolas do chách trí bhonneagar optamach digiteach
    - Inniúlachtaí agus seirbhísí chun tacú le múineadh, foghlaim agus forbairt
    - Inniúlachtaí agus seirbhísí chun tacú le taighde agus forbairt
    - Inniúlachtaí agus seirbhísí chun tacú le nuálaíocht agus le chur chun cinn na trádála

b. **SAM: *Leabharlann Dhigiteach Phoiblí Mheiriceá* (DPLA)**

Sheol Leabharlann Dhigiteach Mheiriceá (DPLA) béite dá dtairseach thaiscéalaithe agus ardán oscailte inniu (Aibrean 2013) ... na milliúin ábhar do mhic léinn, múinteoirí, scoláirí, agus don phobal.

Tá i bhfad níos mó i gceist leis seo ná inneall cuardaigh, cuireann an tairseach bealaí ar fáil chun cuardach a dhéanamh agus chun súil a chaitheamh trína bailiúchán comhaontaithe d'acmhainní leithdháilte. I measc na ngnéithe speisialta tá léarscáil dhinimiciúil, amlíne a ligeann d'úsáideoirí chun brabhsáil a dhéanamh de réir bliana nó deich mbliana, agus leabharlann aipeanna a chuireann rochtain ar fáil ar fheidhmchláir agus ar uirlisí a chruthaigh forbróirí seachtracha agus leas á bhaint as sonraí oscailte an DPLA.

"Ghlac sé go leor blianta leis an bhfís a chruthú agus dhá go leith bliain chun an phleanáil a dhéanamh, a stiúir coiste stiúrtha agus mol gorlainne, agus ina raibh baint ag go leor leor leabharlanna iontacha, ollscoileanna agus cartlann sna céadta cruinniú, ceardlann, cruinniú iomlánach, agus seisiún bradaíola..., a mheall na mílte oibrí deonach le tacaíocht ó na milliúin dollar forais agus rialtais, agus gabhann Leabharlann Dhigiteach Phoiblí Mheiriceá beo inniu!"

"Is iontach an lá é don oideachas agus don dul chun cinn..." a deir Doron Weber, Leas-Uachtarán Clár ag Fondúireacht Alfred P. Sloan.[62]

[62] The Information Daily.com: Ábhair Bheartais Phoiblí

AGUISÍN 6: TAITHÍ IDIRNÁISIÚNTA: SCILEANNA AN LUCHT SAOTHAIR NUA-AIMSEARTHA LEABHARLAINNE AGUS FAISNÉISE

Tionscal atá sa leabharlannaíocht atá ag teacht chun cinn agus a thacaíonn le gach gné den saol agus den tsochaí. Tá leabharlannaithe ann – idir bhainisteoirí faisnéise agus bhainisteoirí eolais – ag gabháil do gach saghas saoil idir an scoil agus an ollscoil agus an gnó agus an rialtas. Feidhmíonn an leabharlann phoiblí i gcónaí mar an acmhainní choiteann do chách, pé rud a theastaíonn uathu, gan aird ar shimplíocht fhíriciúil nó ar chasta intleachtach na saincheiste atá i gceist.

Tar éis an ollbhorrtha a tháinig ar fhoilsitheoireacht sa 20ú haois, sonraítear anois an borradh digiteach agus tionchar an-ionrach an ghréasáin dhomhanda. I gcás na leabharlannaíochta, ní chruthaíonn seo an bhagairt a mheastar a chruthaíonn sé; ach ina ionad sin, cruthaíonn sé an deis don leabharlannaíocht. Is í leabharlannaíocht gairm an 21ú haois.

Tá an leabharlannaíocht ag teacht chun cinn agus ag fairsingiú, ar an ábhar sin. Teastaíonn ón leabharlannaíocht réimse gnáthscileanna agus gnáthléargas nach mór a nuashonrú agus a chur ar bhealach a leasa le limistéir nua eolais.

Samplaí de Chláir Forbartha Gairmiúla

Tugann na tagairtí a leanas na gnéithe coitianta le fios ar fud tíortha, earnálacha agus gníomhaireachta sna scileanna agus inniúlachtaí a theastaíonn inniu.

Institiúid Chairte Gairmithe Leabharlainne agus Faisnéise

Is iad Institiúid Chairte Gairmithe Leabharlainne agus Faisnéise (CILIP) príomhchomhlacht na RA le haghaidh ceoltóirí, speisialtóirí faisnéise agus bainisteoirí eolais. Cuireann an CILIP tacaíocht phraiticiúil ar fáil do bhaill i gcaitheamh a ngairmeacha agus labhraíonn siad ar son na gairme. Is príomhfhreagracht creidiúnú cuid mhór de na cúrsaí faoina dtugann oibrithe leabharlainne agus faisnéise sa RA.

Thug an CILIP le déanaí faoi athbhreithniú ar scileanna ghairm na leabharlainne agus na faisnéise. Leagtar amach ina Bonn Scileanna agus Eolais Ghairmiúil (PKSB) an mheasúnú is déanaí ar scileanna an leabharlannaí nua-aimseartha. I measc an chomhairliúcháin, bhí cleachtóirí leabharlainne, faisnéise agus eolais, múinteoirí eolaíocht leabharlainne agus faisnéise agus fostóirí.

Tá an bhaint atá ag faisnéis, smaointe agus eolas ina feidhm lárnach ach teastaíonn aistriú béim ón aois dhigiteach. Cé go bhfuil feidhm lárnach ag an eagraíocht agus ag bainistíocht eolais maidir le cabhrú le rochtain, agus leas a bhaint as eolas faisnéis agus smaointe mar aon le measúnú a dhéanamh orthu, tá borradh tagtha orthu mar gheall gur chruthaigh an t-idirlíon, stóráil agus foilsiú leictreonach agus ar na meáin shóisialta méid níos mó agus níos dinimiciúla faisnéise, eolais agus smaointe.

1. Eitic agus Fiúntais

Déanann PKSB an CILIP na saghsanna scile a léirítear i roth. I lár an rotha, tá Eitic agus Fiúntais agus fiúntais atá mar bhonn agus taca le hobair na gcleachtóirí san earnáil.

I measc na bprionsabal eiticiúil, tá ceanglais dhlíthiúla a shínítear i dtreo ionchais iompair ghairmiúil (a shonraítear i measc gairmeacha eile) agus cleachtas speisialtóra (na rudaí ar ceart dóibh baint le gairmí leabharlainne, faisnéise nó eolais).

Is iad saineolas gairmiúil agus Scileanna Cineálacha na príomhshraitheanna eolais agus scileanna a dhéanann gairm uathúil den ghairm.

2. Saineolas Gairmiúil

- **Eolas agus Faisnéis a Eagrú.** Gach saghas eolais, faisnéise agus acmhainní eile, lena n-áirítear forbairt agus úsáid uirlisí, straitéisí agus prótacal, agus a chur ar chumas na hacmhainní seo a úsáid, a chuardach agus a aisghabháil go héifeachtach. Áirítear leo catalógú agus rangú, meiteashonraí agus stórchistí, innéacsú ábhar agus dearadh bunachar sonraí
- **Bainistíocht Eolais agus Faisnéise.** Faisnéis, sonraí, saineolas agus sócmhainní eolais eile a bhailiú, a eagrú, a stóráil agus a úsáid, agus a chinntiú go bhfanann na sócmhainní seo ar fáil ar mhaithe le húsáid amach anseo Áirítear eolas agus sonraí a bhailiú agus a chur i gcuntas, smaoineamh a dhéanamh ar thorthaí agus eolas, scileanna agus torthaí a roinnt ar mhaithe le daoine eile

- **Úsáid agus Feidhm a bhaint as Eolas agus Faisnéis.** Scileanna faisnéise, ábhar faisnéise agus eolas a chur le chéile chun freastal ar riachtanais an phobail úsáideoirí, mar shampla, taighdeoirí, an lucht léinn, daoine aonair, gnólachtaí nó an rialtas. Áirítear leis seo seirbhísí fiosraithe agus cuardaigh, taighde, mianadóireacht sonraí, bibliméadracht, coimriú, bailiúcháin a chur chun cinn
- **Scileanna taighde.** Teicnící taighde agus eolas ar acmhainní faisnéise a úsáid chun tacú le tionscadail taighde eagraíochtúla, cliaint nó phearsanta chun torthaí agus sonraí nua a chur ar fáil. Áirítear leis seo eolas ar mhodhanna taighde, cuardach litríochta, lua, staitisticí agus anailís staitistiúil agus scríobh tuarascála
- **Rialachas agus Comhlíonadh Faisnéise.** Beartais agus rialacháin a fhorbairt agus cloí leo, lena mbaineann próisis agus nósanna imeachta d'úsáid faisnéise, agus cothromaíocht chuí a choimeád idir fáil ar fhaisnéis agus sláine faisnéise. Áirítear leis seo eolas ar dhlí faisnéise, cóipcheart, maoin intleachtach agus ceadúnú mar aon le saincheisteanna lena mbaineann bainistíocht riosca faisnéise, úinéireacht agus freagracht faisnéise
- **Bainistíocht agus Cartlannú Taifead** Taifid faisnéise a chur i dtaifead, a eagrú agus a chaomhnú a choimeádtar i réimse formáidí in eagraíocht, agus leanúint agus athmheasúnú a dhéanamh orthu lena gcoimeád nó lena ndiúscairt bunaithe ar a bhformáid, ábharthacht, úsáid agus riachtanais dhlíthiúla Áirítear leo stóráil agus aisghabháil taifead agus bailiúchán, digitiú, coimeád agus caomhnú
- **Bainistíocht agus Forbairt Bailiúchán.** An próiseas lena mbaineann pleanáil, seachadadh, cothabháil agus measúnú a dhéanamh ar fháil agus bainistíocht stoic chun cuspóirí reatha a chomhlíonadh; cruthaíonn seo bailiú comhleanúnach agus iontaofa le haghaidh forbairt na seirbhíse amach anseo Áirítear leis bainistíocht bailiúchán, roghnú, fáil agus pleanáil acmhainní le haghaidh úsáid leanúnach amach anseo
- **Litearthachtaí agus Foghlaim.** Tacú le húsáideoirí agus a mhúineadh dóibh conas oibriú go neamhspleách. Litearthacht faisnéise, litearthacht léitheoireachta, litearthacht dhigiteach agus scileanna foghlama agus múinte a chuimsiú, agus áirítear leis forbairt léitheoirí agus oiliúint a chur ar úsáideoirí

3. Scileanna Cineálacha

- **Ceannaireacht agus Tacaíocht.** Ceannaireacht ghníomhach tríothu féin agus trí fhoirne a spreagadh agus a bhainistiú, taobh istigh agus amuigh den eagraíocht agus trí fhiúntas dearfach seirbhísí leabharlainne, faisnéise agus eolais a chur chun cinn ar fud na heagraíochta agus na sochaí Áirítear leis seo foirne a stiúradh agus a spreagadh, tionchar a imirt ar phríomhpháirtithe leasmhara agus tuiscint a fháil ar chreatlacha seachtracha
- **Straitéis, Pleanáil agus Bainistíocht.** Cuspóirí agus spriocanna fadtéarmacha a leagan amach, agus bainistíocht a dhéanamh ar a bpleanáil agus ar a seachadadh laistigh de shrianta airgeadais agus dlíthiúla, agus a chinntiú go bhfuil straitéisí agus tosaíochtaí ar aon dul le cuspóirí gnó agus go dtacaíonn siad leo Áirítear leis seo eolas ar ghnó, pleanáil oibríochtúil agus airgeadais agus bainistíocht
- **Díriú ar Chustaiméirí, Dearadh agus Margaíocht Seirbhíse.** Tuiscint a fháil ar riachtanais úsáideoirí, seirbhísí leabharlainne, faisnéise agus eolais a mhúnlú chun freastal ar na riachtanais siúd agus na modhanna cuí a úsáid chun faisnéis a chur ar fáil do chustaiméirí ar rochtain, fiúntas agus tairbhí na n-acmhainní agus na seirbhísí Áirítear leis seo, aithne a fháil ar an gcustaiméir, páirtithe leasmhara a shainaithint agus cumarsáid a dhéanamh leo, seirbhísí a dhearadh agus a chur chun cinn agus measúnú a dhéanamh ar na torthaí
- **TF agus Cumarsáid.** Réimse acmhainní agus córais leictreonacha faisnéise a úsáid, lena n-áirítear catalóga bunachar sonraí, acmhainní Gréasáin agus bogearraí Áirítear leis seo, feidhmchláir nua idirlín agus uirlisí meán sóisialta agus acmhainní agus uirlisí leictreonacha a sholáthar atá éasca don úsáideoir a úsáid I measc na scileanna cumarsáide tá scileanna labhartha, scríofa agus cur i láthair, tógáil líonraithe agus caidrimh agus oibriú go héifeachtach le daoine agus le grúpaí aonair

4. An Comhthéacs Níos Fairsinge

Tá saineolas gairmiúil agus scileanna cineálacha le fáil laistigh de chomhthéacs earnáil níos fairsinge na leabharlainne, na faisnéise agus an eolais agus laistigh de chomhthéacs níos fairsinge na heagraíochta agus an chomhshaoil mar gheall gur tábhachtach do chleachtóirí an fheasacht agus an tuiscint reatha a choimeád ar an ngairm níos fairsinge agus eolas maith a bheith acu ar an domhan lasmuigh dá n-ionad féin oibre.

23 Gné le haghaidh Forbairt Ghairmiúil ('23 Things for Professional Development')

D'fhorbair Helene Blowers ag Leabharlann Phoiblí Charlotte agus Mecklenburg County *23 Things* i dtosach báire (PLCMC. Strapline, "*Expanding Minds, Empowering Individuals, Enriching the Community*"). Cuireadh *23 Things* i dtoll a chéile mar acmhainn le haghaidh na foirne a raibh scileanna gréasáin 2.0 á bhfoghlaim acu. Eisíodh faoi Chomóntaí Cruthaitheacha é agus bhí sé ar fáil saor in aisce lena úsáid agus lena oiriúnú; rinneadh feiniméan as go mear agus rinneadh samhail de choincheap *23 Things* le haghaidh foghlama.

Acmhainn nua atá in *23 Things for Professional Development* atá ar fáil don fhoireann uile leabharlainne (nó d'aon duine, go deimhin féin) chun a scileanna a fhorbairt ar bhonn féinríomhchláraithe, foghlaim neamhspleách.

Léiríonn "gluaiseacht" *23 Things* conas is féidir le teicneolaíochtaí digiteacha, ar dealraitheach go gcruthaíonn siad dúshlán, feidhmiú mar an modh féin inar féidir le hoibreoirí leabharlainne agus faisnéise foghlaim conas teicneolaíochtaí digiteacha a bhainistiú agus a láimhseáil.

Tugann *23 Things* réimse uirlisí isteach ar féidir leo cabhrú le daoine bainistiú a dhéanamh ar a bhforbairt féin phearsanta agus ghairmiúil mar leabharlannaí, gairmí faisnéis nó mar rud éigin eile. In 2011-2012, chruthaigh seo ábhar spéise i measc gairmithe nua ar fud na cruinne, ach go háirithe.

Gach seachtain, leanadh duine aonair clár chun scil ar leith a fhorbairt – blagáil, na meáin shóisialta a úsáid agus mar sin de – agus glacadh iad go léir ó "ár liosta 23 things agus tugaimid cuireadh duit triail a bhaint as/nó chun smaoineamh ar conas a d'fhéadfadh sé cabhrú le d'fhorbairt ghairmiúil. Rudaí praiticiúla a bheidh i roinnt de na tascanna ar féidir leat triail a bhaint astu láithreach bonn, agus i gcás cinn eile, beidh ort triail a bhaint astu níos déanaí: smaointí le triail a bhaint astu amach anseo, nó rudaí ar féidir leat tosú agus oibriú ina dtreo anois agus a fhíorú go tráthúil nó nuair a thagann an deis chun solais"

Cé nach bhfuil an feidhmchlár i mbun feidhmiú go gníomhach ar an ngréasán a thuilleadh, tá fáil ar acmhainní go fóill agus cruthaíonn an líonra oibrithe, comhghleacaithe agus cairde leabharlainne an fhianaise go mbaineann maitheas le foghlaim sholúbtha féinstiúrtha.

23 Fearas Soghluaiste ('23 Mobile Things')

Seoladh *23 Mobile Things* in Aibreán 2013 agus tá sé ar oscailt do dhuine ar bith ar mian leis/léi an clár a leanúint. Tionscadal domhanda a forbraíodh go hiomlán ag comhghleacaithe i roinnt tíortha a bhí ag oibriú sna meáin shóisialta, tá an 23 Things nua seo ar oscailt do chách agus cuireann sé deis fíor-mhaith ar fáil d'oibrithe leabharlainne agus faisnéise chun a scileanna a fhorbairt ar bhonn roinnte agus chun teagmháil a dhéanamh le comhghleacaithe in áiteanna eile i suíomh ar líne.

Cúrsaí é 23 Mobile Things faoina dtugann tú ar do luas féin a thugann an deis d'oibrithe leabharlainne a bhfeasacht, eolas agus scileanna a chruthú ar a luas féin. Uirlis spraíúil forbartha gairmiúla atá ann a lorgaíonn chun cumas breise na bhfearas soghluaiste a fhiosrú. Tá an cúrsa ar fáil go fairsing d'aon duine ar mian leo bheith rannpháirteach ann agus ag a bhfuil rochtain ar fhearas soghluaiste (táibléad nó guthán cliste).

Is spéis dúinn bealaí nua a fhiosrú inar féidir le leabharlanna agus foireann leabharlainne teicneolaíochtaí soghluaiste a úsáid chun seirbhísí leabharlainne a sheachadadh, chun teagmháil a dhéanamh lena bpobail agus ar mhaithe lena bhforbairt phearsanta féin.[63]

Ní simplí do na hacmhainní seo, ach is fusa don leabharlannaí iad a úsáid, mar sin féin. Léiríonn siad, ar a shon sin, cé chomh hindéanta atá sé chun acmhainní foghlama ar líne a chruthú agus – níos tábhachtaí ná an méid sin – pobal foghlaimeoirí ar líne a chruthú a leanann clár roinnte, agus gach duine ag gabháil ar a luas féin, i dtreo sprioc choiteann foghlama.

Foghlaim agus ceannaireacht leis an ALA agus an IFLA
Is iad Cumann Leabharlann Mheiriceá (ALA) agus Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann Leabharlann (IFLA) na comhlachtaí gairmiúla is mó le haghaidh na leabharlannaíochta agus na heolaíochta faisnéise.

Téamaí ag a bhfuil baint lárnach lena gcláir iad ceannaireacht agus tacaíocht. Ní ar mhaithe le cur ar chumas leabharlannaithe "dul in iomaíocht" le gairmeacha eile iad seo; ach cuireann siad ar chumas bainisteoirí agus foirne bheith ina gcomhpháirtithe muiníneacha agus éifeachtacha sa phobal níos leithne.

Cumann Leabharlann Mheiriceá

Ar nós an CILIP, aithníonn an ALA an réimse is fairsinge de scileanna, mar aon leis an ngá le hiad a oiriúnú i leith thimpeallacht an lae inniu. Baineann an méid a leanas ábhar ó láithreán gréasáin an ALA, Transforming Libraries. Leagtar amach ann riachtanais leabharlann "bunathraithe" an lae inniu; déanann na smaointe agus an teanga trí Mheiriceá Éire agus tíortha eile a léiriú. Tá i ngach mír faisnéis agus acmhainní le haghaidh oibrithe leabharlainne:

- **Caidreamh pobail.** Lorgaíonn an leabharlann nua tacaíocht go gníomhach ó spriocanna foirmiúla nó ardmhéine an phobail. Bíonn an leabharlann nua rannpháirteach lena bpobal agus feidhmíonn sí mar thionólaí, agus muintir an phobail a thabhairt le chéile.
- **Ríomhleabhair agus Ábhar Digiteach.** Is suntasach don aistriú ó ábhar clóite go dtí ábhar digiteach, agus aistríonn sé leabharlanna de gach cineál anois. Cruthaíodh Grúpa Oibre um Ábhar agus Leabharlanna Digiteacha an ALA in 2011 chun moltaí a chur i bhfeidhm agus chun leanúint le hobair Thascfhórsa an ALA um Rochtain Chothrom ar Ábhar Digiteach. Acmhainn is ea an láithreán gréasáin seo chun tacú le leabharlanna ina n-aistriú ó ábhar clóite go dtí ábhar digiteach.

[63] 23 Mobile Things: http://23mobilethings.net/wpress/about/

- **Ceannaireacht agus bainistíocht.** Sa leabharlann bhunathraithe, feidhmíonn an bhainistíocht anois mar cheannairí foirne, agus is níos fairsinge don eolas teicniúil. Spreagtar do leabharlannaithe chun 'bheith i gceannais aníos', chun bheith i mbun nuála agus chun triail a bhaint as rudaí nua.
- **Lucht Saothair na Leabharlainne.** Gabhann an fhoireann thart laistigh den leabharlann, agus bíonn siad ag idirghníomhú agus ag cabhrú le húsáideoirí. Tá cur amach ar chúrsaí teicneolaíochta ag leabharlannaithe den 21ú haois, agus spreagtar iad chun triail a bhaint as rudaí nua, chun foghlaim faoi nuair a bhíonn an rath orthu agus go dteipfidh orthu corruair.
- **Apás Fisiciúil.** Ní hamháin gur ráiteas ailtireachta an leabharlann a bunathraíodh, ach is spás fisiciúil é le feidhmeanna agus foirmeacha nua a léiriú.
- **Bunathrú.** Tá leabharlannaithe 'leabaithe' sa phobal. Baineann tábhacht le 'cuimsiú digiteach' mar gheall nach bhfuil rochtain ar an idirlíon ag an tríú cuid de dhaonra SAM go fóill. Tacaíonn leabharlanna le foghlaim an 21ú haois. Tá an leabharlann á hathrú ag an ríomhrialtas, mar gheall nach bhfuil fáil ar mórán cabhrach ón rialtas ach ar líne agus gurb í an leabharlann anois an áit a dtéitear chun seirbhísí a fháil.
- **Ionchais úsáideora.** Bíonn an t-úsáideoir ag súil leis go mbíonn seirbhísí leabharlainne ar fáil 24/7. Díríonn an leabharlann bunathraithe ar sheirbhís do chustaiméirí, agus déanann an leabharlann iarracht tuiscint a fháil ar eispéireas an chustaiméara agus ar conas is féidir é a fheabhsú.

Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann Leabharlann

Treoirlínte le haghaidh Cláir Leabharlainne Gairmiúla/Oideachasúla Faisnéise - 2012
Léiríonn treoirlínte an IFLA na forbairtí a tháinig ar sholáthar seirbhísí leabharlainne agus faisnéise sa 21ú haois. Leagann siad an chreatlach amach le haghaidh na gcuspóirí riachtanacha le haghaidh cláir leabharlainne agus oideachasúla faisnéise: na riachtanais de chuid gnéithe lárnacha agus aisiúla curaclaim atá le cur san áireamh i gcláir mhúinte, an fhoireann teagaisc, an fhoireann agus riachtanais mhic léinn do na cláir seo agus an gá atá leis go dtacóidh go acmhainní faisnéise agus eile go mór leis na cláir.

Mar gheall ar a gcineál idirnáisiúnta, ní féidir leis an IFLA ábhar sonrach a lua ar scileanna agus inniúlachtaí. Ach, mar sin féin, d'áireofaí le croíghnéithe churaclam an LIS an méid a leanas:

1. An Timpeallacht Faisnéise, Tionchar sochaíoch na sochaí faisnéise, Beartas Faisnéise agus Eitic, Stair an Réimse
2. Giniúint Faisnéise, Cumarsáid agus Úsáid
3. Measúnú a dhéanamh ar Riachtanais Faisnéise agus ar Sheirbhísí Freagrúla a Dhearadh
4. An Próiseas Aistrithe Faisnéise
5. Bainistíocht Acmhainní Faisnéise leis an méid a leanas a áireamh: Eagrú, Próiseáil, Aisghabháil, Caomhnú agus Coimeád Faisnéise i gcineálacha agus formáidí éagsúla na faisnéise
6. Taighde, Anailís agus Léirmhíniú na Faisnéise
7. Cur i bhfeidhm Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide i ngach gné de Tháirgí agus Seirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise
8. Bainistíocht Eolais
9. Bainistíocht Gníomhaireachtaí Faisnéise
10. Measúnú Cáilíochtúil agus Cainníochtúil ar Thorthaí Úsáid Faisnéise agus Leabharlainne
11. Feasacht ar Pharaidímí Dúchasacha Eolais

Tugann na teidil seo blaiseadh ar réimse agus ar chastacht scileanna an chleachtóra leabharlainne agus faisnéise. Tagann cuid díobh seo chun solais freisin san Aguisín ar straitéisí náisiúnta i dtíortha eile.

Clár Ceannaitheoirí Idirnáisiúnta an IFLA

Tá clár an IFLA dírithe orthu siúd a bhfuil feidhm ghníomhach á himirt acu cheana mar cheannaire gairmiúil ar leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta. Sa chiall sin, tá sé oscailte do líon beag rannpháirtithe, ach níor cheart go ndíspreagfadh sin daoine eile ó spéis agus suim a léiriú ann agus chun smaoineamh ar cibé acu an oireann nó nach n-oireann sé dóibh.

Tá an *Clár Ceannaitheoirí Idirnáisiúnta* in ainm is an cóhort ceannaitheoirí a mhéadú ar féidir leo ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh don earnáil leabharlainne níos fairsinge sa láthair idirnáisiúnta, agus chun ceannaitheoirí laistigh den IFLA a fhorbairt. Ar an ábhar sin, ní clár oiliúna é sa cheannaireacht ach is deis atá ann le haghaidh leabharlannaithe a léiríonn cumas agus suim chun a gcumas ceannaireachta a fhorbairt.

Beidh rannpháirtithe tar éis a gceannaireacht a léiriú laistigh den IFLA agus/nó de chumann náisiúnta nó réigiúnach atá mar bhall den IFLA, agus beidh acu an leibhéal taithí agus eolais chun páirt iomlán a ghlacadh sa Chlár agus chun sochar a bhaint ón gclár, agus é ina chuspóir bheith mar thacadóir ar leibhéal idirnáisiúnta.

AGUISÍN 7: Liosta Bhaill na gCoistí

An Coiste Forbartha Leabharlann

Cathaoirleach:

Michael Malone, Comhairle Contae Chill Dara

Baill:

Peter Hynes, Comhairle Contae Mhaigh Eo

Philomena Poole, Comhairle Contae Lú

Barry Quinlan, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Margaret Hayes, Leabharlanna agus Cartlann Phoiblí Chathair Bhaile Átha Cliath

Fionnuala Hanrahan, Leabharlann Chontae Loch Garman

Paul McSweeney, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Chris Gavigan, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Donal Singleton, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Annette Kelly, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

An Coiste d'Fhorbairt na Straitéise Leabharlainne Poiblí 2013-2017

Cathaoirleach:

Annette Kelly, an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil

Baill:

Paul Dunne, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

AnnMarie Farrelly, Comhairle Contae Fhine Gall

Anna Marie Delaney, Comhairle Contae Laoise

Bernadette Kinsella, Comhairle Contae an Chláir

John Breen, Comhairle Contae Chiarraí

Fionnuala Hanrahan, Leabharlann Chontae Loch Garman

Margaret Hayes, Leabharlanna agus Cartlann Phoiblí Chathair Bhaile Átha Cliath

AGUISÍN 8: TAGAIRTÍ

Leabharlanna Poiblí na hÉireann

An Grúpa Athbhreithnithe um Sheirbhís Leabharlainne Poiblí. *Tuarascáil, Eanáir 1987*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath, 1987.

An Chomhairle Leabharlann. *Branching Out: A New Public Library Service*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath, 1998.

An Chomhairle Leabharlann. *Branching Out: Future Directions*. Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath, 2008.

Rialtas na hÉireann

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil *Putting People First: Action Programme for Effective Local Government.* Oifig an tSoláthair: Baile Átha Cliath, 2012.

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*. 2010. http://www.ahg.gov.ie/en/20YearStrategyfortheIrishLanguage/Publications/20-Year%20Strategy%20-%20English%20version.pdf

Roinn an Taoisigh. *Clár an Rialtais 2011*. http://www.taoiseach.gov.ie/eng/Publications/Publications_Archive/Publications_2011/Programme_for_Government_2011.pdf

Ráiteas ón Taoiseach ag Cruinniú na Comhairle Eorpaí, Dáil Éireann, an 13 Márta 2013. http://bit.ly/XA3pI8

An Roinn Post, Fiontair agus Nuálaíochta. *Ráiteas Straitéise 2011-2014*. http://www.djei.ie/publications/corporate/2012/Statement_of_Strategy_2011-2014.pdf

An Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha. *Delivering a Connected Society - A National Broadband Plan for Ireland*. Lúnasa 2012. http://www.dcenr.gov.ie/Communications/Communications+Development/Next+Generation+Broadband/

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. *Our Sustainable Future: A Framework for Sustainable Development for Ireland*. http://www.environ.ie/en/Publications/Environment/Miscellaneous/FileDownLoad,30452,en.pdf

Staitisticí

An Chomhairle Leabharlann. *Public Library Authority Statistics Actuals 2001-2011*.

An Phríomh-Oifig Staidrimh. *An Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil ar Theaghlaigh, R4 2012*. http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/labourmarket/2012/qnhs_q42012.pdf

An Phríomh-Oifig Staidrimh. *Daonáireamh 2011*. www.cso.ie/census

An Phríomh-Oifig Staidrimh. *Population and Labour Force Projections, 2016-2046*.
http://www.cso.ie/en/newsandevents/pressreleases/2013pressreleases/pressreleasepopulationandlabourforceprojections2016-2046/

An Phríomh-Oifig Staidrimh. *Report on Census 2011: Profile 2 - Older and Younger*.
http://www.cso.ie/en/media/csoie/census/documents/census2011profile2/Profile2_Older_and_Younger_Entire_Document.pdf

An Phríomh-Oifig Staidrimh. *Survey on Income and Living Conditions 2010*.
http://www.socialjustice.ie/sites/default/files/file/Policy%20Issues/Poverty%20and%20Income%20Distribution/2012-03-27%20-%20SILC%20CSO.pdf

An Phríomh-Oifig Staidrimh.*Measuring Ireland's Progress 2011*.
http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/otherreleases/2011/measuringirelandsprogress2011.pdf

CIPFA. *Public Library Statistics 2012-13 Estimates and 2011-12 Actuals.*

Straitéisí Idirnáisiúnta Leabharlainne Poiblí

CyMAL. *Libraries Inspire. The Strategic Development Framework for Welsh Libraries 2012-16*.
http://wales.gov.uk/docs/drah/publications/111104librariesinspireen.pdf

Libraries NI. *Corporate Plan 2011-2015*. Meitheamh 2012.
http://www.ni-libraries.net/about-libraries-ni/plans-and-performance/corporate-plan/?assetdet307401=18620

Denmark Agency for Libraries and Media. *The Public Libraries in the Knowledge Society*.
http://www.kulturstyrelsen.dk/fileadmin/publikationer/publikationer_engelske/Reports/The_public_libraries_in_the_knowledge_society._Summary.pdf

An Aireacht Oideachais. *Finish Public Library Policy 2015: National Strategic Areas of Focus*. 2009.
http://www.minedu.fi/export/sites/default/OPM/Julkaisut/2009/liitteet/opm31.pdf

Aireacht Cultúir na hIorua. *Libraries: Knowledge Commons, Meeting Place and Cultural Arena in a Digital Age*. 2008-2009.
http://www.regjeringen.no/pages/2479579/PDFS/STM200820090023000EN_PDFS.pdf

Rialtas Áitiúil na Nua-Shéalainne. *Leabharlanna Poiblí na Nua-Shéalainne: A Strategic Framework 2012-2017*. Lúnasa 2012.
http://www.publiclibrariesofnewzealand.org.nz/article/bold-future-public-libraries

Leabharlann um Thaighde Leictreonach na Danmhairge (DEFF). *Libraries as a Catalyst for the Development of Denmark as an Innovative Society. DEFF Strategy 2012-2016 – Achoimre*.
http://www.deff.dk/fileadmin/user_upload/dokumenter/DEFF/om_deff/DEFF_Strategy_summary_-_Final_210312.pdf

Láithreáin ghréasáin agus foilseacháin eile

An Áisíneacht Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh. *Literacy in Ireland*.
http://www.nala.ie/literacy/literacy-in-ireland

Institiúid Folláine, Ollscoil Cambridge.
http://www.cambridgewellbeing.org/index.html

An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh. *Bheith i do Shaoránach Éireannach.*
http://www.citizensinformation.ie/en/moving_country/irish_citizenship/your_right_to_irish_citizenship.html

Ken Chad. "Change will be relentless". Nuashonrú an CILIP, Meán Fómhair 2012.
http://lglibtech.wikispaces.com/file/view/LMS_Change_will_be_relentless_CILIPUpdate_Sept2012.pdf/375600516/LMS_Change_will_be_relentless_CILIPUpdate_Sept2012.pdf

Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann.
http://www.ibec.ie/IBEC/Press/PressPublicationsdoclib3.nsf/vPages/Newsroom~recent-news?OpenDocument

Baincéirí Infheistíochta Goldman Sachas. *Focus on Growth Markets.*
http://www.goldmansachs.com/our-thinking/focus-on/growth-markets/index.html?cid=PS_01_25_07_99_01_08_02_CTA2

Fiontar Éireanna. *Launch of the Centre for Learning Innovation*. Meitheamh 2012.
http://www.enterprise-ireland.com/en/news/pressreleases/2012-press-releases/launch-of-the-centre-for-learning-innovation.html

The Information Daily.com. *Digital Public Library of America launches.* Aibreán 2013.
http://www.theinformationdaily.com/2013/04/22/digital-public-library-of-america-launches

Cumann Leabharlainne Mheiriceá. *Transforming Libraries*.
http://www.ala.org/transforminglibraries/

Cónaidhm Idirnáisiúnta na gCumann Leabharlainne (IFLA). *International Leaders Programme*.
http://www.ifla.org/strategic-plan/key-initiatives/international-leadership

Institiúid Chairte na nGairmithe Leabharlainne agus Faisnéise (CILIP). *Professional Knowledge and Skills Base (PKSB)*.
http://www.cilip.org.uk/jobs-careers/professional-knowledge-and-skills-base/Documents/Your%20Professional%20Knowledge%20and%20Skills%20Base.pdf

An Institiúid um Thaighde ar Bheartas Poiblí. *The Avalanche is Coming: Higher education and the revolution ahead*. Márta 2013.
http://www.ippr.org/images/media/files/publication/2013/04/avalanche-is-coming_Mar2013_10432.pdf

Iontaobhas Carnegie na Ra. *A New Chapter: Public library services in the 21st century.* Bealtaine 2012.
http://www.carnegieuktrust.org.uk/getattachment/b04629b2-aa09-4bd0-bc3a-9b9b04b7aba1/A-New-Chapter.aspx

Cullen, R. 2013. *Ireland's Vital Signs 2013: Extended Edition*. An Fhondúireacht Phobail d'Éirinn.
http://www.foundation.ie/images/uploads/file/reports/VitalSigns-Extended-Report.pdf

23 Things. http://plcmcl2-about.blogspot.ie

23 Mobile Things. http://23mobilethings.net/wpress/about/

ADIKAT Mobile Marketing. http://adikat.ie/en_IE/services/mobile-marketing/

OECD Report Programme for International Student Assessment (PISA). 2009

OECD (2012), *Let's Read Them a Story! The Parent Factor in Education,* PISA, OECD Publishing. *http://dx.doi.org/10.1787/9789264176232-en*

PIACC 2012 Survey Results for Ireland
http://www.cso.ie/en/media/csoie/releasespublications/documents/education/2012/piaac2012.pdf

An Dr Cree, A. et al. The Economic and Social Cost of Illiteracy: A Snapshot of Illiteracy in a Global Context. Fondúireacht Litearthachta an Domhain, Aibreán 2012
http://www.worldliteracyfoundation.org/The_Economic_&_Social_Cost_of_Illiteracy.pdf

AGUISÍN 9: BUÍOCHAS

Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Cumann na mBainisteoirí Cathrach agus Contae agus an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil thar a bheith buíoch díobh siúd go léir a d'oibrigh as lámh a chéile chun an straitéis leabharlainne poiblí 2013-2017, *Deiseanna do Chách: An leabharlann phoiblí mar chatalaíoch le haghaidh forbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha,* a sheachadadh.

Ba dheas linn buíochas a ghabháil leo, go háirithe, le Cathaoirleach agus le baill an Choiste Forbartha Leabharlann agus le Cathaoirleach agus le baill an Choiste na Straitéise Forbartha Leabharlann Poiblí as ucht na treorach agus na comhairle a fuaireamar ón tús i leith agus ucht a dtiomantais ó shin i leith.

Anuas air sin, ba dheas linn ár mbuíochas a ghlacadh le gach duine laistigh den tseirbhís leabharlainne poiblí, leis na Leabharlannaithe agus an fhoireann Leabharlainne Cathrach agus Contae a chuir leis an straitéis agus a d'fhreagair le díocas ar iarratais ar fhaisnéis, comhairle nó ar ábhar eile laistigh d'amscála gearr.

Tá buíochas tuillte, freisin, ag baill an phobail mhóir a bhí rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin, a rinne aighneachtaí agus a chomhlánaigh ceistneoirí.

Ar deireadh, is mian linn buíochas ar leith a ghabháil leis an méid a rinne an tUasal John Dolan, OBE, a d'oibrigh go dlúth le foireann Fhorbairt Leabharlann, an LGMA leis an straitéis seo a réiteach.